




Tuarascáil Bhliantúil

2017

GAILEARÁI
NÁISIÚNTA^{na}
hÉIREANN

NATIONAL
GALLERY_{of}
IRELAND





Tuarascáil Bhliantúil

—
2017





Is é ár misean aire a thabhairt don ealaín, í a léirmhíniú, a fhorbairt agus a chur os comhair an phobail ar bhealach ina mbeidh Gailearaí Náisiúnta na hÉireann ina áit iontach leis an ealaín a fheiceáil.

Tá sé mar aidhm againn eispéireas den scoth a chur ar fáil lena spreagtar suim san ealaín agus tuiscint ar an ealaín do gach uile dhuine.

Táimid tiomanta do dhaoine agus a gcuid ealaíne a thabhairt le chéile.



Clár na nÁbhar

Réamhrá	06
Réamhrá an Chathaoirligh	06
Athbhreithniú an Stiúrthóra	10
Sracfhéachaint ar an mBliain	14
Forbairt agus Tiomsú Airgid	20
Cairde Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann	26
Athoscailt an Ghailearaí, an 15 Meitheamh 2017	34
Bailiúcháin agus Taighde	51
Buaicphointí na Saothar Faighte	52
Taispeántais agus Foilseacháin	66
Caomhnú agus Grianghrafadóireacht	84
Leabharlann agus Cartlanna	90
Rannpháirtíocht Phoiblí	97
Oideachas	100
Eispéireas na gCuirteoirí	108
Rannpháirtíocht Dhigiteach	112
An Preas agus Cumarsáid	118
Seirbhísí Corparáideacha	123
An Roinn IT	126
An Roinn Acmhainní Daonna	128
Miondíol	130
Imeachtaí	132
An Roinn Íomhánna agus Ceadúnaithe	134
An Roinn Oibríochtaí	138
An Bord Gobharnóirí agus Caomhnóirí	140
Ráitis Airgeadais	143
Aguisíní	184
Aguisín 1 \ Saothair Fhaighte 2017	186
Aguisín 2 \ Iasachtaí 2017	196
Aguisín 3 \ Cóireálacha um chaomhnú 2017	199

Réamhrá an Chathaoirligh

Rinne an Gailearaí mórbheart chun tosaigh le hathoscailt, an 15 Meitheamh 2017, na sciathán stairiúil athchóirithe. Cuireadh an buanbhailiúchán i láthair i dtaispeántas croineolaíoch úr, i ndiaidh obair fairsinge caomhnaithe agus iarrachtaí lóistíochtúil chun gach gné den Ghailearaí agus dá bhailiúcháin a ullmhú don athoscailt. Dhá lá ina dhiaidh sin osclaíodh ceann de na taispeántais shealadacha is suntasaí i stair an Ghailearaí: **Vermeer and the Masters of Genre Painting: Inspiration and Rivalry.**



MICHAEL CUSH SC

— Cathaoirleach
Bhord Gobharnóirí
agus Caomhnóirí
Gailearaí Náisiúnta
na hÉireann.

**Thug
414,958
custaiméir**

CUAIRT AR SHIOPA AN
GHAILEARAÍ IN 2017:
MÉADÚ 50% AR 2016

**Thug
1,065,929
duine**

CUAIRT AR AN
GGAILEARAÍ IN 2017:
MÉADÚ 41% AR 2016

**1.5
milliún**

CUAIRT DHIGITEACH
(SUÍOMH GRÉASÁIN
AGUS NA MEÁIN
SHÓISIALTA) IN 2017

Sa dá imeacht sin, a bhí ar siúl thar dhá lá, léiríodh an tionchar a bhí ag an nGailearaí ar shamhlaíocht an phobail. Sonraíodh imeacht oifigiúil deiridh an Taoisigh, Enda Kenny, TD, leis an searmanas oscailte. In éineacht leis ar an ardán bhí an tAire Paschal Donohoe, TD, an tAire Heather Humphreys, TD, agus an Stiúrthóir i Seomra Shaw, agus mar aon le baill eile den rialtas, dhearbhaigh an Taoiseach a thiomantas do shaol cultúrtha beoga in Éirinn. Mhéadaigh Leo Varadkar, TD, a réamhtheachtaí mar Thaoiseach, an glao sin, a cuireadh fíis in iúl ina fhorógra ceannaireachta maidir leis an maoiniú do na healaíona a mhéadú faoi dhó. Rinneadh na chéad bhearta maidir leis an bhfíis sin a bhaint amach nuair a foilsíodh plean fadtéarmach bonneagair an rialtais i bhfómhar 2017. Cuimsíodh ann tiomantas gan fasach d'infheistíocht a dhéanamh i mbonneagar cultúrtha thar thréimhse deich mbliana, agus tá tuilleadh sonraí le fógairt in 2018. Leis sin tugtar deis don Ghailearaí dul ar aghaidh i dtreo chur i gcrích chéim dheiridh a Mháistirphlean Forbartha (MPF).

Tá an Bord buíoch as tacaíocht tiomanta na Roinne Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta, Oifig na nOibreacha Poiblí agus na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Le tréimhse fhada na tógála chun Sciatháin Dargan agus Bhaile an Mhuileann a nuachóiriú, chun an t-ionad fuinnimh a chruthú, agus chun clós inmheánach glan nua a tógáil, bhí comhar an-dlúth na gcomhghleacaithe sna ranna sin ar fad ag teastáil. Glacaimid an deis seo chun buíochas a ghabháil leis na hAirí faoi seach agus lena n-oifigigh.

Don Bhord, tá sé ina thosaíocht go leanfar ar aghaidh leis an dul chun cinn ar an MPF. Chuige sin choimisiúnaigh sé measúnú tionchair eacnamaíoch, beart riachtanach chun tairbhe poiblí tionscadal casta den sórt sin a léiriú i gcoinne a gcostas suntasach. Léiríodh tairbhí soiléire don tsochaí agus don gheilleagar agus don turasóireacht chultúrtha sa staidéar, a chuir an Bord isteach chuig an rialtas mar thaca lena chás maidir leis an MPF a chur i gcrích.

Rinneadh ullmhúcháin chúramacha lena chinntiú go bhféadfadh an Gailearaí gnáthoibríochtaí a atosú i ndiaidh tréimhse fhada cur isteach agus dúnta. Cuireadh é sin in iúl ar a lán bealaí. Glacadh isteach gasta de bhaill úra foirne chun oibríochtaí méadaithe a réachtáil agus feachtas earcaíochta iontach a chomhordaigh na hAcmhainní Daonna ina dhiaidh sin. Sheol an Gailearaí Clár Comhpháirtíochta Corparáidí chun caidreamh a fhorbairt leis na pobail ghnó, airgeadais agus dhlíthiúla. Cuireadh tús le clár taispeántas sealadach, a dáileadh i roinnt spásanna discrídeacha laistigh den Ghailearaí, le *Beyond Caravaggio* roimh taispeántas Vermeer, agus críochnaíodh é le taispeántas a bhí tiomanta do Frederic William Burton. Bhí na seónna mórscála sin ar siúl in éineacht le trí sheó sa Ghailearaí Priontála. I ndiaidh thaispeántas bliantúil Turner taispeánadh athfhionnadh d'ealaín Margaret Clarke agus taispeántas de shaothar Käthe Kollwitz. Bhí taispeántas bliantúil Dhuais Phortráide Hennessy ag gabháil leis na sraitheanna sin san fhómhar agus bhí taispeántais níos lú ag gabháil leo i ngailearaí roghnaithe amháin sa bhuanbhailiúchán. Lena chois sin, bhí sraith fhairsing imeachtaí oideachais agus poiblí tacaíthe ag an bhfoireann fáilteachais ann. Cuireadh eispéireas ár mórán cuairteoirí chun tosaigh a n-airde leo sin ar fad.

Leanann an Bord le béim a chur ar ardchaighdeán rialachais chorparáidigh mar phríomh-chomhpháirt in oibríochtaí uile an Ghailearaí. Le linn na bliana bhronn NSAI deimhniú SWIFT 3000 ar an nGailearaí, mar aitheantas ar an mbarr feabhais sa rialachas corparáideach. Rinne an Bord maoirseacht ar thabhairt isteach réidh an Chóid Chleachtais leasaithe chun Comhlachtaí Stáit a Rialú arna fhoilsiú ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i ndeireadh 2016. Cé go bhfuil an Bord ag



AN MILLIÚNÚ CUAIRTEOIR

- Joseph McCarthy, 9 mbliana d'aois, an milliúnú cuairteoir ar an gGailearaí, sa ghrianghraf anseo leis an Aire Josepha Madigan, TD agus Sean Rainbird.

“Scéal d’fhíor-rath is ea an gharsprioc shuntasach seo de mhilliún cuairteoir ag an gGailearaí Náisiúnta agus léiríonn sé tairbhe an chaipitil shuntasaigh agus tacaíocht leanúnach an Rialtais dár bhForáis Náisiúnta Chultúrtha. Tá sé ina fhianaise chomh maith ar obair thar barr Bhord agus fhoireann an Ghailearaí maidir le spás cultúrtha de sheasamh agus de cháil iontach idirnáisiúnta a chur ar fáil.”

AN TAIRE JOSEPHA MADIGAN, TD

a lánneart, is cúis mhór bhróin dóibh bás Stephen McKenna nach maireann i mí na Bealtaine a lua. Mar phéintéir iomráiteach, ainmní RHA ba ea Stephen McKenna a bhí ag fónamh ar an mBord den dara huair. Braithfidimid uainn a thiomantas láidir do ról na n-ealaíontóirí ar Bhord institiúide náisiúnta measúla.

Tá an Bord fórbhuíoch dá lán daoine aonair, ranna rialtais, corparáidí, fondúireachtaí agus institiúidí. Chuidigh agus thacaigh siad ar fad leis an gcuid mhór de ghníomhaíochtaí an Ghailearaí le linn 2017. Ba mhaith linn buíochas a ghabháil – agus comhghairdeas a dhéanamh – leis an Stiúrthóir agus leis an bhfoireann as bainistiú tionscadal an iliomad gníomhaíochtaí réamhoscailte agus na searmanas réamhoscailte lena leithéid de chinnteacht agus d’fhéinmhuinín. Fianaise ar an rath ba ea an méadú mór ar líon na gcuairteoirí, a lán dóibh a fuair amach faoi chastacht thréimhse shínithe na tógála ó scannán faisnéise iontach *Portrait of a Gallery* a rinne Wildfire Films do RTÉ. Ba mhaith linn buíochas a ghabháil chomh maith leis an dá aire do na healaíona a bhí in oifig le linn na bliana: An tAire Humphreys, TD, agus a réamhtheachtaí an tAire Josepha Madigan, TD. Ba mhaith leo dá luafainn ról a réamhtheachtaí mar Aire, Jimmy Deenihan, maidir le tacaíocht chomhsheasmhach a thabhairt don MPF an Ghailearaí. Tá ríméad orainn gurbh é ceann de chéad bhearta an Aire Madigan ina ról úr fáilte a chur roimh mhilliúnú cuairteoir na bliana chuig an nGailearaí i dtús mhí na Nollag 2017. Ar deireadh, ba mhaith liom buíochas a ghabháil le mo chomhghleacaithe ar an mBord, an Leas-Chathaoirleach Mary Keane, Cathaoirligh uile Choistí an Bhoird agus gach baill de Bhord Gobharnóirí agus Caomhnóirí Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann as a n-obair thiomanta agus dhochloíte thar cheann an fhorais iontach seo, foras a bhain a oiread sin amach le linn 2017.

Michael Cush SC

CATHAOIRLEACH

Athbhreithniú an Stiúrthóra

Coinneofar cuimhne ar 2017 ar feadh i bhfad. Bhí athoscailt Sciatháin athchóirithe Dargan agus Bhaile an Mhuileann ina ceiliúradh sona den ardmheas atá ar an nGailearaí agus ar a bhailiúcháin. D'fhreastail réimse éagsúil daoine ar an seoladh foirmiúil ar maidin agus bhí cruinniú neamhfhoirmiúil d'aon turas sa tráthnóna de chairde agus de chomhghleacaithe ó gach speictream de na healaíona agus den tsochaí. Bhí pubaill bhia agus cúisíní ar an réamhchúirt d'aíonna. Ar an taobh istigh, bhí léiriúcháin aníos ar siúl ar fud na ngailearaithe le linn an tráthnóna.

SEAN RAINBIRD

Stiúrthóir Ghailearaí /
Náisiúnta na hÉireann.



Beyond Caravaggio

VÓTÁILTE AN TAISPEÁNTAS
IS FEARR IN 2017 AG
LÉITHEOIRÍ THE IRISH
TIMES TICKET.

Tháinig Vermeer and the Masters of Genre Painting

SA DARACHÁIT
SA VÓTA MÓRÉILIMH
DON TAISPEÁNTAS
IS FEARR IN 2017

Gradam Múseam Eorpach na Bliana

CURTHA AR AN
NGEARRLIOSTA IN 2017

Ba é áilleacht Sheomra Shaw suíomh ghníomh poiblí deiridh an Taoisigh, Enda Kenny, TD, a bhí ag éirí as níos déanaí an mhaidin sin. In éineacht leis na hairí Paschal Donohoe, TD, agus Heather Humphreys, TD, agus réamhphleanáilte go paiteanta ag Michael Cush, SC, Cathaoirleach Bhord an Ghailearaí, admhaíonn sna hurlabhraí an méid a baineadh amach trí mhórchlár tógála an-chasta a choimeád trí chuid de na blianta ba dhúshlánaí, i ndiaidh an tobchliste, i stair is déanaí na hÉireann. Bhíomar ábalta cuidiú na dtrí phríomhmhaoinitheora a aithint, an Roinn Oidhreacht, Réigiúnach, Gnóthaí Tuaithe agus Gnóthaí Gaeltachta an tráth sin, Oifig na nOibreacha Poiblí agus an Gailearaí. Tugadh aitheasc ómóis don fhoireann deartha arna ceapadh ag Oifig na nOibreacha Poiblí ó Heneghan Peng, a chuir Máistirphlean Forbartha (MPF) an Ghailearaí le chéile in 2007. Tugadh aitheantas do John Paul Construction, agus don chuid mhór fochonaitheoirí ar an tionscadal, as an méid a chuir siad lena bpleananna uailmhianacha a thabhairt chun críche.

Suiteáladh dealbh álainn le Joseph Walsh, a choimisiúnaigh Oifig na nOibreacha Poiblí faoin Scéim Aon Faoín gCéad don Ealaín (Per Cent for Art scheme), sa Chlós nuathógtha agus ar dtugadh an moladh dó. Nascann an Clós Sciatháin Dargan agus Bhaile an Mhuileann. Tugadh aitheantas d'fhoireann an Ghailearaí as soiléireacht choincheapúil agus áilleacht a dtaispeántas úr, agus as an bhfáilte oscailte dár gcuariteoirí go léir ar an raon iontach imeachtaí poiblí agus oideachais. Ghabh Wildfire Film an tionscadal tógála thar thréimhse trí bliana, i gcoimisiún le RTÉ. Nuair a craoladh é ag deireadh mhí an Mheithimh, chuidigh ardfhigiúirí féachana leis na scéalta daonna, agus nochtadh castacht amach is amach tionscadail, a tháinig chun solais, ar feadh roinnt blianta, ar chúl na bhfógrán ar Chearnóg Mhuirfean, a chur in iúl.

Thosaigh an bhliain le diansaothrú chlár taispeántais shealadaigh an Ghailearaí. Dúnadh *Creating History: Stories of Ireland in Art*, príomhchion an Ghailearaí leis na himeachtaí lenár ceiliúradh Éirí Amach 1916, ag deireadh na bliana. Bhí *Beyond Caravaggio* ar siúl ina dhiaidh sin, seó lenar ceiliúradh an tionchar níos láidre ná mar is gnách a bhí ag Caravaggio ar ealaíontóirí a tháinig chun cinn níos déanaí, go háirithe mar a bailíodh go stairiúil sa Bhreatain agus in Éirinn. Tionscadal ar caitheamh a lán ama ar a bhforbairt ba ea *Vermeer and the Masters of Genre Painting*, ina raibh deich bpéintéireacht le Vermeer, trian beagnach dá aschur a tháinig slán, agus taispeánadh iad in éineacht le péintéireacht lena chomhaoisigh. Tacaithe go flaitiúil ag Zurich, taispeántas ba ea é sin inar léiríodh galántacht ghleoite na coimhlinte agus an mheasa a feidhmíodh ar an leibhéal is airde den chruthú ealaíonta le linn Ré Órga na hÍsiltíre. In *For the Love of Art*, le linn an fhómhair, rinneadh iniúchadh ar ghairm Frederic William Burton a bhfuil a shaothar *Hellelil and Hildebrand, the Meeting on the Turret Stairs*, 1864 (NGI.2358) fós ina rogha ilbhliantúil dár gcuariteoirí. Sa Ghailearaí Priontála, ba rath nach rabhthas ag súil leis athfhionnachtain péintéireachta agus saothar ar pháipéar le haghaidh taispeántas iardhearcach beacht de shaothar Margaret Clarke. Ina dhiaidh sin taispeánadh an déine ghruama i bpriontaí agus i líníochtaí le Käthe Kollwitz, an mór-ealaíontóir Gearmánach, seó lenar tugadh aitheantas dár n-aird ar an gcogadh domhanda céad bliain ó shin. Bogadh Duais Phortráide Hennessy go dtí gailearaí mezzanine Sciathán Dargan ina raibh dhá oiread na saothar a léiríodh i dtaispeántais gradaim na mblianta roimhe sin. Le rath na dtaispeántas sin, mar aon le hathdhearadh Shiopa an Ghailearaí, cuireadh díolacháin ansin chun cinn go mór.

Ghabh clár éagsúil agus beoga d'imeachtaí poiblí agus oideachais le héagsúlacht i gclár na dtaispeántas – seónna measctha agus aonair agus níos mó ealaíontóirí nua-aimseartha ó Éirinn agus níos faide i gcéin. Ag feidhmiú thar chanbhás níos leithne i ndiaidh na hathoscailte, leanann an Gailearaí le breathnú ar a ról poiblí

mar áit ina dtarlaíonn a lán rudaí speisialta. Bhí an chéad tionscadal le Compántas Damhsa Liz Roche, a léirigh saothar damhsa a thaistil idir Seomra Shaw agus an Mórghailearaí. Le linn thaispeántas Vermeer, d'oibrigh roinnt ealaíontóirí ar a dtacais ag gabháil ceoltóirí ag seinm uirlisí comhchosúil leis na cinn a bhí le feiceáil ar taispeántas. Le linn choicís dheireanach an taispeántais, rinne triúr ealaíontóirí comhaimseartha Brian Fay, Dragana Jurišić agus Maser, gnéithe Vermeer a athshamlú agus thaispeáin siad a gcuid saothair i Stiúideo Sciathán na Mílaoise, rud a mheall os cionn 13,000 cuairteoir, Bhain na mílte cuairteoir sult as clár iomlán léachtaí agus cainteanna faoinár dtaispeántais agus taispeántí, agus chláraigh os cionn 100,000 díobh le haghaidh cainteanna agus imeachtaí oideachais faoi leith. Le seoladh brandála úir, suímh ghréasáin úir, méadú suntasach inár mballraíocht Cairde agus láithreach meán sóisialta an-ghníomhach, bhí an Gailearaí ábalta a mhaíomh go dlisteanach gur tugadh aird lárnach don chuairteoir le linn 2017.

I measc na mbealaí úra a d'oscail don Ghailearaí in 2017 bhí atosú na gcistí ón rialtas do cheannach saothar. Áiríodh ar réimse na saothar a ceannaíodh roinnt tairiscintí rathúla ag ceant. Tá príomhbhéim ár mbailiúchán saothar fós ar shaothair agus ábhair Éireannacha; cuirtear dhá uiscadh ó 1955 (NGI.2017.38 agus NGI.2017.39), le Raymond McGrath, ó Acaill, i gcuideachta lena lán tírdhreach eile d'iarthar na hÉireann. Chuir sliochtach de chuid Erskine Nicol sceitse mionsonraithe uiscadhtha (NGI.2017.32) i láthair dá olaphictiúr *Donnybrook Fair*, príomhábhar Éireannach atá ar taispeánt, ach mar iasacht fhadtéarmach ón Tate. Le staidéar criáin dheirg Guercino den Leanbh Íosa, c.1627 (NGI.2017.14), neartaítear ár léiriú d'ealaíontóir a bhfuil an-mheas ag an Sir Denis Mahon air, a leanaimid dá chartlann fhairsing a phróiseáil agus a chatalógú, le tacaíocht ó Iontaobhas Mahon. Ag admháil ról an Ghailearaí mar phríomhbhailiúchán saothar ar pháipéar an Stáit, shealbhaíomar Punanna bliantúla Urraitheoirí Stiúideo Grafaicí Bhaile Átha Cliath a rinneadh idir 2010 agus 2015 (NGI.2017.18-NGI.2017.23).

Ag teacht leis an aird leanúnach a thugtar do dheich mbliana ceiliúrtha, déanann ceannach olaphictiúr beag Estella Frances Solomon, *On Parole*, 1920 (NGI.2017.24) tagairt don teach tearmainn a thairg sí do phríosúnaigh a rabhthas tar éis iad a scaoileadh amach le linn na tréimhse suaite thart ar bhunú an Stáit. Toisc gur scríosach a lán saothar comhchosúil níos déanaí, sonraíonn sé seo doiciméad comhaimseartha annamh ó na hamanna achrannacha sin. I gcodarsnacht leis sin, is radharc éilísiam de bhean i ngairdín é *The Startled Bird*, 1961 (NGI.2017.9) le Norah McGuinness. I ndiaidh dúinn athbhreithniú a dhéanamh ar bheartas saothar faighte an Ghailearaí chun an méid atá bainte amach ealaíontóirí an lae inniu le déanaí a léiriú ar bhealach níos fearr, shealbhaíomar canbhás mór Barrie Cooke ó 2005, *Big Hot Tub* (NGI.2017.16). Rinneadh coimisiún portráide Vera Klute ina léirítear Garry Hynes (NGI.2017.1) a réadú go cruthaitheach i dteaghlaim an-neamhghnách de choinceit agus de phoirceallán. Cé go raibh portráid Gerry Davis de Henry Shefflin (NGI.2017.15) á taispeánt sna meáin níos traidisiúnta, shonraigh sé an chéad uair ar cuimsíodh fear spóirt ó CLG i mbailiúchán náisiúnta portráidí. Rogha eile is ansa den bhliain ba ea portráid Gareth Reid de Graham Norton (NGI.2017.7), arbh toradh é ar Ghradam Portráidí Sky. Scannánaigh Sky gach cuid den phróiseas ó na suíonna go dtí nochtadh an Ghailearaí sular bronnadh an phéintéireacht ar an nGailearaí. Bhí an saothar ar cheann de na cártaí poist is mó díol i Siopa an Ghailearaí láithreach.

Leis na gníomhaíochtaí agus na saothair fhaighte sin léirítear go raibh an Gailearaí ag filleadh ar ghnáthoibríochtaí arís. Leanadh leis an gcaomhnú ag ullmhú saothar lena dtabhairt ar iasacht d'fhorais eile, chomh maith le tionscadal um chaomhnú a dhéanamh ar phríomhshaothair an Ghailearaí, amhail sraith na péintéireachta

Maoiniú €300, 000

FAIGHTE Ó ÉIRE
CHRUTHAITHEACH LE
HAGHAIDH FOINSE:
*STORIES OF ART IN
IRELAND*, TIONSCADAL
DIGITITHE UM
CHARTLANN EALAÍON
ÉIREANNACH

D'fhreastail os cionn 100,000 duine

AR CHAINTENNA
AGUS IMEACHTAÍ
OIDEACHAIS

Páirtithe Corpa- ráideacha

SEOLADH AN CHLÁIR
ÚIR MAIDIR LE
COMHPHÁIRTÍOCHT
CHORPARÁIDEACH I
MÍ NA SAMHNA 2017;
FÓGRAÍODH SMBC
AVIATION CAPITAL MAR
AN CHÉAD PHÁIRTÍ
CORPARÁIDEACH

ar ábhair an mhic dhrabhlásaigh le Murillo. Chun tacú leis an gcláreagrú laethúil, a oiread le tionscadail aonair amhail taispeántais, tionscnaimh um chaomhnú nó tionscnaimh oideachais, sheol foireann Forbartha an Ghailearaí scéim maidir le Comhpháirtíocht Chorporáideach. Faoi dheireadh na bliana, ghlac ocht pháirtí páirt sa chlár, agus rinne siad tiomantais ilbhliantúla don Ghailearaí agus bhain siad sochair amach dá bhfoireann agus dá gcliaint mar mhalairt air sin. Beidh a rannpháirtíocht inár dtodhchaí ríthábhachtach maidir leis an leibhéal uailmhéine a bhaineamar amach in 2017 a choimeád.

“Bhí a lán daoine i mbun oibre le linn 2017 chun a leithéid de bhliain speisialta d’athoscailt agus de thaispeántais, taispeántí agus imeachtaí iontacha a chruthú.”

Ag druidim le deireadh na bliana dhíriomar ar an nGailearaí a ullmhú do na gardhúshláin a bhaineann leis an obair leanúnach ar chéim dheiridh an MPF. Agus an cur chuige á ghlacadh gur cheart don Ghailearaí leas a bhaint as Céim 1-3 den MPF, tá sé moltaí ag an mBord agus ag an bhFeidhmeannach dár bpáirtithe leasmhara go léir gur sprioc ar fiú féachaint léi is ea máistirphlean amháin a chur i gcrích sa réimse cultúrtha. Dearbhaíodh rath follasach athoscailt an Ghailearaí nuair a thug Josepha Madigan, TD, ár nAire úr do na hEalaíona, fáilte roimh an milliúnú cuairteoir ar an nGailearaí i dtús mhí na Nollag. Thug an luach do shochaí na hÉireann, agus don turasóireacht chultúrtha mar an gcéanna, móiminteam don Aire chun pleananna rialtais a chur chun cinn maidir le tuilleadh infheistíochta i mbonneagar cultúrtha a rith an Dáil san fhómhar.

Ar bhonn uilechoiteann, ó ghníomhaíochtaí Chairde Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann, go dtí ár n-oibríochtaí sa siopa agus sa chaifé, go dtí na foilseacháin arna gcur chun cinn ag an nGailearaí, go dtí na gníomhaíochtaí riachtanacha Airgeadais, Acmhainní Daonna agus TF i seirbhísí corparáideacha, go dtí tiomantas iomlán ár lín de bhaill foirne fáilteachais atá ag méadú – slándáil, eispéireas an chuairoteora, oibríochtaí, saorálaithe, treoraithe, oideachas – go dtí an chuid mhór speisialtóirí a thugann aire don bhailiúchán, a chruthaíonn taispeántais, a réadaíonn tionscadail agus a thugann faoi thaighde, bhainistigh an Gailearaí athoscailt na sciathán athchóirithe le stíl agus tiomantas iontach. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leo go léir as a dtacaíocht agus a gcuidiú don mhéid a bhaineamar amach le chéile. Bhí tacaíocht agus rannpháirtíocht an Bhoird Gobharnóirí agus Caomhnóirí ríthábhachtach dár rath agus tugaim buíochas dóibhsean fosta. Admhaíonn an Bord agus an Stiúrthóir tacaíocht leanúnach na Roinne Cultúrtha, Oidhreacht agus Gaeltachta, go háirithe tacaíocht na nAirí Heather Humphreys, TD, agus Josepha Madigan, TD, agus a n-oifigeach.

Bhí a lán daoine i mbun oibre le linn 2017 chun a leithéid de bhliain speisialta d’athoscailt agus de thaispeántais, taispeántí agus imeachtaí iontacha a chruthú. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le mo chomhghleacaithe as an obair leanúnach a dhéanann siad lena ndéantar foras cultúrtha beoga, mealltach agus dodhearmadta den Ghailearaí.

Sean Rainbird

STIÚRTHÓIR

Sracfhéachaint ar an mBliain

2017





1. Eanáir

- \\ Cuireadh tús le hathchrochadh an bhailiúcháin.

2. Feabhra

- \\ Suiteáladh portráid Joshua Reynolds de Chlann Temple sa Mhórghailearaí.

3. An 15 Márta

- \\ Gareth Reid's portrait of Graham Norton unveiled.

4. An 24 Márta

- \\ Croitheadh an bailiúchán Éireannach Sciathán Bhaile an Mhuileann Íochtarach.

5. An 28 Márta

- \\ Bhí an t-athchrochadh sa Mhórghailearaí beagnach déanta.

6. An 3 Aibreán

- \\ Nochtadh portráid Vera Klute de Garry Hynes, stiúrthóir amharclainne agus comhbhunaitheoir Druid. Coimisiúnaithe mar chuid de Dhuais Phortráide Hennessy 2015.





7. AN 4 BEALTAINÉ

- ↘ Fuaimeanna áille ó cheolchoirm Ceol-Acadamh Ríoga na hÉireann a bhí spreagtha ag *Beyond Caravaggio*.




8. AN 10 BEALTAINÉ

- ↘ An chéad taispeáint den chlár faisnéise *Vermeer: Beyond Time* ag Light House Cinema, Baile Átha Cliath. Ar siúl ag an am céanna le taispeántas *Vermeer and the Masters of Genre Painting*, comhléiriú a bhí sa scannán idir Production (Páras), Soho Moon Pictures (Baile Átha Cliath), Arté France agus Louvre, agus bhí sé stiúrtha ag Jean-Pierre Cottet, agus léirithe ag James Mitchell.

9. AN 1 MEITHEAMH

- ↘ Nochtadh *Magnus Modus* by Joseph Walsh sa Chlós úr. Arna choimisiúnú ag Oifig na nOibreacha Poiblí thar ceann an Ghailearaí faoin Scéim Aon Faoin gCéad don Ealaín (Per Cent for Art scheme).



10. AN 12 MEITHEAMH

- ↘ Nochtadh portráid Gerry Davis de Henry Shefflin. Arna choimisiúnú mar chuid de Dhuais Phortráide Hennessy 2016.

11. AN 15 MEITHEAMH

- ↘ Athosclaíodh an Gailearaí don phobal.

12. AN 16 MEITHEAMH

- ↘ Osclaíodh *Vermeer and the Masters of Genre Painting: Inspiration and Rivalry*; Coimeadaí Adriaan E. Waiboer le Frank McGuinness.

13. AN 26 IÚIL

- ↘ Seoladh connectvermeer.org.


14. AN 28 LÚNASA

- ↘ Osclaíodh *After Vermeer* i Stiúideo Sciathán na Mílaoise: chruthaigh Dragana Jurišić, Brian Fay agus Maser saothar úr mar fhreagairt ar thaispeántas Vermeer.



15. AN 12 MEÁN FÓMHAIR

- ↘ Tugann an Taoiseach, Leo Varadkar, TD, a chéad chuairt oifigiúil ar an nGailearaí.



**16. AN 14 MEÁN FÓMHAIR**

- \\ Ba í Helma Lynam an 100,000ú cuairteoir ar thaispeántas Vermeer.

17. AN 14 MEÁN FÓMHAIR

- \\ D'fhreastail os cionn 20,000 duine ar chlár imeachtaí an oideachais le haghaidh thaispeántas Vermeer.

18. AN 20 DEIREADH FÓMHAIR

- \\ Shroich grianghraf de staighre Sciathán na Mílaoise a bhí maisithe le *Meeting on the Turret Stairs* le Burton 532,000 duine ar fud chainéil mheáin shóisialta an Ghailearaí.

19. AN 16 NOLLAIG

- \\ Ba é Joseph McCarthy, 9 mbliana d'aois ó Lusca, an milliúnú cuairteoir in 2017. Labhair sé leis an Aire Josepha Madigan, TD, faoin bpéintéireacht b'ansa leis.



Forbairt agus Tiomsú Airgid

Mar gheall ar fhlaithiúlacht deontóirí príobháideacha agus corparáideacha, comhpháirtithe, lucht tacaíochta, Cairde agus Pátrún a raibh ról ríthábhachtach acu i saol an Ghailearaí bhíothas ábalta tabhairt faoina lán den obair a rinne foireann den scoth an Ghailearaí de staraithe ealaíne, speisialtóirí oideachais agus caomhnóirí. De dheasca a bhflaithiúlachta is féidir leis an nGhailearaí taispeántais agus cláir iontacha a thabhairt go Baile Átha Cliath, an buanbhailiúchán a fhorbairt agus an obair a dhéantar san oideachas agus sa chaomhnú a mhéadú.



SMBC AVIATION CAPITAL

- ✍ An chéad dream a chláraigh le haghaidh an Chláir maidir le Comhpháirtíocht Chorporáideach a athsheoladh as an nua. Sa phictiúr anseo: Peter Barrett, POF, SMBC Aviation Capital, agus Sean Rainbird, Stiúrthóir, Gailearaí Náisiúnta na hÉireann.

Chuir 100,000

CUAIRTEOIRÍ FÁIL
ROIMH THAISPEÁNTAS
VERMEER AND THE
MASTERS OF GENRE
PAINTING

Ceithre Bliana

DE CHOMÓRTAS DHUAIS
PHORTRAÍDE HENNESSY

Cuireadh Marriage of Strongbow & Aoife

AR AIS AR AN MBALLA
INDIAIDH TIONSCADAL
CASTA CAOMHANTAIS
AGUS TAIGHDE
A BHÍ TACAITHE AG
BANK OF AMERICA
MERRILL LYNCH

Zurich Insurance

Thug Zurich Insurance urraitheoir i gcomhair chéad mhórhaispeántas an Ghailearaí a bhí ar siúl sna sciatháin stairiúla athoscailte. Chuir *Vermeer and the Masters of Genre Painting* fáilte roimh os cionn 100,000 cuairteoir agus fuarthas moladh mór forleathan ina leith.

An Clár maidir le Comhpháirtíocht Chorparáideach

Athsheoladh Clár maidir le Comhpháirtíocht Chorparáideach an Ghailearaí in 2017. Tá comhpháirtíocht leis an nGailearaí ar cheann de na deiseanna is iomráití do chuideachtaí lena dtacaíocht do na healaíona in Éirinn a léiriú. In 2017 cuireadh fáilte ar bord roimh SMBC Aviation Capital, Ryanair agus Maples and Calder mar chomhpháirtithe corparáideacha úra, ag dul i gcomhar le BSL, Focal Media and Zurich Insurance, ar comhpháirtithe fadtéarmacha iad leis an nGailearaí.

The Fidelity Foundation agus Focal Media

Chuir The Fidelity Foundation agus Focal Media tacaíocht airgeadais agus trealamh ar fáil ionas go mbeadh an Gailearaí ábalta a thaispeántais closamhairc a uasghrádú agus feabhas mór a chur ar eispéireas an chuairoteora.

Sarasin & Partners

Chláraigh Sarasin & Partners le haghaidh urraitheoir cúig bliana de thaispeántas bliantúil J.M.W. Turner de chuid an Ghailearaí a bhíonn ar siúl gach mí Eanáir.

Hennessy

Thug Hennessy urraitheoir i gcomhair chomórtas bliantúil na Duaise Portráide don cheathrú bliain as a chéile.

Bank of America Merrill Lynch

Trína dTionscadal um Chaomhnú na hEalaíne, thug Bank of America Merrill Lynch tacaíocht fhlaithiúil i gcomhair cóireáil chasta chaomhantais *Marriage of Strongbow and Aoife*, le Daniel Maclise c.1854 (NGI.205). I mí an Mheithimh, shroich an tionscadal buaicphointe nuair a cuireadh an phéintéireacht ar ais ar bhalla Sheomra Shaw.

DUAIS PHORTRÁIDE HENNESSY 2017

D'fhreastail na healaíontóirí a
cuireadh ar an ngearrliosta le haghaidh
Dhuais Phortráide Hennessy 2017
ar réamhléirú den taispeántas.



ZURICH INSURANCE

- Ag féachaint speisialta de *Vermeer and the Masters of Genre Painting: Inspiration and Rivalry*, tacaíthe le bród ag Zurich, bhí (c-d): Adriaan E. Waiboer, Ceann na mBailiúchán agus an Taighde; Patrick Manley, CEO Zurich; Sean Rainbird, Stiúrthóir; agus Arthur K. Wheelock Jr, an Gailearaí Náisiúnta Ealaíon, Washington D.C.

“Mar chuid dár dtiomantas leanúnach do na healaíona agus don chultúr, tá ríméad ar Zurich a bheith ina Chomhpháirtí Tionscadail don taispeántas uathúil seo. Tá sé thar na bearta go bhfuil beagnach trian d’aschur shaol iomlán Vermeer ar taispeáint ag Gailearaí Náisiúnta na hÉireann.”

PATRICK MANLEY, *POF Zurich Insurance plc*

“D’éirigh go fíormhaith linn lenár gcomhoibriú leis an nGailearaí.”

BRIAN HUNT, *Ceann na nGnóthaí Rialála agus Ceann na nGnóthaí Rialtais agus Tionscail, Éire, Zurich Insurance plc*

“Is comhpháirtíocht úr spreagúil é seo do SMBC Aviation Capital agus tá súil againn go mbainfidh ár gcomhghleacaithe agus ár gcliaint sult as an dlúthchaidreamh seo le príomhfhoras ealaíon na hÉireann.”

PETER BARRETT, *POF, SMBC Aviation Capital*

“Spreagann agus múineann forais ealaíon, fónann siad mar chrainn taca dá bpobail, cruthaíonn siad poist agus cuidíonn siad le gnólachtaí áitiúla déanamh go maith. Tá sé tábhachtach go dtacaímid leo maidir lenár gcuspóir cuidiú lenár gcustaiméirí agus leis an ngeilleagar déanamh go maith.”

BRIAN T. MOYNIHAN, *Príomhoifigeach Feidhmiúcháin Bank of America Merrill Lynch*



BANK OF AMERICA MERRILL LYNCH

- \\ Peter Keegan, Feidhmeannach Tíre d'Éirinn, Bank of America Merrill Lynch, ag réamhléiriú de *The Marriage of Strongbow and Aoife* le Daniel Maclise i Seomra Shaw, i ndiaidh tionscadal caomhantais agus taighde arna mhaoiniú ag Tionscadal um Chaomhnú na hEalaíne de chuid Bank of America Merrill Lynch.

Ár mbuíochas lenár nDeontóirí go léir a thacaigh le hobair an Ghailearaí i mbliana.

- \\ ESB
- \\ Fidelity Foundation
- \\ Focal Media
- \\ Hennessy
- \\ Maples and Calder
- \\ Ryanair
- \\ Sarasin & Partners
- \\ SMBC Aviation Capital
- \\ Zurich Insurance plc
- \\ Apollo Foundation
- \\ H.W. Wilson Foundation
- \\ Iontaobhas Carthanachta Sir Denis Mahon
- \\ Brian agus Susan Dickie
- \\ An Dr Owen Lloyd
- \\ Anthony J. Mourek
- \\ Norma Smurfit
- \\ John McNamee Sullivan
- \\ Nuala Wall
- \\ Denise Whelan
- \\ Peter Woods
- \\ daoine eile nach mian leo a n-ainm a thabhairt.

Cairde de chuid Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann

Tairgeann clár ballraíochta Chairde an Ghailearaí deis do chuairteoirí a bheith ina gcuid de rud saibhriúcháin agus iontach, chomh maith leis an eolas go dtacaíonn a mballraíocht le hobair an Ghailearaí. In 2017, bhí beagnach dhá oiread de lucht féachana/éisteachta de Chairde an Ghailearaí ann agus chláraigh líon suntasach ball úr le haghaidh na dturas fáilte.



CEANNACHÁIN ÚRA

✓ *Crayfish* le Anne Yeats
(NGI.2017.43) © Eastát
Anne Yeats, IVARO Baile
Átha Cliath, 2018



2,842

BALL I GCAIRDE
IN 2017

54

PÁTRÚN DE CHUID
D'EALAÍN ÉIREANNACH
IN 2017Crayfish
le Anne
YeatsCEANNAITHE A
BHUÍOCH LE CAIRDE
GHAILEARAÍ NÁISIÚNTA
NA HÉIREANN

Le méadú chlár na dtaispeántas, chomh maith le hathchóiriú agus athoscailte na sciathán stairiúil, bhain na Cairde leas as clár feabhsaithe gníomhaíochtaí agus tionscnamh úr. Sa chlár *Hear it here first* de réamhléachtaí coimeádaithe, agus turais sa chúla de thaispeántais úra, tugadh léargas eisiach do na Cairde maidir leis an bpróiseas coimeádaíochta a bhí taobh thiar de thaispeántais Caravaggio, Clarke, Vermeer agus Orpen.

Príomhthairbe a bhaineann le ballraíocht is ea cead isteach saor in aisce chuig gach taispeántas, agus réamhléirithe eisiach sula n-osclaíonn na taispeántais. Bhain na Cairde sult as réamhléirithe de *Beyond Caravaggio*, *Vermeer and the Masters of Genre Painting: Inspiration and Rivalry* agus *Frederic William Burton: For the Love of Art* chomh maith le turais réamhbhreathnaithe sa chúla ar sciatháin stairiúla athchóirithe an Ghailearaí sular osclaíodh na doirse don phobal.

Chruthaigh comhoibrithe agus comhpháirtíochta úra deiseanna iontacha chomh maith d'imeachtaí na gCairde lena n-áirítear léirithe scannán i gcomhpháirtíocht le Access Cinema, agus ceadal ceoil le Simone Vallerotonda, rud a chomhlánaigh taispeántas *Beyond Caravaggio*, i gcomhoibriú le hInstitiúid Chultúrtha na hIodáile, Baile Átha Cliath. Bhain na Cairde sult as féasta Dickensian – dinnéar Nollag téamúil agus ceolchoirm ina dhiaidh sin de charúil Vichteoiriacha Nollag i Seomra Shaw, agus pianó le Catherine Fitzgerald, agus carúil le Cantando Chamber Choir.

Chomh maith le turais siúil agus turais lae thart ar Bhaile Átha Cliath agus ar Éirinn, bhí an deis ag na Cairde chomh maith fanacht thar oíche i dTuaisceart Éireann, i gConamara agus sa Ghearmáin. Ar an turas *Poetry and Ports*, bhreathnaigh na Cairde thart ar sheoda Thuaisceart Éireann lena n-áirítear Baile Seamus Heaney, Músaem Uladh agus Teampall Chróine. Mar chuid de *Burton's Connemara*, stiúir an coimeádaí taispeántas Marie Burke na Cairde ar thuras cultúrtha agus stairiúil ar Chonamara, a bhí spreagtha ag saothar Frederic William Burton. Ag dúil le taispeántas 2018 *Emil Nolde: Colour is Life*, thug baill cuairt ar *Degenerate Art in Munich* chun breathnú thart ar Murnau, baile Gabriele Münter agus Kandinsky; Eagle's Nest (Kehlsteinhaus); Neuschwanstein Castle, áit ar coinníodh saothair ealaíne chreachta i bhfolach le linn an Dara Cogadh Domhanda; láithreán cuimhneacháin champa géibhinn Dachau; Pinakothek der Moderne agus an Lenbachhaus.

Chuir na Cairde leis an mbailiúchán náisiúnta ealaíne chomh maith. Ceannaíodh *Crayfish* (NGI.2017.43) le Anne Yeats le ciste ginearálta na mball, agus bhí sé ina bheis fháilteach leis an mbailiúchán saothar a rinne banealaíontóirí na hÉireann.

TURAS FÁILTE NA GCAIRDE

- Na Cairde ag baint sult as turais fáilte do bhaill úra.






**MARGARET CLARKE:
AN INDEPENDENT
SPIRIT**

- Thaigh na Cairde leis an taispeántas sin.



**TURAS
RÉAMHBHREATHNAITHE
AR NA SCIATHÁIN
STAIRIÚLA**

- Turais eisiacha do na Cairde roimh athoscailt an fhoirgnimh don phobal.





“Le méadú chlár na dtaispeántas, chomh maith le hathchóiriú agus athoscailte na sciathán stairiúil, Bhain na Cairde leas as clár feabhsaithe gníomhaíochtaí agus tionscnamh úr.”



COURTYARD ENCOUNTERS

- \\ In *Courtyard Encounters*, imeacht turgnamh tráthnóna de cheol agus de chainteanna neamhfhoirmiúla a rinne foireann an Ghailearaí, tugadh deis do bhaill eolas sa chúlra a fháil faoi athchóiriú an Ghailearaí, agus bhí ceol á seinm ag Ceara Conway agus Silken Same.



SAOTHAIR FHAIGHTE

- A bhuíoch le Pátrúin na hEalaíne Éireannaí, cheannaigh an Gailearaí *Portrait of Elizabeth Corbet* 'Lolly' Yeats le John Butler Yeats (NGI.2017.45). Tá portráidí á sealbhú anois ag an nGailearaí de cheathrar páistí Yeats a rinne a n-athair. Ceannaíodh *Seated Woman* le Colin Middleton (NGI.2017.35) tríd an gciste sin chomh maith.





Pátrúin na hEalaíne Éireannaí

Bhain Pátrúin na hEalaíne Éireannaí sult as tairbhí ar fad na gCairde in 2017, leis na himeachtaí breise eisiacha lena n-áirítear tionscnamh úr de thurais phríobháideach faoi threoir coimeádaí de *Beyond Caravaggio*, *Vermeer and the Masters of Genre Painting*, *Käthe Kollwitz* agus *For the Love of Art*, sular osclaíodh iad don phobal. I mí an Mhárta, bhain na Pátrúin sult as turais phríobháideacha ar na sciatháin stairiúla, inar dtugadh sracfhéachaint sa chúlra dóibh ar ullmhúcháin an fhoirgnimh agus taispeántas an bhuanbhailiúcháin roimh an athoscailte i mí an Mheithimh.

TURAS NA BPÁTRÚN

- \\ Turas réamhbhreathnaithe príobháideach ar na sciatháin athchóirithe do Phátrúin na hEalaíne Éireannaí, leis an Stiúrthóir agus na coimeádaithe.


An Athoscailt, an 15 Meitheamh 2017

Tá sraith foirgneamh stairiúil lonnaithe i gGailearaí Náisiúnta na hÉireann ar Chearnóg Mhuirfean a tógadh thar thréimhse 150 bliain agus ar a ndearnadh athchóirithe tréimhsiúla. Idir 2011 agus 2017, rinne Seirbhísí Bainistíochta Tionscadal Oifig na nOibreacha Poiblí tionscadal athchóirithe de na milliúin euro ar Sciathán Dargan agus Sciathán Bhaile an Mhuileann, leis na hailtirí Heneghan Peng.



Roimh an athrú ó bhonn

Chomh maith le déanamh an dá fhoirgneamh stairiúla a dheisiú agus a athchóiriú, ba é príomhchuid an tionscadail tógáil an ionaid fuinnimh úrscothaigh chun córais ríthábhachtacha aeráid, téimh, coisc tine agus soilsithe a choinneáil ann. Chómhaoinigh an Roinn Ealaíon, Oidhreacht, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta an tráth sin, Gailearaí Náisiúnta na hÉireann, agus Oifig na nOibreacha Poiblí an tionscadal.



ATHRÚ Ó BHONN AR SIÚL

- Réamhchúirt Chearnóg Mhuirfean, an Mórghailearaí, Seomraí Éireannacha Bhaile an Mhuileann Íochtarach agus spás an Chlóis idir Sciathán Dargan agus Sciathán Bhaile an Mhuileann in 2014.

Indiaidh an athruithe ó bhonn

Nochtadh bunghnéithe agus spásanna ailtreachta ón naoú haois déag, agus tá fuinneoga maorga ar oscailt anois amach ar chlós spásúil geal, atá cruthaithe san fholúntas idir an dá sciathán. Leis an gclós úr seo cuirtear feabhas an-suntasach ar threoshuíomh na gcuairteoirí, agus is é an áit a bhfuil an dealbh úr *Magnus Modus*, le Joseph Walsh chomh maith, a choimisiúnaigh Oifig na nOibreacha Poiblí, thar ceann an Ghailearaí, faoin Scéim Aon Faoin gCéad don Ealaín.




ATHOSCAILT

- An Mórghailearaí, Seomraí Éireannacha Bhaile an Mhuileann Íochtarach, an Clós idir Sciatháin Dargan agus Bhaile an Mhuileann agus Réamhchúirt Chearnóg Mhuirfean i mí an Mheithimh 2017.







ATHCHROCHADH

\\ Bhí athchrochadh an bhuanbhailiúcháin ar siúl.

Cur i láthair úr den bhuanbhailiúchán

Leis an athchóiriú tugadh deis do na coimeádaithe athmhachnamh a dhéanamh ar an dóigh a gcuireann siad an bailiúchán i láthair. Agus fonn orthu léargas a thabhairt do na cuairteoirí ar na naisc idir ealaíontóirí atá deighilte ón taobh geografach de, d'éirigh siad as an chuid is mó den seandóigh a chroch na 'scoileanna' mar a thugtar orthu péintéireacht. Cuirtear an buanbhailiúchán i láthair anois go croineolaíoch, agus laistigh den chroineolaíocht sin tá cuid den phéintéireacht crochta ar bhonn téamach. Is féidir leis sin comparáid thuisceanach a dhéanamh ar stíleanna agus ábhair ó gach cearn den Eoraip le linn tréimhse faoi leith. Tá bailiúchán na hÉireann ina eisceacht bheag, agus formhór phéintéireacht agus dhealbhóireacht na hÉireann á thaispeáint ar urlár talún Sciatháin Dargan agus Bhaile an Mhuileann.

“Léiríonn an tionscadal críochnaithe seo an t-athchóiriú aonair is mó ar an nGailearaí Náisiúnta ó osclaíodh a dhoirse in 1864. Is féidir leis an nGailearaí Náisiúnta a áit a ghlacadh anois i measc na ngailearaithe is fearr sa domhan, le spás méadaithe do thaispeántais agus caighdeáin cháilíochta idirnáisiúnta lena bhailiúcháin a chosaint.”

AN TAIRE HEATHER HUMPHREYS, TD




Buaicphointe úr

Buaicphointe úr de thaispeántas an bhuanbhailiúcháin is ea an seomra atá tiomanta do ghloine dhaite Éireannach le Evie Hone (1894-1955), Michael Healy (1873-1941) agus Harry Clarke (1889-1931). Le soláthar an spáis gan fuinneoga i Sciathán Bhaile an Mhuileann Íochtarach bhíothas ábalta seoda i bhfolach de chuid Clarke *The Mother of the Sorrows*, 1926 (NGI.12262) agus *The Song of the Mad Prince*, 1917 (NGI.12074) a chur ar thaispeáint go buan den chéad uair, mar aon le saothar le Hone agus Healy.

I stóras ó ceannaíodh é in 2002, mar gheall ar easpa spáis chuí, rinne an fhoireann um Chaomhnú fuinneoga *The Mother of Sorrows* a ghlanadh agus a chaomhnú, ag nochtadh a lán sonraí a bhí ceilte ag deisiúcháin seolán strapa a rinne athchóiritheoirí amaitéaracha. Rinneadh cóireálacha caomhnaithe cobhsaithe ar fhuinneoga Hone agus Healy chomh maith. Soláthraíodh córais frámaidhe alúmanaim úrscothacha chomh maith do shaothair na gloine daite.

Tá siad soilsithe anois le soilsiú úr LED nach dtáirgeann a oiread teasa agus atá cosúil le solas nádúrtha.







SCIATHÁN BHAILE AN MHUILEANN UACHTARACH

- Tá ealaíon ón seachtú haois déag taispeánta i Sciathán Bhaile an Mhuileann Uachtarach, agus tá grúpálacha téamacha i ngach seomra. Tá na portráidí sin ón seachtú haois déag, le healaíontóirí ó shé thír éagsúla crochta taobh le taobh i Seomra 39.



AN MÓRGHAILEARAÍ

- Léiríonn an Mórghailearaí an cur chuige maidir le taispeáint. Áirítear sa spás atá tiomanta d'Eagnaíocht an ochtú haois déag, saothair ealaíne a rinne ealaíontóirí ón mBreatain, ó Éirinn, ón bhFrainc, ón Iodáil, ón Spáinn, ón Ísiltír agus ón Eilvéis, gach nasc ag gach duine dóibh le hÉirinn, cibé acu le healaíontóir, ábhar, suiteoir, iar-úinéir nó foinse saothair fhaighte.



SCIATHÁN BHAILE AN MHUILEANN UACHTARACH

- Seomra atá tiomanta don Caravaggisti - ceann de na grúpálacha téamach laistigh den tsraith seomraí atá tiomanta d'ealaín an seachtú haois déag.

An bailiúchán á ullmhú lena chur ar taispeáint

Rinne an lucht caomhantais suirbhé fairsing ar bhuanbhailiúchán an Ghailearaí le linn an athchóirithe. Ceann de na tionscadail ba chasta a rinne an fhoireann ba ea caomhnú *The Marriage of Strongbow and Aoife*, c.1854 (NGI.205) leis an ealaíontóir Éireannach Daniel Maclise. Le tomhas 315 x 513 cm, is é an phéintéireacht is mó sa bhailiúchán agus tour de force drámatúil, a bhfuil an-gheall ag cuairteoirí air.

“Le tacaíocht fhlaithiúil agus tiomantas Bank of America Merrill Lynch don tionscadal óna thionscnamh go dtí a chur i gcrích bhíomar ábalta an sárshaothar Éireannach iontach seo a athchóiriú agus leabhar atá maisithe go hálainn ar an bpróiseas a fhoilsiú, ag cur na dtorthaí ar fáil don lucht féachana/éisteachta níos leithne. Rachaidh an phéintéireacht i bhfeidhm ar ár mórán cuairteoirí agus spreagfaidh sí iad.”

SEAN RAINBIRD, *Stiúrthóir*

I ndiaidh dianchlár taighde agus cóireála caomhantais (2010-2017) le tacaíocht ó Bank of America Merrill Lynch, cuireadh an phéintéireacht ar ais i dtimpeallacht ghalánta Sheomra Shaw an 6 Meitheamh. Rinne foireann thras-rannach lena n-áirítear Seirbhísí Oibríochtaí, Caomhantais, Taispeántas agus Bailiúchán agus an Lucht Coiméadaíochta bainistíocht ar an lóistíocht chasta a bhain leis an bpéintéireacht mhór sin a iompar ón stiúideo caomhantais go dtí urlár talún Sciathán Dargan agus í a shuiteáil ina bhuanshuíomh.



CAOMHNÚ

- ✍ Bhí caomhnú *The Marriage of Strongbow and Aoife* ina dhúshlán mar gheall ar a scála. Bhí a aistriú ón stiúideo caomhantais go dtí Seomra Shaw ina oibríocht lóistíochtúil chasta ina raibh baill foirne ar fud an Ghailearaí páirteach.



SEOLADH MACLISE

- \ Simone Mancini, an Ceann um Chaomhnú; Sean Rainbird, Stiúrthóir; agus Peter Keegan, Feidhmeannach Tíre d'Éirinn, Bank of America Merrill Lynch, ag seoladh fhoilsiú *The Marriage of Strongbow and Aoife: Conserving a National Treasure* (NGI, 2017) ina léirítear an tionscadal caomhantais agus taighde arna mhaoiniú ag Tionscadal um Chaomhnú na hEalaíne de chuid Bank of America Merrill Lynch.



SEARMANAS OSCAILTE

Ag an searmanas oscailte oifigiúil an 14 Meitheamh bhí: Michael Cush SC, Cathaoirleach, Gailearaí Náisiúnta na hÉireann; an tAire Caiteachais Phoiblí Paschal Donohue, TD, an Taoiseach, Enda Kenny, TD; an tAire Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta, Heather Humphreys, TD; Patricia Golden; Stiúrthóir na Seirbhísí Corparáideacha, Gailearaí Náisiúnta na hÉireann; agus Sean Rainbird, Stiúrthóir.

CÓISIR NA HATHOSCAILTE

Tionóladh tráthnóna ceiliúrtha agus féilte chun an athoscailt a chomóradh. Bhreathnaigh na haíonna thart ar spásanna athoscailte an Ghailearaí agus bhain siad sult as an tsiamsaíocht bheo.

Inspioráid don náisiún \ Osclaíodh na sciatháin stairiúla don phobal

Ar an gCéadaoin, an 14 Meitheamh 2017, rinne an Taoiseach ag an tráth sin, Enda Kenny, TD, an Gailearaí a athchóiríodh as an nua, a oscailt go hoifigiúil, arbh é sin a dhualgas deireanach mar Thaoiseach. Ina theannta bhí an tAire Caiteachais Phoiblí Paschal Donohue, TD, agus an tAire Ealaíon, Oidhreacht, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta, Heather Humphreys, TD.

Rinne an Fhoireann Dhigiteach cinnte go raibh suíochán fíorúil sa chéad líne ag an bpobal le haghaidh na bhféilte lena raibh cuireadh amháin, le Scéal Instagram a bhí á nuashonrú go leanúnach ina raibh léiriú beo le Saint Sister os comhair *The Marriage of Strongbow and Aoife*; turais hipearaga-dheighilte ar chuid de na gailearaithe athoscailte; gearrthóga físeáin d'aistritheoirí gléasta mar charachtair ó phéintéireacht, ag dul timpeall an Ghailearaí; agus freagairtí ó chuid de na haíonna ar dtugadh cuireadh dóibh.

Ar an Déardaoin, an 15 Meitheamh, athosclaíodh bealach isteach an Ghailearaí ag Cearnóg Mhuirfean agus cuireadh fáilte ar ais roimh an bpobal ina nGailearaí Náisiúnta.

“Is ábhar lúcháir é an gailearaí ‘úr’; chomh maorga is a bhí riamh ach le háilleacht chomhaimseartha fhaiseanta curtha leis, ardaíonn an áit an t-anam, agus léiríonn sé lárnacht na healaíne do shaol an náisiúin”

JOHN BANVILLE, *RA Magazine*



**CÓISIR NA
HATHOSCAILTE**

- Colm Toibín agus Catriona Crowe.



**CÓISIR NA
HATHOSCAILTE**

- Carmel agus Martin Naughton.



**CÓISIR NA
HATHOSCAILTE**

- Fionnuala Croke, Brendan Howlin, TD, agus Orlaith McBride.



**CÓISIR NA
HATHOSCAILTE**

- Ryan Tubridy le Mieke Rainbird-Chill agus Sean Rainbird.





CÓISIR NA HATHOSCAILTE

- \\ Aíonna ag breathnú thart ar spásanna athoscailte an Ghailearaí.



CEOL BEO

- \\ Léiriúchán le Saint Sister os comhair *The Marriage of Strongbow and Aoife*.



Bailiúcháin agus Taighde

Buaicphointí na Saothar Faighte

Cuimsítear i mbailiúchán an Ghailearaí péintéireacht, dealbhóireacht, saothair ar pháipéar, mionphictiúir, leabhair, cartlann agus ealaín fheidhmithe, gréithe airgid, gloine dhaite agus troscán go príomha. Leanann an Gailearaí le saothair a bhailiú agus breithníonn sé saothair in aon mheáin. Ní mheasann sé go bhfuil a bhailiúcháin ina mbailiúcháin deiridh nó chríochnaithe.



FRANCIS DANBY

View of a Mountain Range,
leachtbhrat séipia le
rianta folíníochta graifíte
agus cailce ar pháipéar,
14.7 x 21.5 cm.
NGI.2017.47.7

16,364

SAOTHAR EALAÍNE SA
BHAILIÚCHÁN
AGUS FÓS AG FÁS

102

SAOTHAR FAIGHTE
IN 2017

Ealaíontóir Portráide Ealaíon Sky na Bliana 2017

COIMISIÚN
AN BHUAITEORA Ó
GARETH REID

Francis Danby

(LOCH GARMAN 1793–1861 EXMOUTH)

- ✍ Bailiúchán de 19 líníocht tírdhreacha monacróim i meáin éagsúla
- ✍ Graifít, peann agus dúch le leachtbhrat séipia, agus cailc dhubh agus bhán ar pháipéar
- ✍ Méideanna éagsúla, gan ceann díobh ar bith níos mó ná 21 x 32 cm
- ✍ Ceannaithe, 2017
- ✍ NGI.2017.4

Is fearr cuimhne ar an ealaíontóir Danby a rugadh in Éirinn dá phéintéireacht amhail *The Opening of the Sixth Seal*, 1828 (NGI.162), ach i mblianta níos déanaí phéinteáil sé tírdhreacha rómánsacha in atmaisféar duairce. Cuimsítear sa bhailiúchán sin de naoi mbileog déag, a fuarthas ó bhailitheoir príobháideach in Éirinn, radhairc d'aibhneacha, radhairc chósta agus shléibhtiúla. Tá gach ceann díobh nuashonraithe agus tá siad i monacróm, línithe i ngraifít agus dúch le leachtbhrathanna séipia. D'fhéadfadh gurb iad radhairc i Sasana cuid díobh, thart ar Bristol b'fhéidir, ach is cosúil gurb iad radhairc Alpacha cuid díobh nó físeanna samhlaíocha de thalamh shléibhtiúil go díreach.

Deis is ea an saothar faighte faoi leith sin don Ghailearaí grúpa staidéar gaolmhar le healaíontóir suntasach ón naoú haois déag a chur leis an mbailiúchán. Treisíonn na saothair sin ar pháipéar na ceithre shaothar le Danby atá sa bhailiúchán cheana: dhá líníocht (NGI.2071, NGI.6881) agus dhá olaphictiúr (NGI.162, NGI.4601). Breis úsáideach is ea an saothar faighte seo le bailiúchán staidéir an Ghailearaí.

Punanna Urraitheoirí an Stiúideo Grafaicí

(2010–2015)

- ✍ Tá ceithre phrionta agus píosa amháin scríbhneoireachta (iad ar fad sínithe) i ngach punann
- ✍ Cuid d'eagrán de 75 priontáilte ag an Stiúideo Grafaicí, Baile Átha Cliath
- ✍ Teicnící éagsúla
- ✍ Gnéithe (gach bileog): 46 x 38 cm
- ✍ Ceannaithe, 2017
- ✍ NGI.2017.18–2017.23

D'fhoilsigh Stiúideo Grafaicí Bhaile Átha Cliath punanna na n-urraitheoirí ó na 1960í go dtí na 1980í, á soláthar chun airgead a thiomsú leis an stiúideo a réachtáil. In 2010 d'athsheol siad punanna na n-urraitheoirí mar chuid den chomóradh 50 bliain, agus é beartaithe ceann amháin in aghaidh na bliana a sholáthar. Tá ceithre phrionta a rinne lucht priontála an Stiúideo Grafaicí i ngach punann, a soláthraíodh in eagrán de 75, agus thug siad cuireadh d'ealaíontóirí, agus píosa amháin scríbhneoireachta. D'oibrigh an Ghailearaí go dlúth roimhe sin leis an Stiúideo ar dhá thaispeántas: *Art into Art* (1999) agus *Revelation* (2008).



52/1/16

"Fawn"

Carmel Burke



CARMEL BENSON

- Dawn*, 2010,
 Carbaram, bileog: 46 x 38 cm,
 pláta: 30.9 x 26.6 cm.
 NGI.2017.18.2
 © Carmel Benson

JENNIFER LANE

- Moonfish*, 2010,
 Bloc adhmaid, bileog: 38.1 x 45.9 cm,
 íomhán: 23 x 28 cm.
 NGI.2017.20.2
 © Jennifer Lane

Ba iad ealaíontóirí ar nós Ruth O'Donnell, Carmel Benson agus Seán McSweeney a rinne na priontaí sa saothar faighte sin, ina gcuimsítear réimse leathan teicnící. Trí saothar dá leithéid a fháil, tá sé mar aidhm ag an nGailearaí forbairtí a léiriú i ndéanamh priontaí Éireannacha tríd an mBailiúchán Priontaí agus Líníochtaí. Is é an rún na deich bpunann fhoilsithe a fháil, de réir mar a fhoilseofar iad gach bliain, agus is é an plean iad a chur ar taispeáint a luaithe is a bheidh an tsraith iomlán déanta.

Giovanni Francesco Barbieri, ar a dtugtaí il Guercino

(CENTO 1591-1666 BOLOGNA)

- ✍ *Study of the Infant Christ Child held by St Simeon, c.1627*
- ✍ Cailc dhearg laistigh de pháirt-línte frámaithe i gcailc dhubh ar pháipéar béasa
- ✍ 16.2 x 19.5 cm
- ✍ Ceannaithe, 2017
- ✍ NGI.2017.14


Baineann an staidéar sin le luathscéim mhaisithe thábhachtach Geurcino le haghaidh chúpóla Eaglais Piacenza i dTuaisceart na hIodáile. Léiríonn sé fíor lárnach Naomh Simeon agus an Leanbh Íosa ina lámha aige, atá lonnaithe i dtulra radharc *The Presentation in the Temple*. Agus tábhacht an luathchoimisiúin sin á cur san áireamh, ní iontas é go ndearna Guercino líon mór staidéar ullmhúcháin, cuid díobh atá tagtha slán, go buíoch beannachtach. Leis an líníocht bheoga chailce deirge sin tugtar léargas dúinn ar sheicheamh staidéar Guercino agus é ag obair suas go dtí an saothar deireanach. Cuimseofar an líníocht sin i dtaispeántas amach anseo a bheidh dírithe ar léiriúcháin an Linbh Íosa. Cuireann sé le dhá líníocht chailce deirge eile le Guercino atá sa bhailiúchán, lena n-áirítear an íomhá lách de *The Virgin and Child* (don *Madonna del Carmine Presenting a Scapular to a Carmelite*, in Pinacoteca Civica le Cento, c.1615) (NGI.2603).





IL GUERCINO

Study of the Infant Christ Child
held by St Simeon, c.1627,
NGI.2017.14



NORAH MCGUINNESS

- \\ *The Startled Bird*, 1961,
NGI.2017.9
© Eastát na hEalaíontóra

GARETH REID

- \\ *Graham Norton (b. Dublin 1963),
Broadcaster, Comedian,
Actor and Writer*, 2017,
NGI.2017.7



Norah McGuinness

(DOIRE 1901–1980 DÚN LAOGHAIRE)

- ✍ *The Startled Bird*, 1961
- ✍ Ola ar chanbhás
- ✍ 68.5 x 81.25 cm
- ✍ Ceannaithe, 2017
- ✍ NGI.2017.9

Tá an t-adhmad a sholáthraíonn an timpeallacht don saothar seo lonnaithe ar an taobh theas de Charraig Uallacháin, Baile Átha Cliath, achar gairid ó bhaile McGuinness. Siobhan Cuffe is í an cailín, idir an dá linn, atá ina seasamh go sásta ina haonar sa choill, iníon le Luan agus Patricia Cuffe, a cheannaigh an pictiúr díreach ón ealaíontóir. Léiríonn an phéintéireacht seo sintéis an datha, na foirme agus an ábhair ar saintréithe iad de shaothar den scoth McGuinness. Le tabhairt isteach na fíorach i bhfad uainn tugtar gné dhothuigthe, insinte don phéintéireachta a chuireann lena sonra nádúrtha. Thioctadh McGuinness ar ais chuig timpeallacht na coillearnaí agus an imeallbhoird go rialta, agus chuimseodh sí nithe, éin go minic, sna gnéithe láidre fíoracha sin. Mar sin féin, bhí suim aici go seasmhach le patrúin a dhéanamh agus dathanna a chur taobh le taobh go slachtmhar.

In ainneoin cháil mhaorga Norah McGuinness mar phéintéir tírdhreach agus a haschur torthúil, ní raibh i mbailiúchán an Ghailearaí ach portráidí dá cuid amháin: ceann den drámadóir Denis Johnston (NGI.4346), agus an ceann eile den ailtire Michael Scott (NGI.2011.1) (a cuireadh i láthair in 1981 agus 2011 faoi seach). Dá réir sin bhí an saothar faighte den sampla den scoth de shaothar McGuinness tráthúil. Léiríonn an phéintéireacht fairsinge chuasach McGuinness, a bainistíocht ar spásanna, agus an scála intíre ina n-oibreodh sí go minic.

Gareth Reid

(B. BÉAL FEIRSTE 1974)

- ✍ *Graham Norton (b. Dublin 1963), Broadcaster, Comedian, Actor and Writer*, 2017
- ✍ Ola ar chanbhás
- ✍ 137 x 107 cm
- ✍ Coimisiún an bhuaiteora ó Phortráid Ealaíon Sky na Bliana 2017
- ✍ Bronnta, Storyvault Films, 2017
- ✍ NGI.2017.7

Cé gur roghnaigh moltóirí Phortráid Ealaíon Sky na Bliana an t-ealaíontóir Gareth Reid, roghnaigh an Gailearaí an suiteoir Graham Norton sular thosaigh an comórtas. Chun freastal ar a lucht féachana/éisteachta leathan, léirigh Ealaíon Sky céadrogha le haghaidh suiteoir Éireannach ar a raibh aithne mhaith sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn araon. Mhol an Gailearaí Norton mar bhreis chuí agus mhóréilimh leis an mBailiúchán Náisiúnta Portráidí. D'éirigh go maith leis an bportráid láithreach, agus thug a lán ball den phobal cuairt ar an nGailearaí go speisialta leis an bpictiúr a fheiceáil. Is é Graham Norton, (Graham Walker nuair a rugadh é), a tógadh i nDroichead na mBandan, Co. Chorcaí, buaiteoir de chúig ghradam teilifíse BAFTA, agus is fearr aithne air mar óstach seónna comhrá sa Ríocht Aontaithe ar Channel 5, Channel 4 (*So Graham Norton*; *V Graham Norton*) agus, ó 2007, ar BBC (*The Graham Norton Show*).

John Butler Yeats

(TULLYLISH 1839–1922 NUA-EABHRAC)

- ✍ *Elizabeth Corbet 'Lolly' Yeats*, c.1899
- ✍ Ola ar chanbhás
- ✍ 91.5 x 71 cm
- ✍ Ceannaithe, 2017, a bhuíoch do Pátrúin na hEalaíne Éireannaí
- ✍ NGI.2017.45

Cé go raibh a chliantacht níos leithne, b'fhearr le John Butler Yeats a bheith ag péinteáil pictiúr dá theaghlach agus dá chairde. Bhí a lán dóibh sin ina bpictiúir dá pháistí, dá rinne sé lón mór portráidí, ar chanbhás agus ar pháipéar araon, thar thréimhse fhada. Bhunaigh Lolly Yeats a deirfiúr Lily Dun Emer Industries le Evelyn Gleeson. Go gairid ina dhiaidh sin, bhunaigh Lolly agus Lilly Dun Emer Press lena ndeartháir Jack W.B. In 1909, i ndiaidh scaradh le Gleeson, feidhmíodh an gnó faoin inphrionta Cuala, a bheadh mar an gcéanna le clann Yeats, lena n-áirítear Jack. Ba rud an-suntasach é gur cuireadh an phortráid sin leis an mbailiúchán, toisc go bhfuil portráidí in ola ag an nGailearaí cheana le John Butler Yeats dá thriúr páistí eile William (NGI.872); Susan Mary 'Lily' (NGI.1180); agus Jack (NGI.1142, NGI.4040). Lena chois sin, tá i bhfad níos lú portráidí i meáin ar bith de Lolly a rinne a hathair nó mar atá dá deirfiúr Lily. Gnáthphortráid íogair de bhall teaghlaigh le John Butler Yeats is ea an saothar seo, agus sampla maith é dá theicníc.

Colin Middleton

(BÉAL FEIRSTE 1910–1983 BAILE ÁTHA CLIATH)

- ✍ *Seated Woman*, 1964
- ✍ Ola ar bhord, 91 x 46 cm.
- ✍ Ceannaithe, 2017, a bhuíoch do Pátrúin na hEalaíne Éireannaí
- ✍ NGI.2017.35

Bhí a lán de luath-aosacht Middleton roinnte idir printíseacht i gcomhlacht deartha damaisc a athrach agus oiliúint ag Coláiste Ealaíne Bhéal Feirste. Tugann an pictiúr seo, ina dhéanamh agus ina phailéad, cúlra an ealaíontóra i ndearadh teicstíil chun cuimhne. Go sonrach, chuirfeadh a cheartingir agus a chothromáin láidre, agus a shonraí geoméadracha, dearáí a rinneadh ar sheol i gcuimhne duit. Sholáthair Middleton roinnt saothar a bhí inchomparáide go foirmiúil sna 1940í, sular thiomnaigh sé é féin sna 1950í do phéintéireacht ní b'eispriseanaíche ina tréithe. Idir an dá linn, sraith saothar is ea an t-ábhar, a bhí difriúil i stíl ach a bhí comhaimseartha, inar thaifid Middleton a bhean chéile Kate ina suí ag pianó. Feictear tionchar Paul Klee sa saothar seo, ach léirítear cúlra Middleton i ndearadh ann fosta. Nuair a bhreithnítear é i gcomhthéacs péintéireachta ar leith le Middleton atá i mbailiúchán an Ghailearaí cheana (NGI.2017.33, NGI.4667, NGI.4675), is breis dhearfach é sealbhú an tsaothair ardchaighdeán seo maidir le héagsúlacht shaothar na healaíontóra a léiriú.



JOHN BUTLER YEATS

\\ Elizabeth Corbet 'Lolly' Yeats, c.1899,
NGI.2017.45



COLIN MIDDLETON

\\ Seated Woman, 1964,
NGI.2017.35
© Eastát Colin Middleton,
IVARO Baile Átha Cliath, 2018



JACK B. YEATS

- Selection of sketches on scraps of paper, IE/NGI/Y75.
© Eastát of Jack B. Yeats, DACS Londain / IVARO Baile Átha Cliath, 2018

JACK B. YEATS

- Sketchbook, 1909. IE/NGI/Y75.
© Eastát of Jack B. Yeats, DACS Londain / IVARO Baile Átha Cliath, 2018



WILLIAM ST JOHN GLENN

- I'll be Your Sweetheart. IE/NGI/IA/GLE1/1.
© Neville, Donnatilla, Bronte, Rodney agus Roxana Glenn

William St John Glenn

(BÉAL FEIRSTE 1904–1974 CHELSEA)

- ✍ Bailiúchán scríobchlár
- ✍ IE/NGI/IA/GLE1/1

Bhronn teaghlach William St John Glenn bailiúchán 103 bunchartún scríobhchlár a rinne an maisitheoir a rugadh i mBéal Feirste go lách don Ghailearaí. Chruthaigh Glenn léaráidí den sráidbhaile ficseanach Éireannach Ballyscunnion thar thréimhse ceathracha bliain, agus d'fhoilsigh sé iad in *Dublin Opinion*. In 1970 cuireadh ar taispeáint iad sa Chlub Éireannach, Eaton Square, Londain. Mhol Charles E. Kelly, eagarthóir *Dublin Opinion*, ag an am gur cheart an bailiúchán a chur sa Ghailearaí Náisiúnta i mBaile Átha Cliath, ag rá: “*Táim cinnte nach bhfeicfear a leithéid seo arís.*” Bhí Glenn ina bhall bunaidh d’Acadamh Ríoga Uladh i dtús na 1930í.

Ábhar cartlainne Chlann Yeats

- ✍ IE/NGI/Y75

Leis na breiseanna le Cartlann Yeats cuirtear go mór le sealbhú an Ghailearaí d’ábhar grianghrafadóireachta, saothar ógánaigh agus ábhar a bhaineann le Jack B. Yeats (1871–1957) agus lena óige, chomh maith le méadú a dhéanamh ar an ábhar a bhaineann le bean chéile an ealaíontóra Mary Cottenham Yeats (1867–1947).

- ✍ Bailiúchán de shé phortráid ghrianghrafadóireachta de John Butler Yeats, le Alice Boughton agus daoine eile, 1906–1908.
- ✍ Bailiúchán de luathsceitsí agus luathléaráidí le Jack B. Yeats, ag dul siar ó lár na 1880í go dtí deireadh na 1880í, ina gcuimsítear léaráidí agus cartúin ar leathanaigh leabhair sceitseála, píosaí beaga páipéir agus seanchlúdaigh. Áirítear ar na hábhair leadóg, rásaíocht capall, scátáil rollála, snámh, radharc de Shligeach agus seichimh agus sceitsí éagsúla.
- ✍ Leabhar sceitseála de chuid Mary Cottenham Yeats, lena n-áirítear portráidí de Jack agus Lily Yeats.
- ✍ Leabhar sceitseála de chuid Mary Cottenham Yeats, ina bhfuil 26 dearadh agus stionsal, agus uiscédhath.
- ✍ Leabhar sceitseála de chuid Jack B. Yeats ina bhfuil sceitsí a rinneadh in Éirinn in 1909.

Moore's Irish Melodies


- ✎ Maisithe ag Daniel Maclise, 1850
- ✎ 7018873

Áirítear san eagrán 1850 seo den fhoilseachán tábhachtach léaráidí geala greanta lámhdhaite ó thús deireadh. Is cosúil gur cóip uathúil é an foilseachán agus is breis shuntasach é leis an mbailiúchán, lena gcuirtear béim ar scil Maclise mar mhaisitheoir.

Thomas Birch

- ✎ *The Heads of the Illustrious Persons of Great Britain* le greannadh le Houbraken agus Vertue, 1743
- ✎ 7018876

Céad eagrán is ea an phunann mhór seo, a théann siar go 1743. Áirítear air leathanach teidil le finéad greannta agus 80 portráid de leathanach iomlán, lena n-áirítear roinnt daoine aonair atá tábhachtach mar gheall ar a dtionchar ar stair na hÉireann.



THOMAS BIRCH

- ✎ *The Heads of the Illustrious Persons of Great Britain*, 1743.

DANIEL MACLISE

- ✎ *Moore's Irish Melodies*, 1850.



Taispeántais agus Foilseacháin



BEYOND CARAVAGGIO

Sergio Benedetti, /
Barbara Dawson agus
Raymond Keaveney ag
Beyond Caravaggio
Oscailt an taispeántais.



Beyond Caravaggio

11 FEABHRA - 14 BEALTAINE 2017

\\ Sciathán Beit

\\ Líon na gcuairteoirí: 60,674

Thug mothú Caravaggio de dhrámaíocht, úsáid solais agus réadúlacht diongbháilte neasacht iontach dá ábhair. Tá siad fite fuaite le saol cuaifeach, toisc go ndeachaigh Caravaggio ó bheith ina ealaíontóir a rabhthas á lorg go dtí éalaitheach ón dlí laistigh de dheich mbliana.

“Taispeántas na bliana nach mór a fheiceáil... uair amháin a fheicfidh tú é, coinneoidh tú cuimhne ar shárshaothar de chuid Caravaggio go deo.”

ANDREW LYNCH, *Irish Independent Review*

Leis an taispeántas sin – comhoibriú idir an Gailearaí Náisiúnta, Londain, Gailearaí Náisiúnta na hÉireann agus Gailearaithe Náisiúnta Alban – cuireadh *The Taking of Christ* le Caravaggio i gcomhthéacs thionchar an ealaíontóra ar thríocha ealaíontóir barócach eile. Den chéad uair i mBaile Átha Cliath, taispeánadh *The Taking of Christ* in éineacht le *The Supper at Emmaus* (An Gailearaí Náisiúnta, Londain), arbh é Ciriaco Mattei a choimisiúnaigh an dá cheann ar dtús. Bhí sé sin ina eispéireas ann féin – radharc amharclainne sa lá i gcodarsnacht le heispéireas drámatúil san oíche.

Léirigh ionadaíocht ealaíontóirí ón Iodáil, ón bhFrainc agus ó na Tíortha faoi Thoinn tionchar Caravaggio thar thréimhse caoga bliain. Ag baint leas as bailiúcháin phoiblí, agus tithe móra ar fud an Breataine, tugadh a lán rudaí neamhchoitianta le chéile sa taispeántas. D’fhoilsigh an Gailearaí Náisiúnta, Londain catalóg lán de léaráidí, le Letizia Treve, i gcomhair le Gailearaí Náisiúnta na hÉireann agus Gailearaithe Náisiúnta na hAlban. Áiríodh san fhoilseachán sleachta ó Aidan Weston-Lewis, Gabriele Finaldi, Christian Tico Seifert, Adriaan E. Waiboer, Francesca Whitlum-Cooper agus Marjorie E. Wieseman

Bhí *Caravaggio Uncovered*, taispeántas a cuireadh leis an mbailiúchán speisialta agus ábhar cartlainne ó shealbhú Leabharlann agus Chartlanna an Ghailearaí, ar taispeáint san Aitriam le linn an taispeántais.



Margaret Clarke: An Independent Spirit

13 BEALTAINÉ-20 LÚNASA 2017

- ✧ An Gailearaí Priontála
- ✧ Líon measta na gcuairteoirí: 60,000

Arna choimeád ag Niamh MacNally, sholáthair an taispeántas seo forléargas cuimsitheach ar ealaín Margaret Clarke agus rinneadh í a athshuíomh mar phearsa suntasach i stair na healaíne Éireannaí sa fiche haois. Mar an dara banealaíontóir, i ndiaidh Sarah Purser, a toghadh mar bhall iomlán de RHA in 1927, bhí sé tuillte go hiomlán go dtabharfaí saothar Clarke chun solais. Rinneadh iniúchadh sa taispeántas ar fhorbairt stíl an ealaíontóra, óna ham ag Scoil Ealaíne Chathair Bhaile Átha Cliath, áit ina ndearna sí staidéar faoi stiúir William Orpen, go dtí a tréimhse níos déanaí nuair a sholáthair sí líon saothar suaithinseach fáthchiallach bunaithe ar théamaí éagsúla.

“Tá sé mar aidhm leis An Independent Spirit an chothromaíocht a chur ina cheart, agus, mar a thugtar le tuiscint leis an teideal, deis a thabhairt dúinn Margaret Clarke a fheiceáil mar phearsantacht ealaíonta ina ceart féin.”

AIDAN DUNNE, *The Irish Times*

Ag cuimsiú os cionn ceathracha saothar ó bhailiúcháin phríobháideacha agus phoiblí ar fud oileán na hÉireann, agus Shasana, cuireadh suimeanna agus tionchair éagsúla Clarke, chomh maith lena háis mar phéintéir agus mar línitheoir i láthair. Tugadh aghaidh sa taispeántas chomh maith ar na dúshláin a bhí le sárú aici mar ealaíontóir ag aimsiú cothromaíocht idir a cleachtas féin, a saol teaghlaigh agus bainistíocht Harry Clarke Studios i ndiaidh bhás a fir chéile in 1931.

Mar thoradh ar chomhoibriú le F.E. McWilliam Gallery & Studio i nDroichead na Banna, gar d'áit bhreithe Clarke san Lú, tugadh an taispeántas ar camchuart chuig an ionad sin, áit ar thug os cionn 8,500 cuairt air. Tháinig an chomhpháirtíocht sin le sainchúram an Ghailearaí maidir le méadú a dhéanamh ar an mbailiúchán thar na ballaí agus teacht ar lucht féachana/éisteachta ar fud an oileáin.

Tugadh tacaíocht chineálta don taispeántas ó Chairde Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann agus ó ghrúpa urraitheoirí aonair: Norma Smurfit, Nuala Wall, Denise Whelan, and Tommy agus Tilly, lucht leanúna seanbhunaithe de chuid an Ghailearaí.



FÁILTIÚ OSCAILTE

- HE Paul Schellekens, Ambasadóir na hÍsiltíre d'Éirinn, agus Maureen Schellekens, Uasal ag an bhfáiltiú oscailte de *Vermeer and the Masters of Genre Painting*.



TURAS TREORAITHE

- Adriaan Waiboer ag tabhairt turais ar *Vermeer and the Masters of Genre Painting*.

Vermeer and the Masters of Genre Painting: Inspiration and Rivalry

17 MEITHEAMH - 17 MEÁN FÓMHAIR 2017

- ✧ Sciathán Beit
- ✧ Lón na gcuairteoirí: 101,137

Arna chumadh ag Adriaan E. Waiboer, rinneadh an tionscadal i gcomhar le Musée du Louvre, Páras, agus an Gailearaí Náisiúnta Ealaíne, Washington. Rinneadh iniúchadh sa seó ar líonra iontach an chaidrimh i measc phéintéirí seánra na hÍsiltíre den tréimhse 1650–1675 agus sholáthair sé léargas ar an meas a bhí ag Vermeer agus a ealaíontóirí comhaimseartha ar a chéile, an dóigh a spreagfadh siad a chéile agus an dóigh a raibh siad ina gcéilí comhraic ag a chéile.

“Gaisce iontach é 10 Vermeer a bheith in áit amháin, agus a bhuíoch le heolas Waiboer ar chomhthéacs stairiúil an phéintéara bhí an taispeántas de chaighdeán iontach.”


AIDAN DUNNE, *The Irish Times*

Tá péintéireacht sheánra na hÍsiltíre den tréimhse 1650–1675 i measc bhuaiceanna ealaíne larthar na hEorpa. Cé gurb é Vermeer an péintéir is cáiliúla faoi láthair de radhairc dá leithéid, bhí an máistir as Delft ar cheann amháin go díreach den chuid mhór ealaíontóirí a bhí thar ceann ag gabháil gháth-thimpeallachtaí laethúla le sonraí gleoite. Áiríodh ar mhórpheintéirí seánra eile Gerrit Dou, Gerard ter Borch, Jan Steen, Pieter de Hooch, Gabriel Metsu agus Frans van Mieris. Cé go raibh na healaíontóirí sin gníomhach i gcathracha éagsúla i bPoblacht na hÍsiltíre, tá cosúlachtaí láidre ina gcuid saothar maidir le stíl, ábhar, comhdhéanamh agus teicníc. Gheobhadh siad inspioráid ó phéintéireacht a chéile go minic agus dhéanfaid siad iarracht ansin déanamh níos fearr ná a chéile i ndealraitheacht, gaisce teicniúil agus meallacht aeistéitiúil. Chuir an iomaíocht ealaíonta bheoga sin le caighdeán thar a bheith ard a saothair le chéile.

Bhain catalóg, ina raibh sleachta ó scoláirí a bhí aitheanta go hidirnáisiúnta, leas as clár fairsing taighde, arna stiúradh ag Gailearaí Náisiúnta na hÉireann. Áiríodh leis sin tionscadal, a forbraíodh i gcomhar le Netherlands Institute for Art History (RKD), an Háig, a bhí dírithe ar fhreagairtí na bpéintéirí ar nuálaíocht stíle agus théamach a chéile a thaifeadadh agus a shamhlú. Bhí *Connect Vermeer* (connectvermeer.org) mar thoradh ar an tionscadal sin ar deireadh. Rinneadh scrúdú i dtionscadal taighde theicniúil, faoi mhaoirseacht Melanie Gifford, Caomhnóir Taighde ag an nGailearaí Náisiúnta Ealaíne, ar mhalartuithe na dteicnící agus na n-ábhar péinteála i measc phéintéirí sheánra na hÍsiltíre. Comhléiríú ba é gnéchlár faisnéise *Vermeer: Beyond Time*, arna stiúradh ag Jean-Pierre Cottet, Guillaume Cottet agus arna léiriú ag James Mitchell, idir Martange Production (Páras), Soho Moon Pictures (Baile Átha Cliath), Arte France agus Louvre.


Admhaíonn an Gailearaí Zurich Insurance plc, an comhpháirtí taispeántais do *Vermeer and the Masters of Genre Painting*.





“Cuirtear an rud is tábhachtaí faoi ealaín i gcuimhne duit leis an taispeántas seo ag Gailearaí Náisiúnta na hÉireann. Is é seo, ar an leibhéal is simplí, seó nach mór sult thar barr a bhaint as.”

RACHEL CAMPBELL-JOHNSTON, *The Times*



Forgotten Faces

1 IÚIL-30 DEIREADH FÓMHAIR 2017

Seomra 31

Arna choimeád ag Claire Crowley, an Cúntóir Coiméadaíochta, ba é seo an chéad taispeántas a suíodh sa spás úr taispeántas sealadach i Sciathán Beit uachtarach. Agus rogha portráidí ón séú agus seachtú haois déag de shuiteoirí anaithnide ann, cuireadh saothair i láthair sa taispeántas ó bhuanbhailiúchán an Ghailearaí ar bhealach nua. Saor ó bheathaisnéisí gaolmhara na suiteoirí, agus i roinnt cásanna beathaisnéisí na n-ealaíontóirí, tarraingíodh anois san ábhar léirmhínitheach téamaí uilechoiteanna an bháis, na cuimhne, agus na hoidhreacht, rud a spreag cuairteoirí smaoineamh ar rún an duine sna portráidí agus machnamh a dhéanamh ar shuntasacht saothar ealaíne dá leithéid. Cruthaíodh chéad liosta ceoil arna stiúradh ag coimeádaithe de chuid an Ghailearaí ar Spotify chun cur leis na téamaí eiseacha a cuireadh i láthair sa taispeántas.



FORGOTTEN FACES

Portráidí de shuiteoirí anaithnide ath-léirmhínithe.



KÄTHE KOLLWITZ: LIFE, DEATH AND WAR

Ambasadóir na Gearmáine HE Matthias Hopfner, Anne Hodge, Coimeádaí na bPriontaí agus na Líníochtaí, agus Sean Rainbird, Stiúrthóir, ag fáiltiú oscailte *Käthe Kollwitz: Life, Death and War*.

Käthe Kollwitz: Life, Death and War

6 MEÁN FÓMHAIR-10 NOLLAIG 2017

- \\ An Gailearaí Priontála
- \\ Líon na gcuairteoirí: 37,314

Agus 38 prionta ann ón Staatsgalerie Stuttgart, agus dhá liteagraf a fuarthas le déanaí do bhailiúchán an Ghailearaí, ba leis an taispeántas seo an chéad uair ar taispeánadh saothar grafaice leis an ealaíontóir cáiliúil Gearmánach Käthe Kollwitz (1867–1945) sa Ghailearaí. Arna choimeád ag Anne Hodge, tugadh deis leis an taispeántas dár lucht féachana/éisteachta éagsúil eolas a fháil faoin ealaíontóir tábhachtach seo, a chruthaigh beagnach 300 prionta, thart ar 20 dealbh agus thart ar 1,450 líníocht le linn a gairme faide.

“Bailiúchán ar dóigh de 40 prionta a rinne an t-ealaíontóir Gearmánach seo sa bhliain ina ndéantar a 150ú breithlá a cheiliúradh... Fíorphléisiúr.”

TOTALLY DUBLIN

Leis na saothair chumhachtacha sin bhí cuairteoirí ábalta machnamh a dhéanamh ar éifeachtaí na coimhlinte, go háirithe an briseadh croí a fágadh ina dhiaidh. Agus ceannlínte á gcruthú fós inniu le hachrann agus cogadh, tá saothar Kollwitz chomh ábhartha inniu is a bhí sé nuair a chruthaigh sí é i dtús an fichiú haois déag.

Cúis amháin leis an taispeántas seo a chur ar siúl in 2017 is ea an Chéad Chogadh Domhanda a chomóradh, toisc go bhfuil ealaín Kollwitz ina mheabhrúchán d'uafás agus éadóchas deiridh cogaidh. Lena cúig shraith priontaí — *Revolt of the Weavers* (1893–98), *Peasant War* (1902–08), *War* (1921–22), *Proletariat* (1924–25) agus *Death* (1934–37)—cuirtear i measc na ndéantóirí priontaí is iomráití den fichiú haois déag. Is féidir breathnú ar a saothar dorcha, corruair instinníúil, mar impí choscrach chun deireadh a chur leis an gcogadh agus leis an leatrom ar mhaithe leis na glúnta atá le teacht. Áiríodh sna saothair ó bhailiúchán saibhir Staatsgalerie dhá cheann de na sraitheanna priontaí: *Peasant War* agus *War*, mar aon le líníochtaí ullmhúcháin agus líon féinphortráidí cumhachtacha.

“Sna hamanna seo tá taispeántas Käthe Kollwitz ag Gailearaí Náisiúnta na hÉireann ina mheabhrúchán thar a bheith tábhachtach ar an díghrádú a dhéanann cogadh.”

ELEANOR HOOKER, *Poet And Writer*

Chuir comhoibriú le Goethe Institut agus Ambasadóir na Gearmáine in Éirinn le rath an taispeántais agus an chlár ghaolmhair d'imeachtaí agus de ghníomhaíochtaí oideachais.



FOR THE LOVE OF ART

- An tAire Heather Humphreys, TD, ag oscailt an taispeántais *Frederic William Burton: For the Love of Art*, le Marie Bourke, coimeádaí an taispeántais.

Frederic William Burton: For the Love of Art

25 DEIREADH FÓMHAIR 2017-14 Eanáir 2018

\\ Sciathán Beit

\\ Lón na gcuariteoirí (amhail an 31 Nollaig): 12,629

Arna choimeád ag Marie Bourke, rinneadh iniúchadh sa taispeántas seo ar na céimeanna éagsúla de shaol agus de shaothar an ealaíontóra Éireannaigh ón naoú haois déag. Le mórán de na pictiúir a bhí ar taispeáint tugadh chun suntais a ardéirim mar uiscethadóir, agus le hábhar eile, go sonrach péintéireacht a fuair sé, taispeánadh conas a d'fhorbair a ghairm, ag sroicheadh buaicphointe ina cheapachán mar Stiúrthóir ar an nGailearaí Náisiúnta, Londain. Taispeánadh a phéintéireacht is cáiliúla, *Hellelil and Hildebrand, the Meeting on the Turret Stairs*, 1864 (NGI.2358) in éineacht le sárshaothair a bhí chomh rómánsach agus chomh inniúil céanna leis ó bhailiúcháin phoiblí agus phríobháideacha.

“Thaitin mothú Burton do ‘míneadas’ agus do ‘ghalántacht’ le léirmheastóirí comhaimseartha. Leanann a phictiúir is fearr le heispéiris áille a thairiscint: anseo, áirítear orthu, Dreams, Iostephane agus Bean an-álainn George Smith.”

CRISTÍN LEACH, *The Sunday Times*

Ba é an aidhm a bhí leis an seó Burton a athshuíomh mar phéintéir den chéad aicme, ceann de na huiscedhathóirí is fearr in Éirinn agus stiúrthóir glic músaeim. Áiríodh ar na téamaí a pléadh luathshaol Burton agus na naisc idir an fhéiniúlacht chultúir agus náisiúnta; a ghrá d'iarthar na hÉireann; a thóir mar phortráidí; tionchar a ama sa Ghearmáin ar a shaothar féin; a naisc leis na Réamh-Rafaeilítigh i Londain; agus a oidhreacht mar Stiúrthóir ar an nGailearaí Náisiúnta, Londain.

Bhí catalóg 90 leathanach le mórán léaráidí ag gabháil leis an taispeántas, arna cur in eagar ag Claire Crowley, agus bhí aistí inti le Marie Bourke, Anne Hodge, Janet McLean, Patrick Duffy, Alison Fitzgerald agus Elena Greer. Bhí clár poiblí fairsing de léachtaí agus imeachtaí ar fhreastail a lán daoine air ag dul leis an taispeántas. Le linn mhí na Samhna agus mhí na Nollag d'fhorbair agus léirigh Umbrella Theatre Company dhá dhráma úra a bhí spreagtha go díreach ag saol Burton.



GARRETT PHELAN

- LANDSCAPE: *The La Boisselle Bowl*, babhla ceirmeach déanta de chré a fuarthas ón Somme arb é cuid de shaothar Garrett Phelan *I HAVE NO RIGHT TO BE SO NEAR*.

TURAS TAISPEÁNTAIS

- Stiúrann an coimeádaí Donal Maguire turas de *Aftermath: The War Landscapes of William Orpen*.

Aftermath: The War Landscapes of William Orpen

le I HAVE NO RIGHT TO BE SO NEAR
le Garrett Phelan

11 SAMHAIN 2017-11 FEABHRA 2018

Seomra 31

Osclaíodh Ionad BSL le haghaidh an taispeántais bhliantúil ar an Staidéar ar an Ealaín Éireannach BSL CSIA) i Seomra 31 i mí na Samhna. Arna choimeád ag Donal Maguire, bhí an taispeántas spreagtha ag cuimhní cinn an phéintéara Éireannaigh William Orpen, *An Onlooker in France*. Agus é foilsithe ar dtús in 1921, cuimsíodh chéad eagrán i mbailiúchán BSL CSIA sa taispeántas. Cuirtear streachailt phearsanta an ealaíontóra an cogadh, agus an slad agus an fhulaingt a bhí mar thoradh air a thuiscint in iúl sna cuimhní cinn. Bhí an leabhar mar phointe tosaigh don taispeántas. Cheiliúir an taispeántas comóradh 100 bliain eispéireas Orpen mar ealaíontóir oifigiúil cogaidh, ag fónamh le hArm na Breataine, agus rinneadh iniúchadh ann ar shraith tírdhreach a phéinteáil sé i ndiaidh chath an Somme. Cuimsíodh sa taispeántas iasachtaí ón Imperial War Museum, chomh maith le déantáin ó Ard-Mhúsaem na hÉireann agus ábhar ó bhailiúchán leabharlann agus chartlann an Ghailearaí. Sholáthair an t-ealaíontóir Garrett Phelan saothar úr mar fhreagairt ar eispéireas 1917 Orpen. Chuimsigh tionscadal Phelan, dar teideal *I HAVE NO RIGHT TO BE SO NEAR*, dhá shaothar úra: ceann i bhfuaim agus ceann eile i gceirmeach.

“Seó is ea é seo faoi uafás cogaidh, ach baineann sé fosta le nádúr daonna an chomhartha ealaíne: cómhaitheachtail na háilleachta, na péine, na beatha agus an bháis.”

CRISTÍN LEACH, *The Times*

Admhaíonn an Gailearaí a fuarthas don taispeántas ó BSL, agus Ambasáid na Breataine i mBaile Átha Cliath a thacaigh le leabhrán an taispeántais a dhéanamh.

Duais Phortráide Hennessy 2017

25 SAMHAIN 2017–25 FEABHRA 2018

Seomra 23

Tionóladh Duais Phortráide Hennessy den cheathrú huair in 2017. I gcomhlíonadh sprice a cuireadh in iúl ag tionscnamh an chomórtais in 2014, bhí dhá oiread ealaíontóirí ar an ngearrliosta i gcomparáid le blianta roimhe sin. Bhí an taispeántas níos mó mar thoradh air sin éascáithe ag infhaighteacht, i ndiaidh athoscailt sciatháin stairiúla an Ghailearaí, Sheomra 23 (mezzanine Dargan). Seachas sin thiomnaigh an gailearaí do Bailiúchán Náisiúnta Portráidí. Bhí gearrliosta do Dhuais na Portráide curtha i Stiúideo na Mílaoise atá i bhfad níos lú roimhe seo, ar éirigh go maith leis mar spás taispeántais, ach ní rabhtas ábalta méadú ar bith a dhéanamh ar scála an taispeántais ann. Riar Claire Crowley, Coimeádaí Cúntóir, agus Brendan Rooney, Coimeádaí d'Ealaín Éireannach, an comórtas agus choimeád siad an taispeántas.

Ar phainéal na moltóirí bhí James Hanley RHA; Niamh MacNally, Coimeádaí Cúnta na bPriontaí agus na Líníochta, Gailearaí Náisiúnta na hÉireann; Patrick T. Murphy, Stiúrthóir, an tAcadamh Ibeirneach Ríoga; agus Yvonne Scott, Stiúrthóir, Lárionad Taighde na hEalaíne Éireannaí, Coláiste na Tríonóide. Cé go raibh líon na n-iarrthóirí beagáinín níos lú ná mar a bhí in 2016, bhí caighdeán foriomlán an tsaothair ard. Lena chois sin, bhí an leathadh geografach fós leathan, agus ealaíontóirí ón 33 contae ag cur saothar isteach, mar aon lena lán ealaíontóirí eile as lasmuigh d'Éirinn. Rinneadh ionadaíocht leathan ar son meán éagsúla chomh maith.

Chuir na moltóirí fiche a ceathair portráid ar an ngearrliosta, ina measc bhí saothair ar pháipéar, grianghraif, dealbhóireacht, péintéireacht, físeán agus suiteáil amháin. Airíodh ar na healaíontóirí a ndearnadh ionadaíocht ar a son triúr—Comhghall Casey, Vera Klute agus Cian McLoughlin—a cuireadh ar an ngearrliosta roimhe seo do Dhuais Phortráide Hennessy. Bronnadh an duais, áfach, ar an ealaíontóir Jack Hickey, atá bunaithe i gCorcaigh dá shaothar *My Time*. Tugadh duaiseanna ardmholta de €1,500 an duine do David Hamilton agus Myra Jago as a bpéintéireacht faoi seach *Cormac* agus *Reflectio*. D'éirigh go han-mhaith le tionól an imeachta duaiseanna, ar a d'fhreastail a lán de na healaíontóirí a cuireadh ar an ngearrliosta ó bhlianta roimhe sin sa Mhórghailearaí i mí na Samhna. Cuireadh comhoibriú an-torthúil agus dearfach le Hennessy ar Dhuais na Portráide i gcrích in 2017 chomh maith. Leanfar leis an gcomórtas in 2018 faoi urraitheoir Zurich.



DUAIS PHORTRÁIDE HENNESSY 2017

- Jack Hickey, buaiteoir Dhuais Phortráide Hennessy 2017, lena phortráid bhuaiteach *My Time*.



Foilseacháin Roghnaithe an Ghailearaí

- 
 Claire Crowley, eag.,
Frederic William Burton: For the Love of Art, cat. taislth. Gailearaí Náisiúnta na hÉireann (*Baile Átha Cliath, 2017*).
- Claire Crowley & Brendan Rooney, eagraitheoirí, **Hennessy Portrait Prize 2017**, cat. taislth. Gailearaí Náisiúnta na hÉireann (*Baile Átha Cliath, 2017*).
- Anne Hodge, eag., **Good Morning Mister Turner: Niall Naessens and J.M.W. Turner**, cat. taislth. Gailearaí Náisiúnta na hÉireann (*Baile Átha Cliath, 2017*).
- Anne Hodge & Niamh MacNally, eagarthóirí, **The works of J.M.W. Turner at the National Gallery of Ireland** (*Baile Átha Cliath, 2017*).
- Muirne Lydon, Simone Mancini, Elizabeth Mayes, eagarthóirí, **The Marriage of Strongbow and Aoife: Conserving a National Treasure** (*Baile Átha Cliath, 2017*).
- Niamh MacNally, eag., **Margaret Clarke: An Independent Spirit**, cat. taislth. Gailearaí Náisiúnta na hÉireann (*Baile Átha Cliath, 2017*).
- Adriaan E. Waiboer, eag., **Vermeer and the Masters of Genre Painting. Inspiration and Rivalry**, cat. taislth. Gailearaí Náisiúnta na hÉireann (*New Haven and London, 2017*).

Caomhnú agus Grianghrafadóireacht

Is é ceann de mhisin lárnacha Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann a bhailiúcháin a chaomhnú agus a chosaint. Tá an Roinn um Chaomhnú – ina gcuimsítear Caomhnú Péintéireachta agus Caomhnú Páipéar – freagrach as aire a thabhairt don taispeántas, agus taifeadann an Roinn Grianghrafadóireachta an bailiúchán, taispeántais, foirgnimh agus gníomhaíochtaí an Ghailearaí.



SAOTHAR A ULLMHÚ DON ATHCHROCHADH

- Simone Mancini, an Ceann um Chaomhnú, ag scrúdú gloine dhaite le Evie Hone agus ag obair ar an sciath le cloigeann Medusa a rinne ealaíontóir Iodálach anaithnid ó seachtú haois déag (NGI.4337).

97

SAOTHAIR
BHAILIÚCHÁIN GEORGE
PETRIE Á GCÓIREÁIL18 mí de
thaighde agus
de chaomhnúCURTHA I GCRÍCH
DO THIONSCADAL
GUERCINODeontas
€250,000FAIGHTE FAOI SCÉIM
ÚR UM DHIGITIÚ

Baineann obair na roinne um Chaomhnú le taighde agus measúnú a dhéanamh ar an mbailiúchán, ag tabhairt comhairle don Roinn Coimeádaíochta, agus ag tabhairt faoi ghnáthghníomhaíochtaí a bhaineann le beartais agus nósanna imeachta cúraim bailiúcháin le haghaidh taispeántas agus iasachtaí. Le bailiúchán ina bhfuil thart ar 16,000 péintéireacht, líníocht, uiscédhath, mionphictiúr, prionta, dealbhóireacht agus ealaíon mhaisithe, d'fhorbair an fhoireann um Chaomhnú straitéisí chun cóireálacha coiscitheacha a dhéanamh, lena n-áirítear monatóireacht chomhshaoil agus gníomhaíochtaí feabhsúcháin lena chinntiú go ndéanfar rioscaí ar chúram fadtéarmach an bhailiúcháin a íoslaghdú.

Ag tabhairt aire don bhuanbhailiúchán

Le hathchóiriú sciatháin stairiúla an Ghailearaí tugadh deis rithábhachtach don Roinn um Chaomhnú aghaidh a thabhairt ar shaothair sa bhuanbhailiúchán. Rinne na caomhnóirí suirbhé agus cóireáil ar rogha na gcoimeádaithe de shaothair an bhuanbhailiúcháin roimh an athoscailt i mí an Mheithimh (*Féach Aguisín 3 le haghaidh liosta de na cóireálacha a roghnaíodh*).

Mar chuid den mhórtionscadal sin, rinne na caomhnóirí na caighdeáin maidir le taispeántais le haghaidh saothar sa taispeántas úr a athbhreithniú agus a fheabhsú. Áiríodh leis sin córais úra crochta a dheardh do na hócóin agus don luathphéintéireacht Iodálach ar phainéal, atá crochta anois i Sciathán Beit Uachtarach, chomh maith le pliontaí úra a dheardh chun péintéireacht phainéil dhéthaobhach a chur ar taispeáint den chéad uair, agus córais saincheaptha frámála don ghloine dhaite Éireannach (*féach leathanach 40 le haghaidh tuilleadh eolais*).

Chum an fhoireann um Chaomhnú Páipéir clár iomlán um chóireáil chaomhnaithe do Bhailiúchán George Petrie (NGI.6865). Thiomnaigh Stokes an fillteán ábhair sin, ina bhfuil 97 líníocht, uiscédhath agus prionta a rinne Petrie, Margaret Stokes agus ealaíontóirí ársa eile, in 1900. Iarrann taighdeoirí agus scoláirí an bailiúcháin go minic. Bhí a lán de na saothair ró-shobhraste roimhe seo lena láimhseáil nó le féachaint orthu. I ndiaidh suirbhé tosaigh, dhoiciméadaigh an fhoireann na míreanna agus ghlan siad a ndromchlaí, agus dheisigh siad gach stróiceadh agus caillteanas ag baint úsáid as páipéar síoda Seapánach agus taos stáirse cruithneachta. Baineadh an taise as na líníochtaí agus rinneadh iad a phreasáil chun filltíní a bhaint astu, agus ar deireadh cuireadh i dtoll a chéile iad agus cuireadh i bpócaí poileistir iad. Mar thoradh ar an obair sin, tá an bailiúchán ar fáil anois do thaighdeoirí agus do scoláirí chun féachaint orthu agus staidéar a dhéanamh orthu.

Nuálaíocht agus taighde

Tá sé ina príomhghné de chúram bailiúcháin anailís eolaíoch theicniúil a uasghrádú. In 2017, d'uasghrádaigh an roinn a trealamh trí aonad úr x-ghathach digiteach agus ceamara a cheannach chun radaagrafaíocht X-ghathach agus doiciméadúchán infridhearg níos íogaire agus níos faisnéisí a dhéanamh. Ceannaíodh anailíseoir fluaraiseach X-ghathach (XRF) láimhe chomh maith. Leis an píosa trealaime sin beidh an fhoireann um Chaomhnú ábalta anailís eiliminteach a dhéanamh ar ábhair dhatha agus ar thátháin.

Rinneadh feabhas mór ar an gcóras monatóireachta comhshaoil ar fud an Ghailearaí le suiteáil trealaime bhreise le haghaidh comhartha raidió, agus logálaithe sonraí, atá suite anois ar fud na ngailearaithe, saoráidí stórála bailiúcháin, Uimh. 5 Sráid Laighean Theas, agus cruacha leabharlann ealaíne an Ghailearaí. Cuidíonn an t-uasghrádú sin ar an trealamh go mór le caighdeáin an mhúsaeim a

choimeád. Baineann na Seirbhísí Taispeántas agus Bailiúchán úsáid as an bhfaisnéis a bhailíonn an trealamh chomh maith agus iad ag déileáil le hiarratais ó institiúidí asachtaíochta agus iasachtaithe.

Chomhoibriú an fhoireann um Chaomhnú Páipéir leis na coimeádaithe chun athchóiriú agus uasghrádú an Ghailearaí Priontála a phleanáil. Déanfar é sin in 2018.

I gcomhréir le plean straitéiseach an Ghailearaí rinne an Roinn um Chaomhnú imscrúduithe tosaigh ar bhunú Ionaid Náisiúnta um Chaomhnú sa Ghailearaí, chun réimse níos éifeachtaí oibríochtaí a chur ar fáil do chaomhnóirí na péintéireachta agus páipéir ó gach cearn den oileán, taighde agus grianghrafadóireacht, agus saoráidí atá ann cheana a uasmhéadú agus a fhorbairt ag an am céanna.

Comhoibriú

Tionscnaíodh agus/nó cuireadh i gcrích roinnt tionscadal comhpháirtíochta tábhachtach le linn na bliana, lena n-áirítear comhoibriú le Fondúireacht Alfred Beit a bhain le tionscadal lánscála caomhnaithe ar *Madame Baccelli*, olaphictiúr ar chanbhás de chuid Thomas Gainsborough.

Bhí cur i gcrích Thionscadal Guercino—tionscadal taighde agus caomhnaithe 18 mí i gcomhoibriú le J. Paul Getty Museum agus J. Paul Getty Conservation Institute—ina bhuaicphointe den bhliain. Díríodh sa tionscadal ar *Jacob Blessing the Sons of Joseph*, le Guercino c.1620 (NGI.4648), a raibh cóireáil de dhíth air. Mar chuid den chomhpháirtíocht, a thosaigh in 2016, thaistil ceithre chaomhnóir péintéireachta ón nGailearaí chun oibriú ar feadh tréimhse ama in éineacht le caomhnóirí, eolaithe agus coimeádaithe in Getty. Glanadh salachar, sean-mhionleasuithe agus vearnais dhídhathach ón gcanbhás, ag nochtadh dathanna agus sonraí níos gile. Le scála agus castacht na hoibre theastaigh a lán teicnící anailíseacha, lena n-áirítear, radagrafaíocht X-ghathach, speictreascópacht agus íomháu ultraivialait. Cuireadh taispeántas ina mbeidh sonraí faoi thaighde teicniúil agus faoi dhúshláin an tionscadail ar taispeáint nuair a thabharfar an phéintéireacht ar ais go dtí an Gailearaí in 2018.



GUERCINO

— *Jacob Blessing the Sons of Joseph*, le Guercino c.1620 (NGI.4648), ar a ndearnadh cóireáil chaomhnaithe i gcomhoibriú le J. Paul Getty Museum in Los Angeles.





Tionscadal um Chaomhnú Maclise

Ba éard a bhí i gceist le Tionscadal um Chaomhnú Maclise (*léirithe ar leathanaigh 43-45*) comhoibriú ó roinnt foirne idirnáisiúnta agus idirdhisciplíneacha, lena n-áirítear taighde teicniúil a rinne CHARISMA ar an bpéintéireacht, foireann taighde trasnáisiúnta uathúil chun oidhreacht chultúrtha a athchóiriú agus a chaomhnú.

Tugadh maoiniú flaithiúil don tionscadal ó Thionscadal um Caomhnú na hEalaíne Bank of America Merrill Lynch.



CAOMHNÚ

- Intéirneach péintéireachta Giulia Campagnari agus íocón á chóireáil aige roimh athchrochadh an bhailiúcháin.



Scaipeadh eolais agus saineolais

Le linn na bliana scaip an Roinn um Chaomhnú taighde maidir le heolaíocht um chaomhnú agus cúram bailiúcháin don phobal oidhreacht a gcoitinne in Éirinn. Sholáthair an fhoireann sainseirbhísí don phobal agus d'fhorais chultúrtha neamhspleácha, chomh maith le hoiliúint agus treoir do ghairmithe ealaíon agus oidhreacht. Bunaíodh cláir le haghaidh cúram bailiúcháin le roinnt foras chun comhroinnt scileanna a éascú agus comhar idirdhisciplíneach le forais a chur chun cinn ar bhonn náisiúnta agus idirnáisiúnta araon.

Mar chuid den tsraith sin oibre, bunaíodh comhaontú comhaltachtaí idir an Gailearaí agus Cumann Ríoga Bhaile Átha Cliath chun cúram na saothar ealaíon agus Bailiúchán Seoda an RDS a éascú. Tá an tionscadal, arna mhaoiniú ag an RDS, á riar ag an nGailearaí agus faoi mhaoirseacht na Roinne um Chaomhnú. Cuireadh tús leis an tionscadal i mí Lúnasa le ceapachán Comhaltachta Caomhnóra Péintéireachta RDS.

Lean clár intéirneachta gníomhach na Roinne um Chaomhnú le tacaíocht an-luachmhar a chur ar fáil don fhoireann; le linn na bliana tairgeadh deiseanna taighde agus oiliúint i gcaomhnú péintéireachta agus páipéir do dhá scoláire um chaomhnú agus do chaomhnóir iarchéime amháin.

Mar chuid de chomhaontú seirbhísí comhroinnte, d'oibrigh intéirneach um chaomhnú péintéireacht, faoi mhaoirseacht Simone Mancin, in Áras Nua-Ealaíne na hÉireann agus in Crawford Art Gallery ar feadh 4½ mí ag an am. I measc na gcúraimí bhí suiteáil taispeántas, suirbhéireacht agus tuarascálacha a scríobh ar bhail na saothar a bhí ar taispeáint agus i stóras chomh maith le cóireálacha caomhnaithe agus bainistiú bailiúcháin.

Grianghrafadóireacht

Fuarthas deontas €250,000 faoin scéim úr um dhigitíú, arna feidhmiú ag an Roinn Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta, mar chuid den Chlár Éire Chruthaitheach. Mar thoradh air sin, rinneadh trealamh íomháithe dhigitigh an Ghailearaí a uasghrádú agus tionscnaíodh dhá thionscadal: tionscadal um dhigitíú chun an bailiúchán a dhoiciméadú ar na caighdeáin idirnáisiúnta is airde, agus tionscadal um imscrúdú digiteach lenar féidir oibríochtaí níos éifeachtaí a dhéanamh agus lena gcuirtear as an áireamh an gá le saoráidí scannáin, seomra dhorcha agus fliuchphróiseála. Áiríodh ar an trealamh a ceannaíodh digiteacha ceamara agus soilsithe, córais X-ghathacha dhigiteacha agus frithchaiteagrafaíochta infridheirge.

Chomh maith leis an athchóiriú a dhoiciméadú, thaifead an fhoireann Grianghrafadóireachta suiteáil an bhuanbhailiúcháin sna sciatháin stairiúla, lena n-áirítear céimeanna deiridh de Thionscadal um Chaomhnú Maclise. Lena chois sin, chuir an fhoireann le catalóg taispeántas lena n-áirítear *Margaret Clarke: An Independent Spirit*; *Vermeer and the Masters of Genre Painting*; *Frederic William Burton: For the Love of Art*; agus *Good Morning Mister Turner*, agus sholáthair siad facsamhlacha do thaispeántas Burton. Rinneadh scrúdú infridhearg agus ultraivialait ar Radhairc ó *Life of Saint Augustine* (NGI.823), agus glacadh grianghraif mhionsonraithe de shíniú Vermeer ar *Woman Writing a Letter, with her Maid* (NGI.4535).

Leabharlann agus Cartlanna

Cuimsítear sna bailiúcháin leabharlainne agus cartlainne ag Gailearaí Náisiúnta na hÉireann bailiúcháin uathúla agus bailiúcháin lena mbaineann tábhacht stairiúil maidir le staidéar ar stair na healaíne.



Thug os cionn 2,000

AIGHDEOIR CUIIRT
AR NA SEOMRAÍ
LÉITHEOIREACHTA



D'fhreastail 1,500 duine

AR THURAIIS AGUS
LAETHANTA OSCAILTE
NA LEABHARLAINNE
AGUS NA GCARTLANN



Cuireadh 3,900 teideal

LE BAILIÚCHÁN NA
MBEATHAISNÉISÍ

I measc na bpríomhfhorbairtí chun tacú le misean an Ghailearaí aire a thabhairt don ealaín, í a léirmhíniú agus daoine agus a n-ealaín a thabhairt le chéile, bhí bainistíocht agus forbairt bailiúcháin, comhoibriú agus comhpháirtíochtaí, agus méadú ar an rannpháirtíocht phoiblí. Go sonrach i mbliana, leis an líon foirne atá ag fás agus an leibhéal méadaithe ar ghníomhaíocht ar fud an Ghailearaí tháinig méadú an-mhór ar na héilimh ar na seirbhísí taighde agus ar an tacaíocht a sholáthraíonn an leabharlann agus na cartlanna.

Rinneadh dul chun cinn sonrach ar chatalógú leabharlann agus chartlann Sir Denis Mahon, agus lean na gníomhaíochtaí rannpháirtíochta poiblí le haiseolas dearfach a fhorbairt agus a fáil, rud a léirigh suim mhéadaithe na gcuairteoirí sa leabharlann, sa chartlann agus i mbailiúcháin BSL CSIA. Lean an clár comhaltachtaí arna fhorbairt ag an leabharlann agus na cartlanna le céim aistir a chur ar fáil d'iarchéimithe arbh mhian leo oibriú le bailiúcháin taighde músaem.

Táimid an-bhuíoch as flaithiúlacht agus tacaíocht ár gcomhpháirtithe seanbhunaithe BSL, H.W. Wilson Foundation agus Iontaobhas Sir Denis Mahon, as a dtacaíocht leanúnach do bailiúcháin, seirbhísí agus clár na leabharlainne agus na gcartlann.

Bronntanas an Uasail Tage S. Kristensen

Léiríonn bronntanas an Uasail Tage S. Kristensen na bealaí neamhghnácha inar féidir le bailiúcháin a mbealach a dhéanamh isteach i leabharlann an Ghailearaí. Nuair a shlánaigh Kristensen 70 bliain d'aois bhí sé ag iarraidh áit a fháil dá bhailiúchán leabhar a bhaineann le Vermeer. Ar an dea-uair, tháinig sé ar phíosa ar shuíomh gréasáin an Ghailearaí inar tugadh chun suntais foilseachán 1925 Gustave Vanzype, *Vermeer de Delft*. Agus fios aige go raibh péintéireacht de chuid Vermeer sa Ghailearaí chomh maith, thairg sé a bhailiúchán leabhar mar bhronntanas. Ní thiocfadh leis an tairiscint sin teacht ag am níos fearr ag cur san áireamh na pleananna don thaispeántas *Vermeer and the Masters of Genre Painting* i mí an Mheithimh 2017. Tá an bailiúchán sin de 135 foilseachán, mar aon le hábhar atá sa Ghailearaí cheana, ina chuid de bailiúchán taighde an-láidir ar fad de leabhair a bhaineann le péintéireacht Ré Órga na hÍsiltíre.

Taispeántais na leabharlainne agus na gcartlann agus an rannpháirtíocht phoiblí

Tugadh an ról tábhachtach tacaíochta atá an leabharlann agus ag na cartlanna i bhforbairt taispeántas agus taispeántí chun suntais i líon laethanta oscailte ar ar fhreastail a lán daoine agus ina raibh ábhar a bhain le príomhthaispeántais le linn na bliana.





“Tá a fhios agam gur féidir liom mo leabhair faoi Vermeer a fháil sa Ghailearaí is fearr atá ann, ina mbeidh fáil orthu do gach úsáideoir a bhfuil suim acu iontu le linn na mblianta amach romhainn. Níl amhras ar bith ann ná gur méadaíodh an suim i saol agus i bpéintéireacht Vermeer le taispeántas le déanaí Vermeer i mBaile Átha Cliath, mar sin tá súil agam go mbainfidh a lán de chuairteoirí na leabharlainne sult as an deis seo. Dúirt André Malraux uair amhain ‘**is éard is leabhar ealaíne ann músaem gan ballaí**’, agus aontaím leis go hiomlán.”

AN TUASAL TAGE S. KRISTENSEN

LEABHAIR VERMEER

- 
 Bailiúchán de 135 foilseachán a thug an tUasal Tage S. Kristensen don Ghailearaí.



Ealaín 2017

Toisc nach raibh formhór bhailiúchán na hEalaíne Éireannaí inrochtana ar feadh a lán den tréimhse athchóirithe, d'eagraigh BSL CSIA Ealaín, lá inar ceiliúradh ealaín agus cultúr na hÉireann a bhí ar siúl an 23 Iúil. Cuimsíodh sa chlár turais inar bhféachadh ar bhuaicphointí an bhailiúcháin Éireannaigh, ceardlanna do pháiste agus do theaghlaigh a bhí spreagtha ag saothair an ealaíontóra Éireannaigh Jack B. Yeats, turais sa Ghaeilge, turais taispeántais, agus cainteanna ar chaomhnú.

Thug an t-ealaíontóir gloine daite Emer O'Donnell agus an caoladóir traidisiúnta Joe Hogan léiriúcháin phraiticiúla, agus bhí an-tóir ag na cuairteoirí óga ar an gceardlann déanta briosaí *Edible Collages* le Michelle Darmody. D'oscail BSL CSIA a dhoirse don phobal, le taispeántas ó na cartlanna ina raibh míreanna a bhain le Mainie Jellett, Sarah Purser agus Walter Osborne. Chríochnaigh an lá le léiriú ceoil saor in aisce, do theach lán i dtimpeallachtaí galánta Sheomra athchóirithe Shaw, le haíonna speisialta Lisa Lambe agus baill ó Hothouse Flowers Liam Ó Maonlaí agus Peter O'Toole.

Comhoibriú agus comhpháirtíochtaí

Le blianta beaga anuas, rinneadh dul chun cinn suntasach ar chomhpháirtíochtaí a fhorbairt le coláistí tríú leibhéal. I mbliana, rinne mic léinn BA Cultúr Fíósúil Choláiste Náisiúnta Ealaíne is Deartha agus mic léinn MPhil TRIARC Choláiste na Tríonóide modúl inar díródh ar ábhair i mbailiúcháin an CSIA. Le linn na bliana, éascaíodh seimíneáir agus cuir i láthair acadúla do mhic léinn ó IADT, Ollscoil Mhaigh Nuad agus COBÁC, agus rinne mic léinn ó CNED, Coláiste na Tríonóide agus Ollscoil Mhaigh Nuad socrúcháin agus intéirneachtaí.

ARLIS na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann Comhdháil Bhliantúil

In 2017 tionóladh cruinniú bliantúil na leabharlannaithe ealaíne i mBaile Átha Cliath idir an 12 agus an 14 Iúil; bhí sé beagnach 30 bliain ó d'óstáil Éire an chomhdháil. Rinne an Gailearaí, a raibh ról fíorthábhachtach aige maidir leis an gcomhdháil thábhachtach leabharlainne ealaíne a thabhairt go Baile Átha Cliath, an chomhdháil a thionól ar feadh dhá lá. Ba é an chéad chomhdháil le leas a bhaint as na spásanna a bhí athchóirithe as an nua. Bhí eagrú na comhdhála mar thoradh ar chomhoibriú rathúil idir an Gailearaí agus máthair-institiúidí lena n-áirítear Cumann Ríoga Bhaile Átha Cliath, Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath, an Coláiste Náisiúnta Ealaíne is Deartha/NIVAL agus Acadamh Ríoga na hÉireann. Ba é téama an chláir *[R]evolution: Re-imagining the Art Library* agus dhírigh sé go príomha ar fhorbairtí úra i mbainistiú bailiúcháin, rannpháirtíocht phoiblí agus foirgnimh agus spásanna na leabharlainne. Ba dheis iontach é an chomhdháil rathúil le sealbhú leabharlann agus chartlanna an Ghailearaí a chur ar taispeánt, agus leis na pleannanna amach anseo le haghaidh saoráidí taighde sa Ghailearaí a léiriú.



EALAÍN

- Áiríodh in Ealaín imeacht do chuairoteoirí idir sean is óg lena n-áirítear léiriúcháin cheardaíochta agus léiriú le Lisa Lambe, Liam O'Maonlaí agus Peter O'Toole i Seomra Shaw.



CARAVAGGIO


- Tá taispeántas bhailiúcháin na leabharlainne agus na gcartlann ag éirigh níos tábhachtaí i gcónaí, ag soláthar comhthéacs agus tuiscint níos doimhne go minic ar scéalta na dtaispeántas. I mbliana, cuimsíodh ábhar na leabharlainne agus na gcartlann in *Frederic William Burton: for the Love of Art*, agus san aitriam beag taispeánta *Caravaggio Uncovered*.



Rann- pháirtíocht Phoiblí

Rannpháirtíocht Phoiblí

Tugadh ceithre roinn le chéile sa Ghailearaí in 2017 chun colún eagrúcháin úr a chruthú, is é sin Rannpháirtíocht Phoiblí. Leis an gcolún sin cuirtear riachtanais ár lucht féachana/éisteachta ag tosach agus i lár an Ghailearaí, ag éisteacht, ag freagairt agus ag mealladh.





RANNPÁIRTÍOCHT PHOIBLÍ

- \\ Cuairteoirí ag tabhairt turais ar an nGailearaí agus ag glacadh páirt i dturais agus in imeachtaí.

Oideachas

Sheol an fhoireann Oideachais cur chuige
úr maidir le cláreagrú ó na príomhréimsí
maidir le Páistí agus Teaghlaigh;
Aosaigh; Foghlaim ar feadh an tSaoil;
Múinteoirí, Scoileanna agus Daoine
Óga; Rannpháirtíocht an Phobail; agus
Rochtain agus Riachtanais Eile.



Tionóladh 3,100 imeacht oideachais

SA GHAILEARAÍ
IN 2017

D'fhreastail 102,362 rannpháirtí

AR IMEACHTAÍ SA
GHAILEARAÍ IN 2017

D'fhreastail 22,963 duine ar 331

IMEACHT VERMEER

I mí na Bealtaine, rinne an fhoireann measúnú dian ar an gcur chuige úr agus thug siad roinnt feabhsuithe isteach. Bhí an clár an-chruthaitheach, cumtha chun tacú leis an athoscailt agus leis na taispeántais, agus saincheaptha chun cuairteoirí a ghríosú agus chun lucht féachana/éisteachta úr a mhealladh. Ba é aschur an chláir sin 3,100 imeacht arna soláthar chuig 102,362 lucht freastal. Tá an roinnt bródúil as na figiúirí sin agus as caighdeán an chláir ónar tháinig na figiúirí sin.

I mbliain lán d'imeachtaí iontacha agus mealltacha, is iad seo a leanas cuid de na buaicphointí:

Cláreagrú taispeántas

Sheol an fhoireann Oideachais sraith úr de chláir shaincheaptha oideachais le haghaidh mhórhaispeántais shealadacha an Ghailearaí. Cumadh cláir shaincheaptha do *Beyond Caravaggio*, *Vermeer and the Masters of Genre Painting* agus *Frederic William Burton: For the Love of Art* chun tacú le príomhthéamaí, teacht ar lucht féachana/éisteachta úr, agus tacú le straitéis na Roinne Oideachais agus straitéis an Ghailearaí araon.

Díríodh clár oideachais *Beyond Caravaggio* ar 'dhorchadas, ar sholas agus ar dhráma' an taispeántais. Cuireadh feabhas ar thairiscintí bunaithe amhail léachtaí tráthnóna an Déardaoin, maidineacha staidéir agus ceardlanna páistí agus soláthraíodh iad in éineacht le gníomhaíochtaí úra. Áiríodh leo sin tobchainteanna agus léirithe ceoil, léirithe amharclainne scáthphuipéad, comhoibriú fadtéarmach scoileanna le hAmharclann na Mainistreach, comhpháirtíocht spreagúil úr le Ceol-Acadamh Ríoga na hÉireann.

In mí an Mheithimh, dhá lá go díreach i ndiaidh athoscailt na sciathán stairiúil, sheol an fhoireann Oideachais Setting the Scene, clár chun tacú le *Vermeer and the Masters of Genre Painting*. D'éirigh go thar a bheith maith le ceardlanna babaithe *Vermeer to Maternity*, agus le comhoibriú úr leis an bhfoireann agus daoine óga ó Blossom Ireland, eagraíocht a fhreastalaíonn ar pháistí atá faoi mhíchumas intleachta agus ar a dteaghlaigh. Le *Dutch Golden Details*, comhoibriú spreagúil leis an salón ingne Tropical Popical, lucht féachana/éisteachta úr agus níos óige. I mí Mheán Fómhair, bhí saineolaithe idirnáisiúnta i láthair i gcomhdháil acadúil ar Ré Órga na hÍsiltíre, lena n-áirítear Junko Aono, Ollamh Comhlach, Kyushu University, Fukuoka.

Bhí *After Vermeer*, taispeántas ealaíne comhaimseartha i stiúideo Sciathán na Mílaoise, ina bhuaicphointe tionscadail a chum Sinéad K. Rice. Tugadh cuireadh do na healaíontóirí Brian Fay, Dragana Jurišić agus Maser chun inspioráid a fháil ó thaispeántas Vermeer agus saothar úr a chruthú mar fhreagairt air. Le linn a shraithe 17 lá, thug 13,550 duine cuairt ar an taispeántas *After Vermeer*.

Tugadh an bhliain i gcrích le clár a cumadh chun cur le taispeántas iardhearcach *Frederic William Burton: For the Love of Art*. Díríodh sa chlár sin ar shaol agus ar chaidreamh an ealaíontóra, chomh maith lena scil mar línitheoir. Chomh maith le comhoibriú le hArd-Mhúsaem na hÉireann, cheap an fhoireann Oideachais clár fairsing for-rochtana inar dtairgeadh an deis do lucht féachana/éisteachta lasmuigh de Bhaile Átha Cliath páirt a ghlacadh i gcainteanna agus i gceardlanna spreagúla bunaithe ar an taispeántas.



BEYOND CARAVAGGIO

\\ Díríodh clár oideachais *Beyond Caravaggio* ar 'dhorchadas, ar sholas agus ar dhráma' an taispeántais.



AN RADHARC A ULLMHÚ

- \ Bhí baill de chuid RIAM páirteach i seó agus léiriú, mar chuid den chlár oideachais do *Vermeer and the Masters of Genre Painting*, ag seinm ceoil ó Ré Órga na hÍsiltíre ar uirlis na ré sin, agus phéinteáil baill den RHA an radharc beo.



AN LÁ NÁISIÚNTA LÍNÍOCHTA

- D'oibrigh an maisitheoir Fatti Burke agus an t-ealaíontóir agus léiritheoir Don Conroy duine le duine, ag cruthú portráidí de dhá bhuaiteoir de chomórtas na meán sóisialta os comhair slua leantóirí agus chuairoteoirí an Ghailearaí. Ag coinneáil le téama an lae, dearbhaíodh toradh chath na healaíne mar "chomhscór".

FOR-ROCHTAIN SAN AINDRIAS

- Stiúir an fhoireann 120 imeacht as an láithreán lena n-áirítear comhoibriú le hInstitiúid Scannán na hÉireann, chomh maith le ceardlanna fíorthábhachtacha for-rochtana le hOspidéal Mhuire na Leanaí, Cromghlinn agus dreamanna eile. Thuas, rannpháirtithe ag tionscadal úr for-rochtana na luathbhlianta ag Ionad Acmhainní San Aindrias ar Shráid an Phiarsaigh, Baile Átha Cliath.

13ú Lá bliantúil

NÁISIÚNTA
LÍNÍOCHTA

Ghlac
1,700
cuairteoir

PÁIRT I
NGNÍOMHAÍOCHTAÍ
AN LAE NÁISIÚNTA
LÍNÍOCHTA SA
GHAILEARAÍ

120
imeacht
for-
rochtana

ÉASCAITHE AG
AN BHFOIREANN
OIDEACHAIS

An Lá Náisiúnta Líníochta 2017

Ar an 20 Bealtaine, tionóladh an 13ú Lá bliantúil Náisiúnta Líníochta sa Ghailearaí: an t-imeacht poiblí mórscála deireanach a bhí le tionól roimh athoscailt na sciathán stairiúil. Bhreathnaigh 1,700 cuairteoir, de gach aois, ar léirithe na n-ealaíontóirí, ghlac siad páirt i gceardlanna, agus d'fhreastail siad ar imeacht comhrá leis an ealaíontóir Gareth Reid agus Evelyn O'Rourke ó RTÉ sa téatar léachtaí.

Bhí fuadar oibre líníochta faoi chách sa Ghailearaí faoi stiúir na n-ealaíontóirí Jess Tobin, Sahoko Blake agus Laura Hurley, buaiteoir *Imagining Ireland*, a rinne sceitsí ar fud an fhoirgnimh. Chruthaigh John O'Reilly, Paula McGloin, Conor Merriman, Leanne Mullen, David Eager Maher agus Mick O'Dea, PRHA, saothair ealaíne a bhí spreagtha ag Picasso. Stiúir an t-ealaíontóir agus teagascóir Fintan Mahon cuairteoirí i gceardlann líníochta beo.

Imeacht náisiúnta trasteorann is ea an Lá Náisiúnta Líníochta, arna thionscnamh agus arna chomhordú ag an nGailearaí, le tacaíocht ón Roinn Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta. I mbliana, ghlac os cionn 150 foras ar fud na hÉireann páirt ann.

Ag cur fáilte roimh ár gcuairteoirí ar ais chuig na sciatháin stairiúla

D'fhorbair an fhoireann Oideachais clár speisialta imeachtaí chun fáilte ar ais a chur roimh dhaoine chuig sciatháin stairiúla an Ghailearaí. Dar teideal *Inspire the Nation*, bhí imeachtaí ar siúl ón 26 Meitheamh go dtí an 31 Lúnasa, agus áiríodh leo turais phoiblí laethúla agus tobchainteanna. Ghlac a lán de na baill foirne ar fud an Ghailearaí páirt sa chlár agus chomhroinn siad a ndíograis don bhailiúchán trí thobchainteanna. Thairg an fhoireann turais úra rochtana agus rannpháirtíochta do lucht féachana/éisteachta éagsúil chomh maith. I measc na dturas sin bhí turais thadhlacha do dhaoine eile a raibh lagú súl orthu: turais Féach agus Freagair do dhaoine a raibh néaltrú orthu agus a gcúramóirí; turais treisithe do dhaoine a raibh moill éisteachta orthu; turais sa Ghaeilge; turais faoi threoir ógánach; agus turais le haghaidh tuismitheoirí agus teaghlaigh úra.

Lena chois sin, choimeád Sinéad K. Rice, Ceann an Oideachais *14-23: The First Ten Days*. Tugadh cuireadh don ghrianghrafadóir Conor O'Leary chun an chéad deich lá i ndiaidh na hathoscailte (14-23 Meitheamh) a thaifeadadh, am suntasach agus spreagúil i stair an Ghailearaí. Ghabháil O'Leary, a bhfuil saothar ina phunann le haghaidh New York Times, Fader agus Penguin Random House, léaráidí, freagairtí agus scéalta na ndaoine ar bhuail sé leo sa Ghailearaí, trí íomhá, téacs agus fuaim. Ghlac O'Leary ceannais ar fhothú Instagram an Ghailearaí chomh maith ar feadh thréimhse an tionscadail, ag postáil cuid dá phortráidí áille de na cuairteoirí agus a bhfreagairtí. Bhí an-tóir ag cuairteoirí orthu, agus mar thoradh air sin b'ionann an scaipeadh orgánach agus 57,000.





THE FIRST TEN DAYS

Portráidí de bhaill foirne agus de chuariteoirí an Ghailearaí a ghlac Conor O'Leary mar chuid dá thionscadal 14-23. Áirítear ann Adrian Le Harivel, Coimeádaí Ealaín na Breataine (ar chlé thíos), agus Esme Lewis (ar chlé), tacadóir dílis de chuid an Ghailearaí.



Eispéireas na gCúairteoirí

Tá sé mar aidhm ag foireann Eispéireas na gCúairteoirí, rannpháirtíocht na gcúairteoirí a ardú, eispéireas na gcúairteoirí ar an gcaighdeán is airde a chothú, agus cáil shármhaith an Ghailearaí a fhorbairt. Tá sé sin á sholáthar ag foireann bheag cúntóirí Eispéireas na gCúairteoirí agus grúpa tiomanta saorálaithe.



SAORÁLAITHE

Ár ngrúpa tiomanta saorálaithe a chuireann fáilte roimh ár gcúairteoirí agus a chuidíonn leo.



39,000
cuariteoir

IN AGHAIDH NA
SEACHTAINÉ LE LINN AN
TSAMHRAIDH

Dúirt 95% de
na cuairteoirí

AR A NDEARNADH
SUIRBHÉ GO MOLFADH
SIAD AN GAILEARAÍ

Bhí 186
duine

PÁIRTEACH SA CHLÁR
SAORÁLAÍOCHTA IN
2017

Bhí bliain thar a bheith gnóthach ag an bhfoireann agus méadú 165% mí i ndiaidh míosa ar líon na gcuariteoirí i ndiaidh na hathoscailte, le buaicléonta 39,000 cuairteoir in aghaidh na seachtaine le linn an tsamhraidh.

Ag Éisteacht lenár lucht féachana/éisteachta

I mí Aibreáin, choimisiúnaigh an Gailearaí suirbhé lucht féachana/éisteachta Red C chun tuiscint a fháil ar conas a mhothaigh daoine faoin nGailearaí i dtreo tréimhse fhada de dhúnadh sealadach. dúirt 95% dóibh siúd a ndearnadh suirbhé orthu go molfadh siad an Gailearaí do bhaill teaghlaigh nó do chairde. Mar an gcéanna léiríodh Glanscór Tionscnóra 90% le i suirbhéanna aiseolais ar líne agus as líne.

An Gailearaí a dhéanamh níos inrochtana

Tá an Gailearaí tiomanta dá bheith inrochtana dár gcuariteoirí ar fad, agus iad ar fad a chur san áireamh. I mí Dheireadh Fómhair, d'athbhunaigh an Gailearaí Foireann Inrochtaineachta thrasfheidhmiúil, faoi stiúir Eispéireas na gCuariteoirí. Faoi mhí na Nollag, chuir an fhoireann Beartas agus Plean Gníomhaíochta Inrochtaineachta an Gailearaí 2018-2021 i gcrích.

Ticéadú na healaíne

I mbliana, thaifead an Gailearaí a dhíolachán b'airde ticéad, ó bunaíodh é, le haghaidh taispeántais shealadacha. Bhí sé sin éascaithe ag foireann cúntóirí taispeántas a sholáthair tacaíocht áirithe do chuariteoirí ar an nguthán, le ríomhphost agus go pearsanta. Ceannaíodh 59% de na ticéid ar líne, líon thar a bheith ard d'earnáil na músaem agus na ngailearaithe i gcás go mbíonn an áirithint ar líne faoi 30% de ghnáth.

Saorálaithe

Agus an Gailearaí ag ullmhú don athoscailt, mhéadaigh sé a ghrúpa tiomanta saorálaithe a oibríonn ar na deasca cuairteoirí. Bhí 186 daoine páirteach sa chlár saorálaíochta faoi dheireadh na bliana. Cuireadh tús le Fóram Grúpa Stiúrtha Saorálaithe chun aiseolas luachmhar a fháil ó shaorálaithe ar bhonn leanúnach, agus tá sé sin anois ina bhealach tábhachtach chun feabhas a chur ar eispéireas na gcuariteoirí den Gailearaí. Lean an Gailearaí le leas a bhaint as an gclár saorálaithe a bhfuil meas air cheana trí dheiseanna breise d'fhorbairt a thairiscint do na saorálaithe.

Bhí an méid seo a leanas le rá ag cuairteoirí faoin nGailearaí:

“Ar ais, ní mó agus níos fearr! Chuir mé díomá in iúl i mo léirmheas roimhe seo ar an nGailearaí faoin méid de a bhí dúnta le haghaidh athchóirithe agus chomh fada agus a bhí siad sin ag glacadh – **agus b’fhiú fanacht leis!** Tá an Gailearaí i bhfad níos gile ná mar a bhí sé roimhe agus uasghrádaíodh na saoráidí go léir. Tháinig mé ar roinnt seanchairde agus roinnt fíor-ábhar iontais.”

LÉIRMHEASTÓIR TRIPADVISOR, 20 Meitheamh 2017

“Am leis an nGailearaí a athfhionnadh: D’éiríomar chomh cleachtaí sin le píosa beag den bhailiúchán a fheiceáil go díreach sa spás i bhfad níos cúinge de Sciathán na Mílaoise. Anois, ní hamháin go bhfuil an spás bunaidh ar ais in úsáid ach thug na hailtirí roinnt spásanna úra dúinn chomh maith leis an solas nádúrtha a ligean isteach arís.”

LÉIRMHEASTÓIR TRIPADVISOR, 6 Iúil 2017

“Táim bródúil gur Éireannach mé agus go bhfuil an deis agam cuairt a thabhairt ar an nGailearaí iontach seo ag aon am.”

LÉIRMHEASTÓIR TRIPADVISOR, 11 Iúil 2017



Rannpháirtíocht Dhigiteach

Bliain d'fhás, cur chun cinn agus turgnamh don fhoireann Dhigiteach a bhí in 2017. Bhí forbairt suímh ghréasáin úir don Ghailearaí ar cheann de na príomhrudaí a baineadh amach. Bhí gá leis an seansuíomh gréasáin, a seoladh ag deireadh 2010, a athchóiriú go hiomlán chun freastal ar chur chun cinn sa teicneolaíocht dhigiteach, agus chun ábhair agus bailiúcháin ar líne an Ghailearaí a thaispeáint dár gcuairteoirí ar bhealach mealltach agus tarraingteach.



85,000

SEISIÚIN GHRÉASÁIN
AR AN SUÍOMH ÚR INA
CHÉAD MHÍMéadú
70%AR SHEISIÚIN
GHRÉASÁIN I
MEITHEAMH 2016Os cionn
100,000
leantóirAR FUD FACEBOOK,
TWITTER, INSTAGRAM,
YOUTUBE, VIMEO, AGUS
SOUNDCLOUD

Suíomh gréasáin úr

Ba é príomhaidhm an suíomh gréasáin a dhéanamh freagrúil do ghléasanna móibíleacha; tá fás ollmhór tagtha ar líon na gcuariteoirí a úsáideann suíomh gréasáin an Ghailearaí ag úsáid gléasanna móibíleacha ó 2010. Cuireadh an suíomh gréasáin úr beo an 1 Meitheamh, dhá sheachtain roimh an athoscailt, rud a thug deis don fhoireann Dhigiteach scleondar agus dúil na gcuariteoirí a fhorbairt ar líne. Bhí sé iontach an méadú mór ar chuariteoirí a bhí ag úsáid ábhar gréasáin an Ghailearaí óna ngléasanna móibíleacha a fheiceáil: Bhí 57% de na seisiúin ar fad i mí an Mheithimh ar ghléas móibíleach, i gcoinne 49% go díreach an mhí roimhe sin.

Sé mhí ina dhiaidh sin, agus tá an suíomh gréasáin fós ag fás agus ag forbairt mar gheall ar ionchur ón bhfoireann ar fud na Ghailearaí, agus ábhar úr le feiceáil gach seachtain, agus os cionn 906,000 seisiún taifeadta in 2017, os cionn dhá thrian ná na seisiúin in 2016.

Na meáin shóisialta

Lean láithreach mheáin shóisialta an Ghailearaí ag neartú agus ag forbairt go gasta in 2017. Tá an rud a tosaíodh ag deireadh 2009 mar thogra a rinne dhá bhall foirne ó ranna éagsúla (Oideachas agus Eispéireas na gCuariteoirí) cuntais don Ghailearaí a bhunú agus a reáchtáil ar Twitter agus Facebook, méadaithe go pobal meán sóisialta atá ag déanamh go han-mhaith de níos mó ná 100,000 leantóir ar fud sé ardán. Facebook, Twitter, Instagram, YouTube, Vimeo, agus Soundcloud.

I mbliana amháin, lean níos mó ná 32,000 leantóir úr an Gailearaí ar fud na dtrí ardán is mó (Facebook, Twitter and Instagram), arb ionann é sin agus méadú 53% ar líon na leantóirí. Bhí fás sonrach follasach ar Instagram, inar ghlac an Gailearaí páirt in 2014, le méadú 89%.

Bhí an ghníomhaíocht is airde ar fud chainéal na meán sóisialta thar thréimhse na hathoscailte, le 140+ postáil cruthaithe ag an bhfoireann ar fud na n-ardán ar fad, ag bailiú 2,600 leantóir úr i dtréimhse deich lá, agus sroicheadh postálacha Facebook de 1,000,064,

Thosaigh an fhoireann Dhigiteach ag baint triail as gnéithe úra meán sóisialta lena n-áirítear Scéala Instagram, chun scéalta níos suimiúla a insint faoin nGailearaí, agus sracfhéachaint níos neamhfhoirmiúla sa chúlra a thairiscint. Cruthaíodh chéad seinnliosta an Ghailearaí arna chomhthiomsú ag coimeádaithe chun cur leis an taispeántas *Forgotten Faces*, agus chomhroinnt sé é le cuairteoirí chainéal nuachruthaithe Spotify an Ghailearaí.



Dúil a Chruthú

D'oibrigh an fhoireann Dhigiteach ar fud na gcainéal digiteach uile chun mothú dúile thart ar an athoscailt a fhorbairt, ag baint úsáid as cineálacha postála lena n-áirítear gearrthóga gairide d'fhíseáin ghreadóige; íomhánna de na ballaí folmha ag fanacht go dtí go gcrochfaí an buanbhailiúchán orthu; grianghraif chartlainne de na sciatháin stairiúla; agus íomhánna de chuid de na rudaí níos suimiúla a nocht na tógálaithe le linn an athchóirithe. I measc na míreanna sin, ag dul siar go dtí tús an fiche haois déag, agus níos luaithe, seanbhuidéil Guinness agus paicéid toitíní, duillíní gealltóireachta, agus duillí ticéid le haghaidh damhsa in 1921 chun tairbhe Chumann Rothaíochta Ársaitheoirí na hÉireann.

POSTÁLACHA NA MEÁN SÓISIALTA

- ✍ Grianghraif a ghlac Conor O'Leary de mhíreanna a nocht na tógálaithe le linn an athchóirithe.







**AN SAOTHAR EALAÍNE IS MÓ
A BHÍ AR INSTAGRAM**

- Sháraigh *Song of the Mad Prince* le Harry Clarke, *Amorino* le Canova, agus *Saint Francis Receiving the Stigmata* le El Greco *Argenteuil Basin* de chuid Monet mar na saothair ealaíne sa bhailiúchán ba mhó a bhí ar Instagram.



NA MEÁIN SHÓISIALTA

- Ceann de na rudaí suimiúla faoi na meáin shóisialta is ea an méid daoine a fhéachann ar na bailiúcháin, agus na rudaí a théann i bhfeidhm orthu nuair a thugann siad cuairt ar an nGailearaí a fheiceáil.



STAIGHRE TURRET

- Shroich grianghraf de staighre Sciathán na Mílaoise, maisithe le haistreoig de *Hellelil and Hildebrand, the Meeting on the Turret Stairs*, chun an taispeántas *Frederic William Burton: For the Love of Art*, a chur chun cinn, scaipeadh orgánach dochreidte ar fud na n-ardán sóisialta ar fad, ag sroicheadh 532,000 duine i dtrí lá.

An Preas agus Cumarsáid

Bhí 2017 ina sárbhliain don Ghailearaí. Chun méid na gníomhaíochta a chur in iúl, chuir an fhoireann Preasa agus Cumarsáide tús le feachtas ollmhór PR ina raibh cuairteanna preasa idirnáisiúnta ardphróifíle, oscailtí breise, imeachtaí PR agus gairmeacha grianghraif.



Ba é 1,858, clúdach preas agus craolta Phoblacht na hÉireann san iomlán beagnach 2.5 uair clúdach meán 2016 agus méadú 149%. Bhí méadú faoi dhó ar choibhéiseacht luachanna fógraíochta um chlúdach meán Phoblacht na hÉireann i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin ag dul suas go €9.323.073, sé sin méadú 122%. Bhí rochtain breis agus 72.4 milliún i bPoblacht na hÉireann in 2017.

Bhí an-chlúdach meán go deo sna meáin idirnáisiúnta ar athoscailt agus clár réaltach taispeántais an Ghailearaí a raibh tuairiscí orthu in The Guardian, The London Times, The Sunday Times, The Spectator, The Observer, The Economist, Architect's Journal, Nuacht Teilifíse BBC, The Art Newspaper, The Burlington Magazine agus Apollo ina measc.

“Ag cur san áireamh meascán de na stíleanna agus spásanna ailtireachta is spéisiúla atá ann, tá roinnt de na spásanna sibhialta is mealltaí, nach mbeifeá ag súil leo i nGailearaí Náisiúnta na hÉireann (GNÉ)... Bíonn eispéireas an chuairteora athraithe ó bhun agus tá an ailtireacht ar aon dul leis an ealaín arís.”

STEPHEN BEST, *The Sunday Times*, *Cultúr*

Thug an Preas agus na Meáin tacaíocht do léiriú dhá scannán faisnéise freisin: *Vermeer: Beyond Time* agus *Portrait of a Gallery*. Clár mór faisnéise is ea an dara ceann atá luaite le Wildfire Films ag léiriú athchóiriú an Ghailearaí idir 2014 agus 2017. Ag léiriú obair lucht foirne, ailtireachtaí agus tógálaithe an Ghailearaí tugann an clár faisnéise rochtain thrasradharcach don lucht féachana ar dhúshláin agus nóiméid áilleachta an tionscadail. Craoladh an clár faisnéise críochnaithe ar RTÉ a hAon ar an 27 Meitheamh.

Méadú
149%

I GCLÚDACH PREASA
AGUS NA MEÁN IN 2017

72.4
milliún

ROCHTAIN I
BPOBLAHT NA
HÉIREANN IN 2017

Méadú
122%

I GCOIBHÉIS LUACH
FÓGRAÍOCHTA I
GCLÚDACH MEÁN
PHOBLAHT NA
HÉIREANN

“Eiriceacht do lucht leanúna a bhfuil gean ar nós cultais acu ar ardéirim Vermeer is ea an tuairim nach fíorbhunaitheoir é ach leanúnaí nó fiú - och - aithriseoir é. Ach is cuma sa tsioc le lucht féachana sa dá léiriú den taispeántas go dtí seo faoin tuairim sin. “Bíonn daoine ag rá liom an t-am go léir gurbh é ‘Vermeer is ansa liom i gcónaí,’ agus freagraím ‘gurbh é sin bun agus barr an taispeántais go léir,’” a dúirt an tUas. Waiboer. “Ní chreidim gur gá dúinn insint do dhaoine gurbh aisteoir den scoth é Vermeer mar is féidir le daoine é sin a fheiceáil iad féin.” Ina ionad sin, léirítear sa taispeántas gurbh fhéidir le péintéir seánra i ndialóg le lucht a chomhaimsire a bheith fós i bhfad níos fearr ná iad.”

AN TEACNAMAÍ





Seirbhísí Corparáideacha

Seirbhís Chorparáideach

Bainistíonn Seirbhísí Corparáideacha cistí, acmhainní, áiseanna agus córais chun spriocanna straitéiseacha an Ghailearaí a bhaint amach. Cinntítear leis an roinnt seo comhlíonadh maidir le dualgais rialachais freisin, go háirithe an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) agus beartais agus nósanna imeachta airgeadais agus úsáid éifeachtach acmhainní agus forthorthaí luach ar airgead a chinntiú.



AG BRONNADH CHREIDIÚNÚ SWIFT 3000

Feargal Ó Coigligh, Ard-Rúnaí Cúnta, an Roinn Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta; Patricia Golden, Stiúrthóir na Seirbhísí Corparáideacha; Sean Rainbird, Stiúrthóir; Katherine Licken, an Ard-Rúnaí, an Roinn Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta; agus Michael Cush SC, Cathaoirleach, an Bord Gobharnóirí agus Caomhnóir, Gailearaí Náisiúnta na hÉireann.

Creidiúnú SWiFT 3000

AN CHÉAD FHORAS
CULTÚRTHA LE
CREIDIÚNÚ A FHÁIL

Breis agus 200,00

IDIRBHEART
TEICÉADAITHE
AR LÍNE

Foireann Bainistíochta Sinsearaí Nua


CHUN TACÚ
LE STRUCHTÚR
EAGRAÍOCHTA NUA

Coinnítear i dteagmháil leis an Roinn Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta i gcónaí maidir le maoiniú, smachbhannaí foirne, cáilíochtaí agus táscairí feidhmithe mar atá leagtha amach sa chomhaontas seirbhíse. Chomh maith leis sin maoirsíonn sé príomhfheidhmeanna tacaíochta AD, Airgeadas, TF agus Oibríochtaí taobh le taobh leis na sruthanna ioncaim Thráchtála. Áirítear i measc príomhéachtraí:

- \\ Foireann Bainistíochta Sinsearaí a chruthú chun tacú le struchtúr eagraíochta nua
- \\ Córas bainistíochta airgeadais comhtháite nua a chur chun feidhme agus a chur i bhfeidhm de réir a chéile
- \\ Plean Soláthair Chomparáidigh a fhorbairt do 2018-2020
- \\ Córas Bainistíochta Riosca a chur i bhfeidhm ar fud an Ghailearaí
- \\ Cabhair chun freagrachtaí ar theicéadú ar líne do thaispeántais a fhorbairt ag próiseáil breis agus 200,000 idibheartaíocht in 2017
- \\ Cuireadh i bhfeidhm feachtas ar cheisteanna sábháilteachta agus sláinte agus hugadh tacaíocht d'oiliúint agus comhlíonadh maidir le riachtanais reachtúla sábháilteachta agus sláinte


Creidiúnú

Ba é an Gailearaí an chéad fhoras cultúrtha Éireannach le creidiúnú a a bhaint ón Údarás um Chaighdeán Náisiúnta na hÉireann faoi SWiFT 3000: Cód Cleachtais 2010 um Measúnú Rialála Comparáid in Éirinn.



An Roinn TF

Rinne an Roinn TF céimeanna móra chun cinn chun eispéireas an chuairteora a bhreisiú trí WiFi a shuiteáil sa chuid is mó de spásanna an Ghailearaí. Is féidir le cuairteoirí, trí rochtain ar WiFi saor in aisce atá mar norm anois i músaeim go hidirnáisiúnta, a bheith páirteach in ardáin meán sóisialta gníomhach an Ghailearaí agus taighde a dhéanamh ar an mbailiúchán ar líne.



Breis agus 3,000

TICÉAD TF LOGÁILTE
AGUS DÚNTA AR AN
GCÓRAS TACAÍOCHTA
TF SEOLTA LE DÉANAÍ

WiFi Saor in Aisce

AR FÁIL AR FUD
AN GHAILEARAÍ

Comharthaíocht Dhigiteach

Tionscadal suntasach eile ba ea comharthaíocht fheabhsaithe do chuairteoirí. D'oibrigh an fhoireann TF le Meáin Focal a thug maoiniú meitseáilte ar thacaíocht Fidelity Foundation do réiteach taispeántas digiteach le córas bainistíochta ábhar a raibh scáileáin taispeántais ardghléine mar thoradh air. Mar thoradh ar an gcomharthaíocht dhigiteach nua seo ar fud an Ghailearaí is féidir le lucht foirne cumarsáid a dhéanamh le cuairteoirí fisiceacha ar shlí dhinimiciúil, fhíorúil mhealltach chun gach rud a chur chun cinn ó thaispeántais shealadacha go ceardlanna, preabchainteanna agus a bhfuil ar fáil sa Siopa agus sa Chaifé. Suite ag príomhphointí ar fud an fhoirgnimh tá na scáileáin éifeachtacha mar uirlisí treoch agus eolais araon do chuairteoirí. Tá an scáileán a bhfuil a aghaidh chun na sráide ag bealach isteach Shráid an Chláraigh ina phríomhionad fógraíochta i gcroílár Bhaile Átha Cliath Seoirseach ag múscailt suime na ndaoine ag dul thart le hoibreacha ón mbailiúchán agus mar sin á spreagadh chun teacht isteach agus eolas an phobail ar an mbailiúchán náisiúnta á mhéadú. Bainistíonn an fhoireann um Rannpháiríocht Dhigiteach ábhar téacs agus íomhá do na scáileáin.

Líonraí agus córais

Le bunú agus nascacht corais bhainistíochta nua méadaíodh líonra an Ghailearaí faoi dhó i méid agus i mbainistíocht. Áiríodh leis an tionscadal seo uasghrádú lasca an líonra trasna an champais.

D'ascain an fhoireann TF córais phoist an Ghailearaí go rathúil ón gcóras san áitreabh roimhe seo go néal, a bhfuil méadú i stóráil in aghaidh an bhosca poist agus níos lú costais agus brath ar theicneolaíocht intí i measc na leasanna is mó a bhaineann leis.



SCÁILEÁIN DHIGITEACHA

Comharthaíocht dhigiteach nua ar fud an Ghailearaí.

An Roinn Acmhainní Daonna

Bliain shuntasach ba ea 2017 d'earcú sa Ghailearaí. Thosaigh feachtas earcaíochta Oifigeach Slandála an Mhúsaeim, á bhainistiú ag AD, i mí na Samhna 2016 agus tháinig 2,000 iarratas isteach óna raibh 37 foireann bhuan nua fostaithe mar thoradh air.



BHÍ MÉADÚ FAOINA
SÉ AR AN MBUISÉAD

d'Oiliúint agus d'Fhorbairt

2,000

IARRATAS MEALLTA
TRÍ FHECHTAS
EARCAÍOCHTA
OIFIGEACH SLANDÁLA
AN MHÚSAEIM

Fostaíodh 37

BALL FOIRNE BUAN
NUA IN 2017

Bhí an feachtas earcaíochta seo gan choinne i stair an Ghailearaí agus tá an fhoireann buíoch don Roinn Cultúir, Oidhreacht agus na Gaeltachta as na rólí cheadaithe nua seo.

Fostóir comhdheiseanna is ea an Gailearaí agus tá sé tiomanta go láidir do chomhionannas deiseanna ina gcuid cleachtas fostaíochta go léir ag cinntiú go mbíonn an próiseas earcaíochta agus roghnaithe soiléir, comhsheasmhach, cóir agus trédhearcach. Tacaíonn an Gailearaí le timpeallacht oibre atá saor ó gach sórt idirdhealaithe agus a chuireann comhionannas agus meas san ionad oibre chun cinn.

Tá béim shuntasach ag an nGailearaí ar oiliúint agus forbairt lucht foirne. Tá fianaise de sin le feiceáil sa mhéadú faoi sé le blianta beaga anuas sa bhuiséad maoinithe d'oiliúint agus d'fhorbairt. I measc tionscnamh nua eile tá:

- ✍ Clár ionductaithe foirne
- ✍ Cúrsaí oiliúna ghrúpa (forbairt scileanna teicniúla nó scileanna boga)
- ✍ Scéim Breisoideachais agus Oiliúna
- ✍ Clár Forbartha agus Bainistíocht Foirne. Tháinig an Clár Forbartha Foirne a seoladh in Eanáir 2017 ar na sála ar an gClár Bainistíochta.


Tá an Gailearaí tiomanta chomh maith do dhíriú ar shláinte agus leas lucht foirne a chothú. Éilítear leis an Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005, go gcuirfeadh an Gailearaí córais oibre i bhfeidhm a chosnaíonn fostóirí ó ghuaiseacha a d'fhéadfadh easláinte fhisiciúil nó mheabhrach a bheith mar thoradh orthu.

Tá leas suntasach ag méadú i maoiniú do dheiseanna forbartha agus d'imeachtaí foirne ar lucht foirne agus ar an eagraíocht ina iomláine. Cuireann an infheistíocht in oiliúint foirne béim ar thiomantas an Ghailearaí do scileanna foirne agus feasacht ar a leas féin chomh maith leo siúd a oibríonn ina bhfoirne faoi seach a fhorbairt. Eagraíonn Coiste Sóisialta an Ghailearaí imeachtaí foirne éagsúla ar nós BBQ agus cóisir Nollag. Tugtar cuireadh do lucht foirne freisin chuig *lón an Chéad Aoine*. Cuireann na himeachtaí seo imeacht sóisialta ar fáil do lucht foirne ach tugtar deis chomh maith buaileadh le lucht foirne ó ranna eile agus caidrimh dhearfacha a fhorbairt le daoine eile.

Tá an Gailearaí buíoch as an ról suntasach a imríonn ceardchumainn chun timpeallacht oibre sheasamhach agus dhearfach a chinntiú. Le blianta beaga anuas tá dul chun cinn suntasach déanta ag an nGailearaí maidir le caidrimh dhearfacha a fhorbairt agus a chothú le hionadaithe agus lucht foirne CSTGT. Tá iarracht chomhbheartaithe ón mbainistíocht, ó lucht foirne agus ionadaithe an cheardchumainn oibriú i gcomhairle agus i gcomhair lena chéile chun fadhbanna a thagann chun cinn a réiteach faoi bhun an dul chun cinn sin.

Miondíol

Príomhaidhm foirne Shiopa an Ghailearaí ba ea bonn custaiméirí a fhorbairt. I Meitheamh sheol an Siopa stór ar líne nua atá beoga, éifeachtúil agus furasta le húsáid. Tá gach taispeántas fógraithe anois le táirgí gaolmhara agus tá rath tráchtála ar an suíomh ó seoladh é, le díolacháin ag dubailt sa chéad sé mhí.



414,958

CUAIRTEOIR CHUIG
SIOPA AN GHAILEARAÍ
IN 2017Méadú
50%AR CHUAIRTEOIRÍ
CHUIG SIOPA AN
GHAILEARAÍMéadú
68%AR DHÍOLACHÁIN ÓN
MBLIAIN ROIMHE SIN

An Siopa Ghailearaí ar líne

I mí na Nollag bhain an Gailearaí triail as blag seachtainiúil chun nuacht a roinnt faoi stoc, imeachtaí, comórtais agus táirgí taispeántais nua. Díríonn gach postbhlag ar tháirgí, taispeántais agus imeachtaí éagsúla le halt gach seachtain ar Leabhar na Seachtaine. Tá an blag ar shuíomh gréasáin an tSiopa ach roinneann an fhoireann um Rannpháirtíocht Dhigiteach na poist ar bhealaí meán sóisialta an Ghailearaí. Tá lucht léitheoireachta gníomhach ag an mblag agus an post is mó a bhfuil tóir air léite 6,330 uair.

Ag nascadh le taispeántais

De bharr go raibh táirgí taispeántais ar fáil bhí cuairteoirí in ann píosa dá n-eispéireas sa Ghailearaí a thabhairt abhaile leo. Le linn an taispeántais Vermeer a bheith ar siúl fuair an Siopa an líon cuairteoirí is mó ina stair agus bhain an chatalóg taispeántais díolacháin thar na bearta amach. Bhí *"Ireland's Favourite Painting"* chun tosaigh agus lárnach sa Siopa le linn taispeántas Frederic William Burton agus bhí custaiméirí in ann taitneamh a bhaint as a leaganacha féin den uiscédhath cibé an éadach lionsa, priontáil chanbháis frámaíthe nó taetuáille é!!

Imeachtaí siopa

Bhí an chéad Siopa *Mhúsaeim Dé Domhnaigh ar siúl* ar an 26 Samhain, tionscnamh nua a cheiliúránn miondíol in institiúidí cultúrtha agus a nascann isteach leis an éileamh ar Aoine Mhór na Siopadóireachta. Le promóisean ar an láthair, siamsa agus soláistí ar fáil ba é an Siopa Gailearaí an t-aon fhoras cultúrtha Éireannach amháin a ghlac páirt san imeacht tráchtála idirnáisiúnta sin. Bhí rath an lae le feiceáil sna díolacháin laethúla a sháraigh €11,000.

Cuireadh imeachtaí nua ar bun do leanaí agus do theaghlaigh a a raibh mar aidhm leo naisc láidre a fhorbairt leis an bpobal áitiúil. I measc na n-imeachtaí bhí seisiúin léitheoireachta agus líníochta le Sadhbh Devlin agus Tarsila Kruse; caint réalaióch spásaire faoi eolaíocht agus léamh le Norah Patten; agus scéal le téama na Nollag á insint ag an seanchaí proifisiúnta Ruth Concannon.

Cuma nua ar Shiopa an Ghailearaí

Fad is a bhí athchóiriú forleathan ar siúl ar fud an Ghailearaí bhí athruithe agus feabhsúcháin ar bun freisin sa Siopa chun solas, spás agus dath a thabhairt isteach.

Tugadh isteach comhairleach chun cabhrú leis an réimse táirgí, táirgí nua agus cuma agus éirim an tsiopa. Cuireadh isteach aonaid taispeántais gheala agus réimsí nua táirgí ceannaithe chun an siopa a athnascadh le bailiúcháin an Ghailearaí. Forbraíodh táirgí Gailearaí-bhrandáilte freisin ag cabhrú chun eolas branda a chur i bhfeidhm ar lucht féachana an Ghailearaí.

Agus deireadh na bliana ag druidim linn dhearaigh agus shuiteáil amharcmhansantóirí taispeántais fuinneoige suntasacha a chuir leis na taispeántais agus na himeachtaí. Bhí siad in aice láimhe freisin chun cabhrú le taispeántais éifeachtúla sa Siopa a chruthú.

Imeachtaí

Cé nach ionad saincheaptha imeachtaí é an Gailearaí d'oibrigh an fhoireann Imeachtaí go dlúth le hOibríochtaí chun freastal ar iliomad cineál imeachtaí le linn na bliana. Bhí breis agus 150 imeacht ar siúl sa Ghailearaí in 2017, lenar bhain oscailtí taispeántais, aithrisí damhsa agus ceoil, fruilliú corparáideach, dinnéir phríobhaideacha agus bainiseacha.



Bhí breis agus 150

IMEACHT AR SIÚL SA
GHAILEARAI IN 2017

Tugadh cuireadh do 600 aoí

GO DTÍ OSCAILT NA
SCIATHÁN STAIRIÚLA

Roinnt imeachtaí suntasacha ó 2017:

Dinnéar Bliantúil an Stiúrthóra

Bunaíodh Dinnéar Bliantúil an Stiúrthóra in 2017. Deis ba ea an t-imeacht le buíochas a ghabháil le hurraitheoirí agus pátrúin as a gcuid tacaíochta leanúnaí go háirithe le linn thréimhse an tionscadail athchóirithe.

Athoscailt na sciathán stairiúil

An chóisir ceiliúrtha d'athoscailt na sciathán stairiúil le 600 aoí ó chúlraí cultúrtha éagsúla.

Clár Éire Chruthaitheach

Seoladh clár Éire Cruthaitheach i Seomra Shaw nua- athchóirithe.



MNÁ AR BHOIRD SNA HEALAÍONA

— Aíonna ag ócaid dinnéir do Mhná ar Bhoird sna hEalaíona i nGailearaí Náisiúnta na hÉireann.

An Roinn Íomhánna agus Ceadúnaithe

D'éascaigh Íomhánna agus Ceadúnú feacht níos leithne ar an nGailearaí agus a chuid bailiúchán ag soláthar íomhánna digiteacha ardaifeacha agus a cheadúnaigh a n-úsáid d'éagsúlacht ollmhór cuspóirí: leabhair, irisí acadúla, suíomhanna gréasáin, irisí, painéil taispeántais, tacaí scannáin, stampaí, tairsí teagaisc ar líne, DVDanna, clúdaigh dlúthdiosca, bróisir, billeoga agus atáirgeadh struchtúrtha ar pháipéar agus ar chanbháis.

SUÍOMH GRÉASÁIN ÍOMHÁNNA AGUS CEADÚNAITHE

Thug 79,743 úsáideoir cuairt ar an suíomh gréasáin in 2017.



79,743

CUAIRTEOIR AR
AN SUÍOMH GRÉASÁIN
IN 2017

Iliomad tionscadal scannánaíoch- ta agus gairmeacha grianghraf

ARNA N-ÉASCÚ AG
AG AN BHFOIREANN
ÍOMHÁNNA AGUS
CEADÚNAITHE

Tionscadail scannánaíochta

D'éascaigh an fhoireann Íomhánna agus Cheadúnaithe roinnt tionscadal agus gairmeacha grianghraf inmheánacha agus seachtracha agus chuir siad Comhaontuithe Maoine Intleachtúla ar fáil d'aoiúdair agus d'ealaíontóirí a bhí ag glacadh páirt i dtaispeántais Ghailearaí chomh maith le conarthaí a fhoilsiú do phríomhchatalóga taispeántais ar nós *Vermeer and the Masters of Genre Painting* (Gailearaí Náisiúnta na hÉireann agus Preas Ollscoil Yale).


Éascaíodh gairmeacha grianghraf scannánaíochta agus tráchtála ar an láthair le haghaidh roinnt léirithe inmheánacha agus seachtracha lena n-áirítear:

- ✖ Animo Productions, *My Astonishing Self: Gabriel Byrne on George Bernard Shaw*
- ✖ Red Shoe Productions, *House of Art*
- ✖ Mantange Productions, *Vermeer: Beyond Time*
- ✖ *Citizen Lane*, clár faisnéise faoi Hugh Lane
- ✖ Léiriúcháin Moose, feachtas fógraithe an Ghailearaí don athoscailt
- ✖ Conarthaí an Ghailearaí do scannánaíocht choimisiúnaithe sa Lúvar

Cheannaigh an Gailearaí cearta cóipchearta agus cearta bainteacha do phéintéireachtaí William Leech sa bhailiúchán agus bunaíodh sealbhóirí cóipchearta go dlúth d'ealaíontóirí Elizabeth Rivers agus Norah McGuinness.

Ba iad na cúig íomhá shárdhíola:

1. **JACK B. YEATS**, *The Liffey Swim*, 1923
(NGI.941)
2. **CARAVAGGIO**, *The Taking of Christ*, 1602
(L.14702)
3. **JOHN JOSEPH SLATTERY**, *Portrait of William Carleton (1798-1869), Novelist*
(NGI.224)
4. **ADRIAEN COLLAERT**, *Saint Patrick*, 1603
(NGI.2007.7)
5. **GABRIEL METSU**, *Man Writing a Letter*, 1664-66
(NGI.4536)






ÍOMHÁ SHÁRDHÍOLA 2017

\\ Jack B. Yeats, *The Liffey Swim*,
1923 (NGI.941).

An Roinn Oibríochtaí

Ag druidim i dtreo na hathoscailte i Meitheamh ghlac an fhoireann Oibríochtaí mar chúram orthu féin pacáiste oibreacha suntasacha lena n-áirítear athshamhlú agus athmhaisiú ghailearaithe Sciathán Beit an Aitriam; ag athchóiriú spásanna cúrsaíochta Sciathán na Mílaoise; ag deighilt an Stiúideo Caomhnaithe ó spásanna poiblí; agus ag feistiú seomra 20 chun an taispeántas gloine daite nua a chur faoi dhíon.



Chomh maith leis sin chríochnaigh an fhoireann feistiú iomlán cóiríochta foirne, limistéir oifige agus áiseanna stórála leis an bhfoireann Slandála ar fad, an rannóg Oideachais agus an rannóg Caomhantais ag aistriú isteach go hoifig nua sna sciatháin stairiúla den fhoirgneamh.

Earcaíodh daichead a haon Oifigeach Slandála an Mhúsaeim agus maoirseoirí chun láithreacht slandála dhian a chur i bhfeidhm ar fud ionad méadaithe an ghailearaí.

D'éascaigh an Rannóg Oibríochtaí an-chuid gnéithe d'athchrochadh an bhailiúcháin go háirithe aistriú *Marriage of Strongbow and Aoife* le Maclise ón stiúideo Caomhantais chuig a bhunsuíomh i Seomra Shaw agus suiteáil na dealbhóireachta, Magnus Modus le Joseph Walshsa sa Chlós.

Bhuaigh Innealtóirí Comhairleacha PUNCH an gradam Oidhreacha agus Caomhantais ag Gradaim Innealtóirí na hÉireann do Shármhaitheas 2017 in aitheantas ar thionscadal athchóirithe sciatháin stairiúla an Ghailearaí.



An Bord Rialtóirí agus Caomhnóirí



LÍNE CHÚIL, CLÉ GO DEAS:

- \\ An tOllamh Owen Lewis, Lesley Tully, Suzanne Macdougald, Maurice Buckley, Sean Rainbird, Gary Jermyn, Patricia Golden, Mick O'Dea, Vivienne Roche, Barney Whelan.

AN LÍNE THOSAIGH, CLÉ GO DEAS:

- \\ Lynda Carroll, Mary Keane, Michael Cush, Margaret Glynn, Jacqueline Hall.

AR IARRAIDH:

- \\ Bernie Brennan, an tOllamh Michael P. Kennedy, Ann Prendergast.



Ráitis Airgeadais

don bhliain
dar chríoch
31 Nollaig 2017

Ábhar na Ráiteas Airgeadais

Ráiteas Rialachais	145
Ráiteas ar Rialú Inmheánach	154
An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste – Tuarascáil lena Cur i Láthair Thithe an Oireachtais	157
Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais	160
Ráiteas ar Ioncam Cuimhsitheach	162
Ráiteas ar Staid an Airgeadais	163
Ráiteas ar Athruithe i gCúlchistí agus Cuntas Caipitil	164
Ráiteas ar Shreabhadh Airgid	165
Nótaí ar Ráitis Airgeadais	166

Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil ó na Comhaltaí Boird

Rialachas

Comhlacht corparáideach reachtúil is ea Gailearaí Náisiúnta na hÉireann (**an Gailearaí**) arna bhunú leis an Acht um Dhánlann Náisiúnta na hÉireann 1854 (**Acht 1854**). Oibríonn an Gailearaí de réir fhorálacha Achtanna um Dhánlann Náisiúnta na hÉireann 1854 go 1963 agus an Achta um Fhorais Chultúir Náisiúnta 1997 (**le chéile, na hAchtanna**) agus faoi choimirce na Roinne Cultúir, Oidhreacht agus na Gaeltachta.

Bainistíonn Bord Rialtóirí agus Caomhnóirí neamhfheidhmiúcháin (**an Bord**) gnó agus gnóthaí an Ghailearaí ar a shon. Tá príomhfheidhmeanna an Bhoird leagtha amach sna hAchtanna agus a gcuid fodhlíthe. Tá an Bord freagrach as dea-rialachas agus cuireann sé an tasc seo i bhfeidhm trí chuspóirí straitéiseacha agus spriocanna a chur i bhfeidhm agus cinntí straitéiseacha a dhéanamh ar na príomhcheisteanna gnó go léir.

Is é an Stiúrthóir le cabhair ón bhfoireann bainistíochta sinsearaí atá freagrach as an nGailearaí a bhainistiú, a rialú agus a threorú. Ní mór don Stiúrthóir agus an fhoireann bhainistíochta sinsearaí an treoir straitéiseach leathan atá leagtha amach ag an mBord a leanúint agus ní mór dóibh a chinntiú go dtuigeann comhaltaí guile an Bhoird na príomhghníomhaíochtaí agus cinntí a bhaineann leis an eitíneas agus aon rioscaí suntasacha a d'fhéadfaí teacht chun cinn. Feidhmíonn an Stiúrthóir mar idirchaidreamh díreach idir an Bord agus an bhainistíocht.

In 2017 ba é an Gailearaí an chéad eagraíocht ar bronnadh deimhniú air faoi chaighdeán SWiFT 3000 an Údaráis um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann (NSAI faoin gCód Cleachtais nua um Chomhlachtaí Stáit a Rialú mar atá foilsithe ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe 2016 (**an Cód**). Caighdeán is ea SWiFT 3000 a bhaineann le Cód Cleachtais do mheasúnú ar Rialachas Corparáideach in Éirinn. Is é an cuspóir a bhaineann leis measúnú a dhéanamh ar chreataí eagraíochtaí um rialachas corparáideach, go sonrach leibhéal comhlíonta eagraíochtaí maidir le cóid rialaithe agus dea-chleachtas. Fianaise atá sa ghradam ar thiomantas an Ghailearaí do chaighdeáin rialachais chorparáidigh dea-chleachtais a oibriú.

Freagrachtaí an Bhoird

Tá príomhobair agus freagrachtaí an Bhoird leagtha amach sna Fodhlíthe. Tá sceideal foirmiúil d'ábhair a fhorchoimeádtar go sonrach le haghaidh chinneadh an Bhoird glactha ag an mBord freisin.

ÁIRÍTEAR AR PHRÍOMHÁBHAI A FHORCHOIMEÁDTAR DON BHORD:

- ↘ faomhadh ábhar faighte, tabhartais, iasachtaí agus taispeántais saothar ealaíne
- ↘ measúnú agus faomhadh na Tuarascála Bliantúla agus Ráiteas Airgeadais
- ↘ comhlíonadh dualgas reachtúil agus neamhreachtúil lena n-áirítear faoi na Fodhlíthe, an Cód agus ciorcláin Rialtais
- ↘ faomhadh pleananna straitéiseacha, an phlean oibriúcháin bhliantúil agus an bhuiséid bhliantúil
- ↘ faomhadh ceapacháin, luach saothair, measúnú feidhmíochta agus pleanála comharbais don Stiúrthóir
- ↘ ceapachán Chathaoirleach an Bhoird agus faomhadh Téarmaí Tagartha na gCoistí Boird go léir
- ↘ leasú nó nuashonrú Fodhlíthe
- ↘ faomhadh téarmaí conarthaí móra, infheistíochtaí agus tionscadal caipitil, saothar faighte suntasach, diúscairtí, ceadúnais easpórtála (de bhun údarás tarmligthe ón Aire Cultúir, Oidhreacht agus na Gaeltachta faoin Acht um Fhorais Chultúir Náisiúnta, 1997) agus sócmhainní a scor
- ↘ cothú córas fóna de rialuithe inmheánacha lena n-áirítear rialúcháin airgeadais, oibriúcháin agus comhlíonta agus próisis bhainistíochta riosca
- ↘ faomhadh beartas bainistíochta riosca, monatóireacht ar phróisis agus córais bhainistíochta riosca an Ghailearaí chun aitheantas, monatóireacht agus rialú rioscaí seachtracha éifeachtacha agus aitheantas deiseanna a chinntiú, chun tacú le cuspóirí reachtúla an Ghailearaí (tarmligthe chuig an gCoiste Airgeadais Riosca agus Iniúcháireachta a thuairiscíonn ar ais chuig an mBord go rialta)
- ↘ faomhadh na straitéise tiomsaithe airgid agus polasaí cistiúcháin
- ↘ údarú chun cuntais bhainc a oscailt agus áiseanna iasachta a fhaomhadh
- ↘ athbhreithniú foirmiúil ar a fheidhmíocht féin agus ar fheidhmíocht a choistí agus comhaltaí Boird aonair.

ÁIRÍTEAR LE HEARRAÍ SEASTA A BHREITHNÍONN N AN BORD:

- ↘ dearbhú leasanna
- ↘ tuarascálacha ó choistí an Bhoird agus ón Stiúrthóir
- ↘ airgeadas agus riosca lena n-áirítear tuarascálacha airgeadais agus cuntais bhainistíochta
- ↘ tuarascálacha feidhmíochta
- ↘ rialachas corparáideach
- ↘ iasachtaí agus fáil saothar ealaíne
- ↘ ábhair fhorchoimeádhtha.

Ceanglaítear ar an mBord Rialtóirí agus Caomhnóirí le hAlt 35 den Acht um Fhorais Chultúir Náisiúnta 1997 cuntais a ullmhú do gach bliain airgeadais i cibé foirm a d'fhaomhadh an tAire Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

AGUS NA RÁITIS AIRGEADAIS SEO Á N-ULLMHÚ CEANGLAÍTEAR AR AN MBORD:

- ↘ beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go seasta
- ↘ breithiúnais agus meastúcháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama
- ↘ na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh mura bhfuil sé míchuí glacadh leis go leanfaidh sé i mbun gnó
- ↘ a lua cibé an bhfuil caighdeán chuntasaíochta curtha i bhfeidhm nó nach bhfuil faoi réir aon imeacht ábhair arna nochtadh agus arna míniú sna ráitis airgeadais.

Tá an Bord freagrach as taifid chuntasaíochta chuí a choimeád a nochtáíonn le cruinneas réasúnach ag aon am a staid airgeadais agus a chuireann ar a chumas a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais alt 35 den Acht um Fhorais Chultúir Náisiúnta 1997. Tá an Bord freagrach as sláine faisnéis airgeadais agus chorparáideach a chothú ar shuíomh gheasáin an Ghailearaí.

Tá an Bord freagrach as an mbuiséad bliantúil a fhaomhadh. Rinneadh feidhmíocht an Ghailearaí, faoi threoir a phlean agus a bhuiséid bhliantúil, a phlé go rialta ag cruinnithe an Bhoird le linn 2017.

Tá an Bord freagrach freisin as a chuid sócmhainní a chosaint agus mar sin céimeanna réasúnacha a dhéanamh chun calaois agus mírialtachtaí eile a aimsiú agus a chosc.

Measann an Bord go dtugann ráitis airgeadais an Ghailearaí léargas fíor agus cothrom maidir le feidhmíocht airgeadais agus staid airgeadais an Ghailearaí ag an 31 Nollaig 2017.

Struchtúr an Bhoird

Suíonn seacht gcomhalta déag ar an mBord, agus tá deichniúr díobh ceaptha ag an Aire Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta, sealbhóirí ex-officio de na hoifigí liostaithe thíos is ea cúigear díobh agus tá beirt ainmnithe agus ceaptha ag an Acadamh Ibeirneach Ríoga de bhun na cumhachta a bhronntar orthu le hAcht 1854. Cuireann comhaltaí arna gceapadh ag an Aire téarma cúig bliana isteach. Cuireann comhaltaí ex-officio téarmaí éagsúla isteach ag brath ar chomhdhéanamh a n-eagraíochta.

Comhaltaí ex-officio:

- ↘ Acadamh Ibeirneach Ríoga (RHA) | Uachtarán
- ↘ Cumann Ríoga Bhaile Átha Cliath (RDS) | Uachtarán agus Leasuachtarán
- ↘ Acadamh Ríoga na hÉireann (RIA) | Uachtarán
- ↘ Oifig na nOibreacha Poiblí (OPW) | Cathaoirleach

Ceapann an Bord a Chathaoirleach agus a Leasathaoirleach féin de bhun na cumhachta arna bronnadh orthu faoi na hAchtanna.

Sa tábla thíos tá mionsonraí den tréimhse ceapacháin do chomhaltaí reatha:

AINMNITHE DE CHUID AN AIRE (TÉARMA CÚIG BLIANA)

AINM	CEAPTHA	DÁTA DEIRIDH
Lynda Carroll	15 Samhain 2016	15 Samhain 2021
Michael Cush (<i>Cathaoirleach</i>)	15 Samhain 2016	15 Samhain 2021
Jacqueline Hall	15 Samhain 2016	15 Samhain 2021
Gary Jermyn	15 Samhain 2016	15 Samhain 2021
Ann Prendergast	15 Samhain 2016	15 Samhain 2021
Lesley Tully	15 Samhain 2016	15 Samhain 2021
Barney Whelan	15 Samhain 2016	15 Samhain 2021
Suzanne Macdougald	26 Mheitheamh 2014	26 Mheitheamh 2019
Mary Keane (<i>Leaschathaoirleach</i>)	2 Iúil 2014	2 Iúil 2019
Margaret Glynn	2 Iúil 2014	2 Iúil 2019

Chuir an Bord tús le hAthbhreithniú Measúnaithe agus Éifeachtúlachta Bord Seachtrach i Feabhra 2017 a críochnaíodh in Aibreán 2017.

AINMNITHE ACADAMH IBEIRNEACH RÍOGA

AINM	CEAPTHA	DÁTA DEIRIDH
James English RHA	5 Bhealtaine 2017	5 Bhealtaine 2020
Vivienne Roche RHA	21 Dheireadh Fómhair 2015	31 Nollaig 2018

COMHALTAÍ EX-OFFICIO

AINM	CEAPTHA	DÁTA DEIRIDH
Maurice Buckley (<i>Cathaoirleach OPW</i>)	14 Nollaig 2016	Ar leanúint
Mick O'Dea (<i>Uachtarán RHA</i>)	9 Deireadh Fómhair 2014	Ar leanúint
Michael Peter Kennedy (<i>Uachtarán RIA</i>)	16 Márta 2017	16 Márta 2020
Bernie Brennan (<i>Uachtarán RDS</i>)	5 Nollaig 2013	5 Nollaig 2019
Owen Lewis (<i>Leasuachtarán RDS</i>)	1 Nollaig 2016	1 Nollaig 2019

Rinneadh athbhreithniú seachtrach feidhmíochta ar an mBord agus a choistí idir Feabhra agus Márta 2017 mar chuid de phróiseas creidiúnaithe SWiFT 3000.

Athruithe Boird

Le linn 2017, chríochnaigh téarma an Ollaimh Mary Daly agus ceapadh an tOllamh Michael Peter Kennedy ina háit. I mBealtaine 2017, is oth liom a rá go bhfuair Stephen McKenna bás agus ceapadh James English ina áit.

Le linn 2017, ceapadh an Stiúrthóir Seán Rainbird arís don dara téarma in oifig.

Coistí Boird

LE LINN 2017, D'OIBRIGH AN BORD SÉ CHOISTE MAR SEO A LEANAS:

Coistí um Shaothair Faighte agus um Thaispeántais

Is é ról an Choiste comhairle a thabhairt agus comhaontú ar shaothar faighte, tabhartas, brontannas agus ceannach saothar ealaíne faoi leith agus comhairle a thabhairt agus comhaontú leis an gclár taispeántas. Tuairiscíonn an Coiste don Bhord i scríbhinn tar éis gach cruinnithe agus go bliantúil chomh maith. Bíonn ceathrar comhaltaí ar an gCoiste agus is Cathaoirleach den Bhord duine amháin díobh. Freastalaíonn an Stiúrthóir agus Ceannasaí Taighde agus Bailiúchán ar na cruinnithe go léir. Bhí cúig chruinniú den Choiste in 2017.

Comhaltaí Coiste 2017: Michael Cush, James English, Margaret Glynn, Suzanne Macdougald, Stephen McKenna agus Mick O'Dea (*Cathaoirleach an Choiste*).

An Coiste Iniúcháireachta, Riosca agus Airgeadais

Is é ról an Choiste tacú leis an mBord chun a chinntiú go gcomhlíontar a chuid feidhmeanna reachtúla ábhartha agus comhairle a thabhairt don Bhord ar stróinseacht agus éifeachtúlacht an rialachais chorparáidigh, bainistíochta airgeadais, bainistíochta riosca agus iniúcháireachta inmheánaí. Tá an Coiste neamhspleách ó bhainistíocht airgeadais inmheánaigh an Ghailearaí. Tuairiscíonn an Coiste don Bhord i scríbhinn tar éis gach cruinnithe agus go bliantúil chomh maith. Bíonn triúr comhaltaí Boird ar a laghad ar an gCoiste agus suas le beirt comhaltaí seachtracha. Freastalaíonn an Stiúrthóir agus Stiúrthóir na Seirbhísí Corparáideacha ar na cruinnithe go léir. D'fhreastail an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste agus Iniúcháirí Inmheánacha an Ghailearaí ar chruinnithe ábhartha le linn na bliana. Bhí cúig chruinniú den Choiste in 2017.

Comhaltaí Coiste 2017: Michael Cush, Bernie Brennan (*Cathaoirleach an Choiste*), Lynda Carroll agus Kieran Wallace (*comhalta seachtrach*).

An Coiste Foirgneamh agus Tailte

Is é ról an Choiste monatóireacht a dhéanamh ar an gclár tógála nó obair ar siúl sa Ghailearaí nó ar a shon lena n-áirítear an Máistirphlean Forbartha agus iad a mhaoirsiú. Tuairiscíonn an Coiste don Bhord i scríbhinn tar éis gach cruinnithe agus go bliantúil chomh maith. Bíonn ceathrar comhaltaí ar an gCoiste, agus is Cathaoirleach den Bhordduine amháin díobh. Freastalaíonn Stiúrthóir agus Ceannasaí na nOibríochtaí ar na cruinnithe go léir. I ndiaidh athoscailt Sciatháin Stairiúla an Ghailearaí in 2017, stop an Coiste seo a chuid chruinnithe rialta in 2017. Dá réir sin, ní raibh ach cruinniú amháin den Choiste in 2017.

Comhaltaí Coiste 2017: Lynda Carroll, Michael Cush, Mary Daly, Jackie Gallagher (*comhalta seachtrach*), Gary Jermyn (*Cathaoirleach an Choiste*), Suzanne Macdougald, Michael Maughan (*comhalta seachtrach*), Vivienne Roche agus Lesley Tully.

Coiste Forbartha

Is é ról an Choiste gnéithe ar fad d'fhorbairt an Ghailearaí amach anseo a chur chun cinn agus a éascú. Tuairiscíonn an Coiste don Bhord i scríbhinn tar éis gach cruinnithe agus go bliantúil chomh maith. Bíonn seachtar comhaltaí ar an gCoiste agus is Cathaoirleach an Bhoird duine amháin díobh. Freastalaíonn an Stiúrthóir agus Ceannasaí Forbartha ar na cruinnithe go léir. Bhí seacht gcruinniú den Choiste in 2017.

Comhaltaí Coiste 2017: Lynda Carroll, Michael Cush, Mary Daly, Jackie Gallagher (*comhalta seachtrach*), Gary Jermyn (*Cathaoirleach an Choiste*), Suzanne Macdougald, Michael Maughan (*comhalta seachtrach*), Vivienne Roche agus Lesley Tully.

An Coiste Oideachais agus Rannpháirtíochta Poiblí

Is é ról an Choiste maoirseacht a dhéanamh ar na cúrsaí go léir a bhaineann le hoideachas, cláreagrú poiblí agus rannpháirtíocht phoiblí. Bunaíodh an Coiste i Márta 2017. Tuairiscíonn an Coiste don Bhord i scríbhinn tar éis gach cruinnithe agus go bliantúil chomh maith. Bíonn cúigear comhaltaí ar an gCoiste agus is Cathaoirleach an Bhoird duine amháin díobh. Freastalaíonn an Stiúrthóir agus an Ceannasaí um Rannpháirtíocht Phoiblí ar na cruinnithe go léir. Bhí trí chruinniú den Choiste in 2017.

Comhaltaí Coiste 2017: Michael Cush, Margaret Glynn (*Cathaoirleach an Choiste*), Jacqueline Hall, James Hanley agus Barney Whelan.

An Coiste Rialachais agus Straitéise

Bíonn cúigear comhaltaí Boird ar an gCoiste seo agus is Chathaoirleach an Bhoird duine amháin díobh. Is é ról an Choiste tacú leis an mBord agus comhairle a thabhairt dó ar ábhair a bhaineann le rialachas agus eagrúchán, monatóireacht a dhéanamh ar phlean straitéiseach agus ar chúrsaí staitéiseacha agus reachtúla seachtracha an Ghailearaí. Tuairiscíonn an Coiste don Bhord i scríbhinn tar éis gach cruinnithe agus go bliantúil chomh maith. Bhí seacht gcruinniú den Choiste in 2017.

Comhaltaí Coiste 2017: Michael Cush, Mary Daly, Mary Keane (*Cathaoirleach an Choiste*), Barney Whelan agus Ann Prendergast.

Cruinnithe an Bhoird agus Costais

Tagann an Bord le chéile sé huaire ar a laghad sa bhliain agus in 2017, bhí seacht gcruinniú acu. In 2017, bhí roinnt cruinnithe ag an mBord gan feidhmeannach i láthair.

COMHALTA BOIRD	CRUINNITHE A FREASTALAÍODH / CRUINNITHE CÁILITHE LE FREASTAL	COSTAIS ÍOCHA
An tUas. Michael Cush (<i>Cathaoirleach</i>)	7/7	-
An tUas. Bernie Brennan	6/7	€829
An tUas. Maurice Buckley	6/7	-
An tUas. Lynda Carroll	6/7	-
An tOllamh Mary Daly	1/1	-
An tUas. Margaret Glynn	7/7	-
An tUas. Jacqueline Hall	7/7	-
An tUas. Gary Jermyn	7/7	-
An tUas. Mary Keane (<i>Leaschathaoirleach</i>)	7/7	-
An tUas. Owen Lewis	6/7	-
An tUas. Suzanne Macdougald	7/7	€2,119
An tUas. Stephen McKenna	2/2	-
An tUas. Mick O'Dea	7/7	-
An tUas. Ann Prendergast	6/7	-
An tUas. Vivienne Roche	6/7	€2,552
An tUas. Lesley Tully	5/7	-
An tUas. Barney Whelan	6/7	€595
An tUas. Peter Kennedy	3/5	-
An tUas. James English	3/4	-
IOMLÁN		€6,095

Níl táillí ar bith iníoctha do chomhaltaí Boird.

Tuarastal an Stiúrthóra

FÉACH NÓTA 8 (D) LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS.

Sceideal tinrimh ag Cruinnithe Coiste in 2017

	ÉADÁLACHA AGUS TAISPEÁNTAIS	INIÚCHADH, RIOSCA AGUS AIRGEADAIS	FOIRGNIMH AGUS TAILTE	FORBAIRT	OIDEACHAS AGUS RANPHÁIRTÍOCHT PHOIBLÍ	RIALACHAS AGUS STRAITÉIS
LÍON CRUINNITHE	5	5	1	6	3	6
COMHALTA COISTE						
Michael Cush	3/5	4/5	1/1	6/6	3/3	3/6
Bernie Brennan		5/5				
Maurice Buckley			0/1			
Lynda Carroll		5/5		5/6		
Mary Daly				1/1		0/1
James English	1/1					
Jackie Gallagher (<i>seachtrach</i>)				2/6		
Margaret Glynn	5/5				3/3	
Jacqueline Hall			1/1		3/3	
James Hanley (<i>seachtrach</i>)					3/3	
Gary Jermyn				6/6		
Mary Keane			1/1			6/6
Owen Lewis			0/1			
Suzanne Macdougald	5/5			6/6		
Michael Maughan (<i>seachtrach</i>)				4/6		
Stephen McKenna	1/2					
Des McMahon (<i>seachtrach</i>)			1/1			
Mick O'Dea	4/5					
Ann Prendergast						5/6
Vivienne Roche				3/6		
Lesley Tully				4/6		
Kieran Wallace (<i>seachtrach</i>)		2/5				
Barney Whelan					2/2	4/6

Nochtuithe éilithe ag an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016)

Tá an Bord freagrach as a chinntiú gur chomhlíon Gailearaí Náisiúnta na hÉireann le riachtanais an Chóid Chleachtais um Chomhlachtaí Stáit a Rialú (**an Cód**), mar atá foilsithe ag an Roinn Caitheachais Phoiblí agus Athchóirithe i Lúnasa 2016.

TÁ NA NOCHTUITHE SEO A LEANAS AG TEASTÁIL ÓN GCÓD:

Miondealú ar Shochair Ghearrthéarmaacha Fostaithe

FÉACH NÓTA 8 (E) LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS.

Costais Sainchomhairleoireachta

ÁIRÍTEAR AR CHOSTAIS SAINCHOMHAIRLEOIREACHTA COSTAS NA COMHAIRLE SEACHTRAÍ DON LUCHT BAINISTÍOCHTA AGUS NÍL FEIDHMEANNA "GNÓ MAR IS GNÁCH" SEACHFOINSITHE SAN ÁIREAMH.

	2017	2016
	€	€
Táillí Dí	43,007	95,699
Eacnamaíoch/MDP	71,872	111,184
Airgeadais lena n-áirítear Bainistíocht Punann	94,763	56,321
Margaíocht	61,577	46,486
Soláthar	-	70,440
Acmhainní Daonna	15,782	4,992
Oibríochtúil	18,555	2,896
Coimeádaíocht	-	9,046
IOMLÁN	305,556¹	397,064

¹ Chomh maith le €305,556 thuas, áirítear i gcostas oibríochta siopa, sainchomhairleoireach miandíola i 2017 - €19,200 (2016:náid) - féach Nóta 7.

Caiteachas Cothaithe agus Taistil

TÁ TAISTEAL AGUS COTHÚ Á GCUR I GCATAGÓIRÍ MAR SEO A LEANAS:

	2017	2016
	€	€
SA BHAILE		
Bord	5,266	3,589
Fostaithe	2,141	1,527
Neamhfhoireann ¹	1,762	-
IDIRNÁISIUNTA		
Bord	829	-
Fostaithe	52,861	33,759
Neamhfhoireann ¹	5,473	2,169
CAIRDE GHAILEARAÍ NÁISIUNTA NA HÉIREANN	479	508
IOMLÁN	68,811	41,552

¹ Baineann caiteachas Taistil agus Cothaithe neamhfhoirne le haoichainteoirí, taisteal agus costais comhairleach intéirigh.

	2017	2016
	€	€
Taisteal agus Cothú i gCuntas Ioncaim agus Caiteachais	61,604	36,617
Taisteal agus Cothú Boird san áireamh i Nóta 9 (<i>Costais Eile</i>)	6,095	3,589
Taisteal agus Cothú Siopa Leabhar san áireamh i Nóta 7 (<i>Costais Oibríochta</i>)	633	838
Taisteal agus Cothú Cairde san áireamh i Nóta 6 (<i>Costais Oibríochta</i>)	479	508
IOMLÁN	68,811	41,552

Caiteachas Fáilteachais

SAN ÁIREAMH SA RÁITEAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS TÁ AN CAITEACHAS FÁILTEACHAIS SEO A LEANAS:

	2017	2016
	€	€
Fáilteachas Lucht Foirne	2,029	405
Fáilteachas Cliaint	11,495	2,294
IOMLÁN	13,524	2,699

Ráiteas maidir le Comhlíonamh

Tá an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) arna ghlacadh ag an mBord agus nósanna imeachta curtha i bhfeidhm chun comhlíonadh an Chóid a chinntiú. Bhí an Gailearaí i gcomhlíonadh go hiomlán maidir leis an gCód Cleachtais chun Chomhlachtaí Stáit a Rialú mar atá foilsithe ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i Lúnasa 2016, leis na heisceachtaí seo a leanas:

- ✘ Ní dhearna gach ceann de na Coistí féinmheasúnú in 2017, ach tá a leithéid de mheasúnuithe arna bpleanáil do 2018.
- ✘ Níl cuid áirithe de mhionghnéithe na dtéarmaí tagartha i ngach ceann de Choistí an Bhoird cosúil lena chéile. Féachfar air sin agus réiteofar é le linn 2018.
- ✘ Tá sé riachtanach Sceideal na nÁbhar atá Forchoimeádta le haghaidh Chinneadh an Bhoird a nuashonrú agus déanfar é sin ar aon dul le téarmaí an Chóid le linn 2018.

AR SON GHOBNÓÍR AGUS CHAOMHNÓIRÍ GHAILEARAÍ NÁISIÚNTA NA HÉRIEANN:



MICHAEL CUSH, CATHAOIRLEACH
20 NOLLAG 2018

LYNDA CARROLL, COMHALTA BOIRD
20 NOLLAIG 2018

Ráiteas ar Rialú Inmheánach

Scóip na Freagrachta

Ar son Bhord Gobharnóirí agus Caomhnóirí Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann (**an Bord**), aithním ár bhfreagracht as a chinntiú go bhfuil córas éifeachtúil rialaithe inmheánaigh á chothú agus á oibriú. Cuimsítear sa fhreagracht sin tá ceanglais an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016).

Cuspóir an Chórais um Rialú Inmheánach

Tá an córas um rialú inmheánach deartha chun riosca a bhainistiú ag leibhéal réasúnta seachas é a chur as an áireamh. Ní féidir leis an gcóras rialú inmheánach ach deimhniú réasúnach nach deimhniú foriomlán é a thabhairt go bhfuil sócmhainní á gcosaint, idirbheartaíochtaí á n-údú agus á dtaifead i gceart agus go ndéantar earráidí nó mírialtachtaí ábhartha a bhrath nó go ndéanfaí iad a bhrath go tráthúil. Próiseas leanúnach is ea rialuithe inmheánacha a chothú agus bíonn an córas agus a éifeachtúlacht faoi athbhreithniú leanúnach. Tá an córas rialaithe inmheánaigh atá de réir treoirlínte eisithe ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i bhfeidhm i nGailearaí Náisiúnta na hÉireann (**an Gailearaí**) don bhliain dár chríoch 31 Nollaig 2017 agus go dáta faofa na ráiteas airgeadais.

Cumas Riosca a Láimhseáil

Tá Coiste Iniúcháireachta, Riosca agus Airgeadais (ARF) ag an mBord ina bhfuil ceathrar comhaltaí, ag a bhfuil saineolas airgeadais agus iniúchta, agus is Cathaoirleach an Bhoird duine amháin díobh. Bhí cúig chruinniú ag an gCoiste Iniúcháireachta, Riosca agus Airgeadais in 2017. Soláthraíonn an Coiste Iniúcháireachta, Riosca agus Airgeadais tuarascáil bhliantúil a chuirtear timpeall chuig na comhaltaí Boird.

Tá feidhm iniúchta inmheánaí arna bunú freisin ag an nGailearaí atá maoinithe a dhóthain agus a chomhlíonann clár oibre comhaontaithe leis an gCoiste Iniúcháireachta, Riosca agus Airgeadais.

Tá beartas bainistíocht riosca forbartha ag an gCoiste Iniúcháireachta, Riosca agus Airgeadais a leagann amach inghlacthacht riosca, na próisis bainistíocht riosca atá i bhfeidhm agus mionsonraí de róil agus freagrachtaí na foirne maidir le riosca. Tá an beartas seo eisithe chuig na baill foirne uile agus táthar ag súil go n-oibreoidh siad laistigh dá théarmaí, chun an lucht bainistíochta a chur san airdeall faoi rioscaí atá ag teacht chun cinn agus laigí a srianú agus freagracht a ghlacadh ar rioscaí agus rialuithe laistigh dá réimse féin.

Creat Riosca agus Rialaithe

Cuireann Deloitte tuarascálacha iniúcháireachta inmheánaí cuimsitheacha ar fáil ar réimsí ardriosca, ach leis an gcuspóir foriomlán measúnú a dhéanamh ar rialuithe i réimsí go léir ghníomhaíochtaí an Gailearaí thar thimthriall trí bliana. Ritheann an plean iniúcháireachta inmheánaí reatha ó Mheán Fómhair 2015 go Méan Fómhair 2018 agus comhlíonadh na hiniúchtaí sceidealta go léir do 2017. Rinneadh athbhreithniú ar Rialú Airgeadais Inmheánaigh in 2017. Ullmhaíodh tuarascálacha de réir cur chuige inmheánach Deloitte atá ar aon dul leis na caighdeáin atá leagtha síos in Institiúid Chairte na nIniúcháirí Inmheánacha. Úsáideadh torthaí aitheanta le linn iniúchtaí inmheánacha agus seachtracha chun an Clár Riosca nuashonraithe agus an Plean Oibre Iniúcháireachta Inmheánaí 2017 a chur ar an eolas.

Tá creat nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú bainistíochta rialta i bhfeidhm freisin lena n-áirítear idirdhealú dualgas agus córas tarmilgín agus freagrachta. Go háirithe:

- ✍ Tá córas buiséadaithe cuí i bhfeidhm le buiséad bliantúil faofa a choimeádann an lucht bainistíochta sinsearaí faoi athbhreithniú.
- ✍ Comhlíonann an lucht bainistíochta sinsearaí athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha airgeadais bhliantúla agus tréimhsiúla a léiríonn feidhmiú airgeadais i gcoinne a mbíonn tuartha.
- ✍ Cuirtear an Clár Riosca in achoimre chuig an gCoiste Iniúcháireachta, Riosca agus Airgeadais ar bhonn tréimhsiúil agus déanann an Coiste ARF athbhreithniú air ina iomláine go bliantúil.
- ✍ Tá córais i bhfeidhm a bhfuil mar aidhm acu slandáil na gcóras TFC a chinntiú.
- ✍ Tá treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil agus disciplíní foirmiúla bainistíocht tionscadail i bhfeidhm.
- ✍ Déantar athbhreithniú ar nósanna imeachta chun an bailiúchán a chosaint go rialta.
- ✍ Déanann an Gailearaí deimhin de go mbíonn fócas a dhóthain ar dhea-chleachtas maidir le ceannach agus go mbíonn na nósanna imeachta i bhfeidhm chun comhlíonadh na dtreoirlínte ábhartha go léir a chinntiú.

Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach

Tá nósanna imeachta curtha ar bun chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl go tráthúil dóibh siúd atá freagrach as gníomhaíocht cheartaitheach a dhéanamh agus as an mBord a bhainistiú, nuair is ábhartha. Deimhnímh go bhfuil na córais mhonatóireachta leanúnacha seo a leanas i bhfeidhm:

- ✍ Tá príomhrioscaí agus rialuithe bainteacha aitheanta agus tá próisis curtha i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus aon easnaimh aitheanta a chur in iúl.
- ✍ Tá socrúithe tuairiscithe curtha ar bun ar na leibhéil go léir sa chás go bhfuil freagracht as bainistíocht airgeadais sannta, agus
- ✍ Déanann an lucht bainistíochta sinsearaí athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla feidhmíochta agus airgeadais a léiríonn feidhmíocht i gcoinne buiséad/tuartha.

Soláthar

Deimhnímh go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun comhlíonadh na rialacha agus treoirlínte soláthair reatha a chinntiú lena n-áirítear plean soláthair chorparáidigh agus plean oibríochtúil soláthair agus le linn 2017, gur chloígh an Gailearaí leis na nósanna imeachta sin ach amháin d'ábhair atá léirithe faoi "Saincheisteanna Rialaithe Inmheánacha" thíos.

Athbhreithniú ar Éifeachtúlacht

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta ag an nGailearaí chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtúlacht a nósanna imeachta rialaithe agus a bhainistíocht riosca. Tá monatóireacht agus athbhreithniú ar éifeachtúlacht an chórais rialaithe inmheánaigh curtha ar an eolas ag obair iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha, an Choiste Iniúcháireachta, Riosca agus Airgeadais a mhaoirsíonn a gcuid oibre agus an lucht bainistíochta sinsearaí laistigh den Ghailearaí atá freagrach as creat rialaithe inmheánaigh a fhorbairt agus a chothú.

Deimhním go ndearna an Bord athbhreithniú bliantúil ar éifeachtúlacht na rialuithe inmheánacha do 2017.

Saincheisteanna Rialaithe Inmheánaigh

I. ATHBHREITHNIÚ AR RIALUITHE GINEARÁLTA NA TEICNEOLAÍOCHTA FAISNÉISE (TF)

Le linn 2017, rinneadh athbhreithniú iniúchta inmheánaigh an Ghailearaí Náisiúnta ar rialuithe ginearálta na teicneolaíochta faisnéise a raibh mar thoradh air toradh suntasach amháin agus gur aithníodh 6 thoradh thábhachtacha. Bhain an toradh suntasach le laigí i rialuithe rochtana fisiciúla go seomraí áirithe an Ghailearaí agus téipeanna cúltaca. Tá athbhreithniú déanta ar na cúrsaí sin agus céimeanna cuí déanta nó á ndéanamh chun tabhairt faoi na laigí rialaithe aitheanta.

II. ATHBHREITHNIÚ AR RIALUITHE AIRGEADAIS INMHEÁNACHA

Le linn 2017 níor aithníodh trí athbhreithniú iniúchta inmheánaigh ar rialuithe airgeadais inmheánacha aon torthaí suntasacha ach 2 thoradh thábhachtacha maidir le comhlíonadh soláthair agus tráthúlacht ullmhú cuntais bhainistíochta. Maidir le soláthar tugadh suntas do theagmhas amháin i gcás gur tar-rolladh conradh do sheirbhísí slándála le hÍocaíochtaí de mhéid €354,225. Tharla sé sin in 2017 le linn diantréimhse díreach roimh athoscailt na sciathán athchóirithe. Tá sábháilteacht agus slándáil an bhailiúcháin ríthábhachtach agus leis an nGailearaí dúnta go bunúsach le linn an athchóirithe bhí an conradh straitéiseach seo ag dul thar am mar thoradh ar éifeacht an dáta athoscailte a bheith á bhrú amach go dosheachanta ar an-chuid ocáidí ó Nollaig 2016 go Meitheamh 2017. Tá tairiscint curtha isteach ar an gconradh ó shin. Tá athbhreithniú déanta ag lucht bainistíochta ar na torthaí sin agus céimeanna curtha i bhfeidhm chun tabhairt fúthu - go háirithe tá Plean Soláthair Chorparáidigh faofa ag an mBord.

Trí na próis atá léirithe thuas deimhníonn an Coiste Iniúcháireachta, Riosca agus Airgeadais go bhfuil an Bord sásta le héifeachtúlacht na rialuithe inmheánacha atá i bhfeidhm maidir leis an mbliain dar críoch an 31 Nollaig 2017, bunaithe ar athbhreithniú a rinne Deloitte ar an 23 Nollaig 2017.

AR SON GHOBHARNÓIRÍ AGUS CHAOMHNÓIRÍ GAILEARAÍ NÁISIÚNTA NA HÉIREANN:



MICHAEL CUSH, CATHAOIRLEACH
20 NOLLAG 2018

LYNDA CARROLL, COMHALTA BOIRD
20 NOLLAIG 2018

Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

Gailearaí Náisiúnta na hÉireann

TUAIRIM AR RÁITIS AIRGEADAIS

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais Gailearaí Náisiúnta na hÉireann don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2017 mar a cheanglaítear faoi fhorálacha alt 35 den Acht um Fhorais Chultúir Náisiúnta 1997. Áirítear ar na ráitis airgeadais

- \\ ráiteas ioncaim agus caiteachais
- \\ ráiteas ioncam cuimsitheach
- \\ ráiteas ar staid an airgeadais
- \\ ráiteas ar athruithe i gcúlchistí agus cuntas caipitil
- \\ ráiteas ar shreabhadh airgid agus
- \\ na nótaí bainteacha lena n-áirítear achoimre ar bheartais chuntasaíocht shuntasacha

I mo thuairim tugann na ráitis airgeadais léargas fíor agus cóir ar shócmhainní, dliteanais agus staid an airgeadais Gailearaí Náisiúnta na hÉireann ag an 31 Nollaig 2017 de réir an Chaighdeáin um Thuairisciú Airgeadais (FRS) 102 - *An Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais infheidhmithe sa RA agus i bPoblacht na hÉireann*.

BÉIM AR ÁBHAIR - CUNTASAÍOCHT UM SHÓCMHAINNÍ OIDHREACHTA

Gan mo thuairim ar na ráitis airgeadais a mhaolú dírim aird ar Nóta 23 ina nochtar go ndearna Gailearaí Náisiúnta na hÉireann leasú ar a bheartas cuntasaíochta le haghaidh sócmhainní oidhreachta.

Go dtí 2017, níor aithin Gailearaí Náisiúnta na hÉireann sócmhainní oidhreachta sa Ráiteas ar Staid an Airgeadais mar a éilítear faoin gCaighdeán um Thuairisciú Airgeadais 102 (FRS 102).

I ráitis airgeadais 2017 aithníonn an Gailearaí sócmhainní oidhreachta dar luach €37.7 milliún a fuarthas nó 1 Eanáir 2007. Tá a staid airgeadais 2016 athshonraithe freisin ag an nGailearaí ar aon dul leis an bpolasaí cuntasaíochta nua.

BUNÚS LEIS AN TUAIRIM

Rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (ISAanna) mar a fhógraítear trí an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos ar mo chuid freagrachtaí faoi na caighdeáin seo san aguisín leis an tuarascáil seo. Táim neamhspleách ar Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann agus tá mo chuid freagrachtaí eiticiúla eile comhlíonta agam de réir na gcaighdeán.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta atá faighte agam chun bunús le mo thuairim a chur ar fáil.

TUARASCÁIL AR EOLAS SEACHAS NA RÁITIS AIRGEADAIS AGUS AR ÁBHAIR EILE.

Tá eolas eile curtha i láthair ag Gailearaí Náisiúnta na hÉireann in éineacht leis na ráitis airgeadais. Áirítear leis seo an tuarascáil bhliantúil, an ráiteas rialachais agus tuairisc ó na comhaltaí Boird agus an ráiteas ar rialú inmheánach. Tá cur síos ar mo chuid freagrachtaí chun tuairisc a dhéanamh ar a leithéid d'fhaisnéis agus ar ábhair áirithe eile san aguisín leis an tuarascáil seo.

Níl aon rud le tuairisciú agam maidir leis sin.



SEAMUS MC CARTHY,
ARD-REACHTAIRE CUNTAS AGUS CISTE
21 NOLLAIG 2018

Aguisín leis an tuarascáil

Freagrachtaí na gcomhaltaí Boird

Sa ráiteas rialachais agus i dtuarascáil na gcomhaltaí boird leagtar amach freagrachtaí na gcomhaltaí Boird. Tá na comhaltaí Boird freagrach as

- ✍ ráitis airgeadais a ullmhú san fhoirm atá leagtha síos faoi alt 35 den Acht um Fhorais Chultúir Náisiúnta 1997
- ✍ ag cinntiú go dtugann na ráitis airgeadais léargas fíor agus cothrom de réir an Chaighdeáin um Thuairisciú Airgeadais 102
- ✍ ag cinntiú rialtacht na n-idirbheartaíochtaí
- ✍ measúnú a dhéanamh ar cibé an bhfuil úsáid as cuntasafócht an ghnóthais leantaigh cuí nó nach bhfuil, agus
- ✍ a leithéid de rialú inmheánach agus a mheasann siad a bheith riachtanach chun ráitis airgeadais a ullmhú atá saor ó mhíríteas ábhartha, cibé de bharr calaoise nó earráide.

Freagrachtaí an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Éilítear orm faoi alt 35 den Acht um Fhorais Chultúir Náisiúnta 1997 iniúchadh a dhéanamh ar ráitis airgeadais Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann agus tuairisciú ina dtaobh do Thithe an Oireachtais.

Is é mo chuspóir agus an iniúchadh á dhéanamh agam dearbhú réasúnach a fháil faoi cibé an bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíríteas ábhartha de bharr calaoise nó earráide nó nach bhfuil. Ardleibhéal dearbhaithe is ea dearbhú réasúnach ach ní dearbhú é go n-aimseoidh an t-iniúchadh a dhéantar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (ISAanna) míráiteas ábharthanuair atá sé ann. Féadfaidh míshonruithe teacht as calaois nó earráid agus féachtar orthu mar ábhar dá bhféadfaidís go réasúnach ina n-aonar nó le chéile tionchar a bheith acu ar chinntí eacnamaíocha úsáideoirí a dhéantar ar bhunús na ráiteas airgeadais seo.

Mar chuid d'iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúcháireachta (ISAanna), cleachtaím breithiúnas gairmiúil agus cothaím sceipteachas gairmiúil i gcaitheamh an iniúchta. Agus é sin á dhéanamh agam

- ✧ Aithním agus déanaim measúnú ar rioscaí um míráiteas ábhartha na ráiteas airgeadais cibé de bharr calaoise nó earráide; dearaim agus cleachtaím nósanna imeachta iniúchta a fhreagraíonn do na rioscanna sin; agus faighim fianaise iniúchta atá a dhóthain agus cuí chun bunús a thabhairt le mo thuairim. Tá an riosca gan míráiteas ábhartha de bharr calaoise a aimsiú níos mó seachas an riosca de bharr earráide mar d'fhéadfadh claonpháirteachas, brionnú, rudaí fágtha amuigh d'aon ghnó, mífhaisnéis, nó rialú inmheánach a shárú a bheith bainteach le calaois.
- ✧ Faighim tuiscint ar rialú inmheánach ábhartha don iniúchadh chun nósanna imeachta atá oiriúnach sna cúinsí sin a dhearadh ach ní chun críocha tuairim a chur in iúl ar éifeachtúlacht na rialuithe inmheánacha.
- ✧ Déanaim measúnú ar oiriúnacht polasaithe cuntasaíochta a úsáidtear agus réasúntacht meastachán cuntasaíochta agus nochtuithe bainteacha.
- ✧ Críochnaím le hoiriúnacht na húsáide as cuntasaíochta an ghnóthais leantaigh agus bunaithe ar an bhfianaise iniúchta atá faighte ar cibé a bhfuil neamhchinnteacht ábhartha ann a bhaineann le himeachtaí nó coinníollacha a d'fhéadfadh amhras suntasach a chur ar chumas Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann leanúint ar aghaidh. Má mheasaim go bhfuil míchinnteacht ábharthaann ní mór dom aird a tharraingt, i mo thuarascáil ar na nochtuithe bainteacha sna ráitis airgeadais nó murar leor nochtuithe den sórt sin, mo thuairim a mhaolú. Tá mo chonclúidí bunaithe ar fhianaise an iniúchta a fuarthas suas go dáta mo thuarascála. Mar sin féin, féadfaidh teagmhais nó coinníollacha amach anseo a bheith ina gcúiseanna go stopfadh Gailearaí Náisiúnta na hÉireann leanúint ar aghaidh.
- ✧ Déanaim measúnú ar an gcur i láthair, struchtúr agus ábhar na ráiteas airgeadais foriomlán, lena n-áirítear na nochtuithe agus cibé an léiríonn na ráitis airgeadais na hidirbhearta agus teagmhais bhunúsacha ar mhodh lena mbaintear amach cur i láthair cothrom nó nach mbaintear.

Déanaim teagmháil leo siúd atá bainteach le rialachas mar gheall ar, i measc rudaí eile scóip agus uainiú pleanáilte an iniúchta agus torthaí iniúchta suntasacha lena n-áirítear aon easnamh shuntasacha i rialú inmheánach a aithním le linn m'iniúchta.

EOLAS SEACHAS NA RÁITIS AIRGEADAIS

Ní chlúdaíonn mo thuairim ar na ráitis airgeadais an t-eolas eile atá curtha in iúl leis na ráitis sin agus ní chuirim aon chineál conclúide dearbhaithe in iúl ina dtaobh.

Maidir le m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais ní mór dom faoi na Caighdeán Idirnáisiúnta Inniúcháireachta (ISAanna) an t-eolas eile atá curtha i láthair a léamh agus sin á dhéanamh féachaint an bhfuil an t-eolas eile neamhréireach leis na ráitis airgeadais nó le faisnéis a fuarthas le linn an iniúchta nó má dhealraítear seachas sin gur míráiteas ábhartha é. Bunaithe ar an obair atá déanta agam má thagaim ar an gconclúid go bhfuil míráiteas ábhartha den t-eolas eile sin, ní mór dom é sin a chur in iúl.

AG TUAIRISCIÚ AR ÁBHAIR EILE

Déantar m'iniúchadh faoi threoir na mbreithithe speisialta a cheanglaítear ar chomhlachtaí Stáit maidir lena mbainistíocht agus lena n-oibríocht. Tuairiscím má tá cúrsaí ábhartha a bhaineann leis an gcaoi ina rinneadh gnó poiblí.

Iarraim fianaise a fháil faoi rialtacht idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Tuairiscím má bhí aon ásc ábhartha nach raibh airgead poiblí curtha i bhfeidhm chun na críocha a raibh i gceist dó nó nuair nár réitigh idirbhearta leis na húdaráis atá á rialú.

Tuairiscím freisin trí eisceacht dar liom

- ✧ Mura bhfuil an t-eolas agus mínithe go léir faighte agam atá ag teastáil do m'iniúchadh nó
- ✧ Mura raibh na taifid chuntasaíochta a dhóthain chun na ráitis airgeadais a iniúchadh go héasca agus i gceart, nó
- ✧ Mura bhfuil na ráitis airgeadais i gcomhaontú leis na taifid chuntasaíochta.

Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais

Don Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2017

	NÓTA	CISTÍ NEAMH- SHRIANTA	CISTÍ SRIANTA	2017 IOMLÁN	2016 ATHSHON- RAITHE
IONCAM		€	€	€	€
Deontas Oireachtais	2	8,535,000	869,486	9,404,486	7,645,929
Deontas Oireachtais - Eile	2a	-	483,000	483,000	290,000
Ioncam Síntiús		232,011	-	232,011	74,592
Ioncam Caifé/Imeachtaí		243,824	-	243,824	208,417
Ioncam Taispeántas		1,595,570	-	1,595,570	150
Ioncam Oideachais	3	76,998	-	76,998	38,690
Dleachtanna		158,850	-	158,850	183,841
Urraíocht/Ioncam Taighde	4	717,989	318,264	1,036,253	862,204
Ioncam Ilchineálach	5	15,580	-	15,580	33,164
Síntiús Sócmhainní Oidhreachta		-	81,400	81,400	3,854,977
Glanioncam ó Chairde Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann	6	-	89,264	89,264	26,878
Glanioncam ón Siopa	7	419,326	-	419,326	134,277
IONCAM IOMLÁN		11,995,148	1,841,414	13,836,562	13,353,119
CAITEACHAS					
Íocaíocht agus Costais Eile	8a	6,520,023	176,989	6,697,012	5,392,655
Earcú, Oiliúint agus Oideachas		111,228	(5)	111,223	118,982
Taisteal agus Cothú		59,826	1,778	61,604	36,617
Costais Slandála		428,960	-	428,960	413,624
Léachtanna agus Turais		184,687	407	185,094	85,633
Fógraíocht, Promóisean agus Poiblíocht		420,195	15,886	436,081	3,398
Árachas		27,160	-	27,160	23,906
Costais Bhailiúcháin, Chúraim agus Taispeántais		1,506,766	154,917	1,661,683	350,850
Postas agus Teileachumarsáid		99,691	-	99,691	98,861
Costais TF		159,808	-	159,808	163,651
Priontáil, Paipéarachas agus Solathair		167,825	-	167,825	99,740
Costas Áitreabh		907,261	-	907,261	682,412
Táillí Gairmiúla/Comhairleacht		362,197	29,981	392,178	460,447
Táillí Iniúchta		24,000	-	24,000	28,925
Dímheas	12	292,885	-	292,885	118,149
Costais Eile	9	329,933	31,377	361,310	213,183
CAITEACHAS IOMLÁN		11,602,445	411,330	12,013,775	8,291,033

Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais

Don Bhliain Dar Críoch an 31 Nollaig 2017 ar Leanúint

	NÓTA	CISTÍ NEAMH- SHRIANTA	CISTÍ SRIANTA	2017 IOMLÁN	2016 ATHSHON- RAITHE
		€	€	€	€
FARASBARR DON BHLIAIN ROIMH LEITHREASAÍ		392,703	1,430,084	1,822,787	5,062,086
Aistriú (go)/ón gCuntas Caipitil	10	(628,844)	-	(628,844)	61,084
Aistriú (go) Cúlchiste Sócmhainne Oidhreacht	11	(11,128)	(729,672)	(740,800)	(4,247,768)
Gnóthachan/caillteanas athluachála neamhréadaithe ar infheistíochtaí	13	87,539	(90,593)	(3,054)	4,076
Gnóthachan ar dhiúscairtí infheistíochta	13	64,960	122,024	186,984	211,356
Costais choimisiúnaithe MDP		-	(336,902)	(336,902)	(1,446,672)
FARASBARR/CAILLTEANAS DON BHLIAIN TAR ÉIS LEITHREASAÍ		(94,770)	394,941	300,171	(355,838)
Tá an ráiteas Sreafaí Airgid agus Nótaí 1 go 26 mar chuid de na ráitis airgeadais seo.					

AR SON GHOBHARNÓIRÍ AGUS CHAOMHNÓIRÍ GHAILEARAÍ NÁISIÚNTA NA HÉIREANN:



MICHAEL CUSH, CATHAOIRLEACH
20 NOLLAG 2018

LYNDA CARROLL, COMHALTA BOIRD
20 NOLLAIG 2018

Ráiteas ar Ioncam Cuimhsitheach

Don Bhliain Dar Críoch an 31 Nollaig 2017

	NÓTA	CISTÍ NEAMH- SHRIANTA	CISTÍ SRIANTA	2017 IOMLÁN	2016 ATHSHON- RAITHE
		€	€	€	€
FARASBARR / (CAILLTEANAS) DON BHLIAIN TAR ÉIS LEITHREASUITHE		(94,770)	394,941	300,171	(355,838)
Athluacháil Mhaoine	12	130,000	150,000	280,000	620,000
(Caillteanas) neamhréadaithe in aistriú airgeadra eachtrach		-	-	-	(3,596)
Coigeartú ar chúlchistí Siopa		-	-	-	(16,988)
Ioncam Cuimsitheach eile don bhliain		130,000	150,000	280,000	599,416
IONCAM CUIMSITHEACH IOMLÁN DON BHLIAIN		35,230	544,941	580,171	243,578

Tá an ráiteas Sreafaí Airgid agus Nótaí 1 go 26 mar chuid de na ráitis airgeadais seo.

AR SON GHOBHARNÓIRÍ AGUS CHAOMHNÓIRÍ GHAILEARAÍ NÁISIÚNTA NA HÉIREANN:



MICHAEL CUSH, CATHAOIRLEACH
20 NOLLAG 2018

LYNDA CARROLL, COMHALTA BOIRD
20 NOLLAIG 2018

Ráiteas ar Staid an Airgeadais

Don Bhliain Dar Chríoch 31 Nollaig 2017

	NÓTA	2017 IOMLÁN	2016 ATHSHON- RAITHE
SÓCMHAINNÍ SEASTA		€	€
Sócmhainní Oidhreachta ¹	10/11	37,674,559	36,933,759
Maoín, Gléasra agus Fearas	12	6,829,522	5,844,330
Sócmhainní Airgeadais	13	5,442,694	5,154,892
SÓCMHAINNÍ SEASTA IOMLÁIN		49,946,775	47,932,981
SÓCMHAINNÍ REATHA			
Fardal	14	394,037	357,557
Infháltais	16	571,838	314,897
Airgead Tirim agus Cóibhéisí Airgid Thirim	15	2,262,407	2,336,097
SÓCMHAINNÍ REATHA IOMLÁIN		3,228,282	3,008,551
DLISTEANAIS (MÉIDEANNA DLITE LAISTIGH DE BHLIAIN AMHÁIN)			
Suimeanna Iníoctha	17	1,150,468	748,989
Ioncam Iarchurtha - Deontas Rialtais	19	91,659	102,145
Ioncam Iarchurtha - Eile	20	2,339,912	2,447,195
DLISTEANAIS REATHA IOMLÁIN		3,582,039	3,298,329
GLANSÓCMHAINNÍ REATHA		(353,757)	(289,778)
GLANSÓCMHAINNÍ IOMLÁNA		49,593,018	47,643,203
AG LÉIRIÚ			
Cuntas Caipitil	10	918,391	289,547
Cúlchistí Neamhshrianta	21	7,015,309	6,980,079
Cúlchistí Srianta	21	3,984,759	3,439,818
Cúlchistí Sócmhainní Oidhreachta	11/21	37,674,559	36,933,759
CÚLCHISTÍ IOMLÁN		49,593,018	47,643,203

¹ Tá Sócmhainní Oidhreachta go léir ó 1 Eanáir 2007 san áireamh sa
Ráiteas ar Staid an Airgeadais ag an gcostas nó luach a bhí orthu ag dáta an tabhartais.

Tá an ráiteas Sreafa Airgid agus Nótaí 1 go 26 mar chuid de na ráitis airgid sin.

AR SON GHOBHARNÓIRÍ AGUS CHAOMHNÓIRÍ GHAILEARAÍ NÁISIÚNTA NA HÉIREANN:



MICHAEL CUSH, CATHAOIRLEACH
20 NOLLAG 2018

LYNDA CARROLL, COMHALTA BOIRD
20 NOLLAIG 2018

Ráiteas ar Athruithe i gCúlchistí agus sa Chuntas Caipitil

Don Bhliain Dar Críoch an 31 Nollaig 2017

	NÓTA	CISTÍ NEAMHSHRIANTA		CISTÍ SRIANTA		IOMLÁN
		CUNTAS CAIPITIL	CÚLCHISTÍ	OIDHREACT SÓCMHAINN CÚLCHISTÍ	CÚLCHISTÍ SRIANTA EILE	
		€	€	€	€	€
IARMHÉID AG AN 1 Eanáir 2016	23	350,631	7,710,118	32,685,991	2,466,201	43,212,941
Farasbarr / (caillteanas) don bhliain tar éis leithreasuithe		-	(993,051)	-	637,213	(355,838)
Ioncam Cuimsitheach Eile		-	263,012	-	336,404	599,416
Sócmhainní Oidhreachta Ceannaithe		-	-	392,791	-	392,791
Sócmhainní Oidhreachta ag luacháil		-	-	3,854,977	-	3,854,977
Íocaíocht chun Sócmhainní Seasta a fháil	10	39,044	-	-	-	39,044
Amúchadh Sócmhainní Seasta	10	(100,128)	-	-	-	(100,128)
IARMHÉID AG AN 31 Nollaig 2016		289,547	6,980,079	36,933,759	3,439,818	47,643,203
IARMHÉID AG AN 1 Eanáir 2017		289,547	6,980,079	36,933,759	3,439,818	47,643,203
Farasbarr don bhliain tar éis leithreasuithe		-	(94,770)	-	394,941	300,171
Ioncam Cuimsitheach Eile		-	130,000	-	150,000	280,000
Sócmhainní Oidhreachta ceannaithe	10/11	-	-	659,400	-	659,400
Sócmhainní Oidhreachta ag luacháil	10/11	-	-	81,400	-	81,400
Íocaíocht chun Sócmhainní Seasta a fháil	10	856,386	-	-	-	856,386
Amúchadh Sócmhainní Seasta	10	(227,542)	-	-	-	(227,542)
IARMHÉID AG AN 31 Nollaig 2017		918,391	7,015,309	37,674,559	3,984,759	49,593,018
SAN ÁIREAMH SNA COMHARDAITHE AG AN 31 Nollaig 2017:						
<i>LUACH AR ATHLUACHÁLACHA MAOINE</i>						
Cúlchistí Neamhshrianta						1,716,951
Cúlchistí Srianata						2,220,128

Ráiteas Sreafaí Airgid

Don Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2017

	2017	2016
	€	€
GLANSREAFÁÍ AIRGID Ó GHNÍOMHAÍOCHTAÍ OIBRIÚCHÁIN		
Barrachas loncaim thar Caiteachas	300,171	(355,838)
Dímheas agus laige sócmhainní seasta	306,873	131,643
Gnóthachan ar Aistriú Airgeadra Eachtrach	-	(3,596)
Méadú i bhFardal	(36,480)	(127,181)
Méadú in Infháiltais	(256,941)	38,305
Méadú i suimeanna infíochta	401,479	238,542
Ús Baint faighte	(130)	(3,464)
Díbhinní	(15,450)	(29,700)
Laghdú i nDeontas Rialtais larchurtha	(10,486)	(9,929)
Laghdú in Ioncam larchurtha - Eile	(107,283)	(364,097)
Gluaiseacht ar Chuntas Caipitil	628,844	(61,084)
GLANSREABHADH AIRGID ISTEACH Ó GHNÍOMHAÍOCHTAÍ OIBRÍOCHTA	1,210,597	(546,399)
SREAFÁÍ AIRGID Ó GHNÍOMHAÍOCHTAÍ INFHEISTÍOCHTA		
Íocaíochtaí chun maoin, gléasra agus fearas a fháil	(1,012,065)	(144,381)
Íocaíochtaí chun infheistíochtaí luaite a fháil	(2,027,752)	(2,342,280)
Fáltais ó dhiúscairtí infheistíochtaí luaite	2,060,601	995,012
Gluaiseacht comhardaithe airgid infheistíochta	(136,721)	2,452,761
Gnóthachan athluacháil neamhréadaithe ar infheistíochtaí	3,054	(4,076)
Gnóthachan ar dhiúscairtí infheistíochta	(186,984)	(211,356)
GLANSREAFÁÍ AIRGID Ó GHNÍOMHAÍOCHTAÍ INFHEISTÍOCHTA	(1,299,867)	745,680
SREAFÁÍ AIRGID Ó GHNÍOMHAÍOCHTA AIRGEADAIS		
Ús Baint faighte	130	3,464
Díbhinní faighte	15,450	29,700
GLANSREAFÁÍ AIRGID Ó GHNÍOMHAÍOCHTAÍ AIRGEADAIS	15,580	33,164
GLANMHÉADÚ/GLANLAGHDÚ IN AIRGEAD TIRIM AGUS A CHOIBHÉISÍ AIRGID	(73,690)	232,445
Airgead Tirim agus a Choibhéisí Airgid ag 1 Eanáir	2,336,097	2,103,652
AIRGEAD TIRIM AGUS A CHOIBHÉISÍ AIRGID AG AN 31 NOLLAIG	2,262,407	2,336,097

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

1. Polasaithe Cuntasaíochta

Tá an bunús cuntasaíochta agus polasaithe suntasacha cuntasaíochta arna nglacadh ag Gailearaí Náisiúnta na hÉireann leagtha amach thíos. Cuireadh i bhfeidhm go comhsheasmhach iad le linn na bliana agus na bliana roimhe sin.

a) Eolas Ginearálta

Bunaíodh Gailearaí Náisiúnta na hÉireann trí Acht Parlaiminte sa bhliain 1854 agus osclaíodh é don phobal sa bhliain 1864 i gCearnóg Mhuirfean, Baile Átha Cliath 2.

Is mar seo a leanas cuspóirí Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann mar atá leagtha amach i gCuid VI den Acht um Fhorais Chultúir Náisiúnta 1997:

60. — (1) BEIDH SÉ MAR FHEIDHM AG GOBHARNÓIRÍ AGUS CAOMHNÓIRÍ –

- (a) eolas ar na hamharc-ealaíona a mhéadú agus a scaipeadh taobh istigh nó taobh amuigh den Stát trí pé modhanna a mheasann siad a bheith oiriúnach,
- (b) talamh nó leas i dtalamh a dhiúscairt faoi réir thoiliú an Aire agus aon mhaoín eile a dhiúscairt (seachas réada cultúrtha i mbailiúchán Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann, agus
- (c) a bheith rannpháirteach ina leithéid de ghníomhaíochtaí chun críche cistí a chruinniú don Ghailearaí Náisiúnta de réir mar a mheasann siad a bheith cuí.

(2) TÁ NA FEIDHMEANNA THUASLUAITE SA BREIS AGUS NÍ INA IONAD AON FHEIDHMEANNA ARNA DTABHAIRT LEIS NA HACHTANNA UM DHÁNLANN NÁISIÚNTA NA HÉIREANN 1854 GO 1963 AR NA GOBHARNÓIRÍ AGUS CAOMHNÓIRÍ

Eintiteas Leasa Phoiblí is ea Gailearaí Náisiúnta na hÉireann.

b) Ráiteas maidir le Comhlíonadh

Ullmhaítear ráitis airgeadais Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann de réir an Chaighdeáin um Thuairisciú Airgeadais (FRS) 102, na gCaighdeán Tuairiscithe Airgeadais infheidhmithe sa RA agus in Éirinn arna n-eisiúint ag Comhairle Tuairiscithe Airgeadais (FRC), mar a fhógraíonn Cuntasóirí Cairte na hÉireann.

Is é seo an chéad sraith ráiteas airgeadais ina bhfuil ceanglais na gCaighdeán um Thuairisciú Airgeadais (FRS) 102 glactha ag an mBord maidir le sócmhainní Oidhreacht. Níl aon éifeacht ag an athrú seo ag anbpolasaí cuntasáíochta ar an bhfeidhmíocht airgeadais arna tuairisciú roimhe seo. Mar sin féin, tá méadú €36.9 milliún agus €32.7 milliún faoi seach ar na glansócmhainní arna dtuairisciú roimhe seo ag an 31 Nollaig 2016 agus 31 Nollaig 2015, comhoiriúnaithe le Cúlchiste Sócmhainne Oidhreacht.

c) Bunús an Ullmhúcháin

Tá na ráitis airgeadais ullmhaithe faoin gcoinbhinsiún costais stairiúil ach amháin do roinnt sócmhainní agus dliteanas a thomhastar ag luachanna cothroma mar atá mínithe sna cleachtais chuntasaíochta thíos. Tá na ráitis airgeadais san fhoirm atá faofa ag an Aire Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta le toiliú an Aire Airgeadais faoin Acht um Fhorais Chultúir Náisiúnta, 1997. Tá Comhaontú Seachadta Feidhmíochta agus comhaontú maoirseachta idir an Gailearaí Náisiúnta agus an Roinn Cultúir, Oidhreacht agus na Gaeltachta i bhfeidhm anois. Cuirtear na polasaithe cuntasáíochta seo a leanas i bhfeidhm go seasmach nuair atáthar ag plé le míreanna a mheastar a bheith ábhartha maidir leis na ráitis airgeadais.

d) Formáid na Ráitis Airgeadais

Tá formáid na ráiteas airgeadais seo faofa ag an Aire Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta agus mar chuid díobh tá *Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais*, *Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach*, *Ráiteas ar Staid an Airgeadais*, *Ráiteas Athruithe i gCúlchistí agus Cuntas Caipitil*, *Ráiteas Sreafaí Airgid* agus nótaí bainteacha. Is comhdhlúthú de na gníomhaíochtaí go léir de Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann na ráitis airgeadais agus mar chuid díobh tá: -

CUNTAIS IONCAIM IARCHURTHA (NÓTA 20 AGUS 21)

CISTE SCOLÁIREACHTA JOHN BARRY / PETRONELLA BROWN	Bunaíodh an ciste seo i 1988 chun scoláireacht a chur ar fáil um thaighde oideachais a chur chun cinn agus a spreagadh.
COMHAIRLE DARGAN	Bunaíodh Comhairle Dargan i 2004 chun cistí a chruinniú chun mórshaothair ealaíne is mó a chuirfidh le Bailiúchán an Ghailearaí a cheannach.
CISTE COMHALTACHTA	Cuireadh an ciste seo ar bun trí ghníomhas i 1986 (agus arna leasú i 2005) chun ioncam a ghineadh chun Comhaltachtaí a chur ar fáil i réimsí taighde, caomhnaithe, péintéireachta, dealbhóireachta agus cuspóirí acadúla eile.
CISTE LANE	Bunaíodh an ciste i 1918 nuair a d'fhág Sir Hugh Lane cuid dá eastát do Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann go sonrach chun péintéireachtaí Éireannacha a cheannach.
AN CISTE UM SCIATHÁN NA MÍLAOISE	Bunaíodh an ciste seo chun tabhartaí a thaifeadadh ó lucht leasa príobháideacha le haghaidh Sciathán na Mílaoise an Ghailearaí a thógáil agus an caiteachas a bhain leis.

CUNTAIS CHÚLCHISTE (NÓTA 21)

CISTE SHAW	Bunaíodh an ciste i 1950 ar bhás George Bernard a d'fhág ina uacht a thrian den ioncam iarmharach dá eastát le Gailearaí Náisiúnta na hÉireann le husáid le lánrogha an Bhoird Rialtóirí agus Bardachta.
SIOPA AN GHAILEARAÍ NÁISIÚNTA	Bunaíodh an siopa ar dtús faoi lontaobhas Magawley Banon chun macashamlacha agus catalóga de shaothair ealaíne sa bhailiúchán a mhaoiniú.
CUNTAIS FÉINACMHAINNÍ	Déanann an cuntas seo idirbheartaíochtaí go léir a thaifeadadh maidir le hairgead a tabhíodh ar an nGailearaí agus ioncam tráchtála arna nginiúint lena n-áirítear urraíocht, gníomhaíochtaí oideachais ioncam ó cheadúnas bialainne agus fruiliú áiseanna an Ghailearaí. Déantar taifead sa chuntas seo freisin ar ioncam agus caiteachas a bhaineann le Taispeántais

EINTITIS DLITHIÚLA IS EA IAD SEO A LEANAS, NACH MBAINNEANN LEIS AN NGAILEARAÍ, ATÁ FAOI THEORAINN RÁTHAÍOCHTA: (NÓTA 20)**CAIRDE GHAILEARAÍ NÁISIÚNTA NA HÉIREANN**

Bunaíodh an chuideachta seo atá faoi theorainn ráthaíochta i 1986 chun tacú le gníomhaíochtaí an Ghailearaí trí bhallraíocht a earcú chun léirthuiscint péintéireachta, dealbhóireachta agus ailtireachta a spreagadh.

CAIRDE NA BREATAINE DE GHAILEARAÍ NÁISIÚNTA NA HÉIREANN

Is carthanas cláraithe sa RA an chuideachta seo atá faoi theorainn ráthaíochta agus a bunaíodh chun cistí a chruinniú um sciathán na Mílaoise a thógáil agus tá cistí tabhaithe aige freisin chun péintéireachtaí de bhunús agus ré áirithe a cheannach.

e) Formáid do Charthanais

Carthanas cláraithe is ea Gailearaí Náisiúnta an hÉireann (CHY2345). De réir cleachtas molta do charthanais tá anailís déanta ar ioncam agus caiteachas an Ghailearaí chun teacht lena infhaighteacht don Bhord Gobharnóirí agus Caomhnóirí mar seo a leanas:

CISTÍ SRIANTA: Ní féidir leis an nGailearaí na cistí seo a chaitheamh ach do na cúiseanna ar leith ar ar tugadh iad.

CISTÍ NEAMHSRIANTA: Tá na cistí seo ar fáil don Ghailearaí le feidhmiú chun críocha ginearálta an Ghailearaí mar atá leagtha amach sa reachtaíocht faoin raibh sé bunaithe.

f) Cuntas Caipitil

Aistrítear deontais Stáit chun sócmhainní seasta a cheannach chuig an gCuntas Caipitil sa bhliain ina dtarlaíonn an caiteachas agus atá le feiceáil sa *Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais* thar saol úsáideach na sócmhainní bainteacha. Léiríonn an Cuntas Caipitil na cistí amúchta a úsáideadh chun sócmhainní seasta a cheannach.

g) Ioncam

DEONTAIS OIREACHTAIS

Tugtar cuntas ar Dheontas Oireachtais ar bhunús fáltais airgid thirim.

DEONTAIS RIALTAIS AGUS IONCAM URRAÍOCHTA

Aithnítear Deontais Rialtais agus ioncam urraíochta a fuarthas do chuspóirí ar leith sa *Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais* chun iad a chur i dtreo an chaiteachais lena bhfuil siad deonaithe. Áirítear méideanna neamhchaite ag dáta an chláir chomhardaithe in Ioncam Iarchurtha sa *Ráiteas ar Staid an Airgeadais*. Aithnítear ioncam urraíochta a fuarthas chun críocha neamhshonracha sa *Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais* ar bhonn fáltais airgid thirim.

IONCAIM ÚIS

Aithnítear ioncam úis ar bhonn fabhraithe ag úsáid an modha ráta úis éifeachtaigh.

IONCAM DÍBHINNE

Aithnítear ioncam díbhinne ar bhunús fáltais airgid thirim.

IONCAM EILE

Aithnítear ioncam eile ar bhonn fabhraithe.

h) Infháltais

Aithnítear infháltais ar phraghas idirbhirt lúide soláthar d'fhiacha amhrasacha. Aithnítear na gluaiseachtaí go léir i soláthar d'fhiacha amhrasacha sa *Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais*.

i) Caiteachas a Aithint

Aithnítear an caiteachas go léir sa tréimhse lena mbaineann sé agus áirítear aon chaiteachas dá leithéid a tabhaíodh ach atá neamhíoctha ag dáta an chláir chomhardaithe i *Suimeanna Iníoctha*.

j) Sócmhainní Oidhreachta

Is éard atá i mbailiúchan Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann péintéireachtaí, dealbhóireacht, saothair ar pháipéar, mionsamhlacha, leabhair, cartlanna agus ealaín fheidhmeach, go mór mór gnéithe airgid, gloine dhaite agus troscán agus pléitear leo siúd mar shócmhainní oidhreachta.

De réir an Chaighdeáin um Thuairisciú Airgeadais (FRS) 102 tá saothair ealaíne faighte nó tabhaithe caipitlithe agus aitheanta sa *Ráiteas ar Staid an Airgeadais* ag a gcostas nó luach ag an dáta a fuarthas iad sa chás go bhfuil costas nó luach den sórt sin ar fáil go réasúnach.

Déantar breiseanna leis an mbailiúchán trí cheannach, tiomnacht, brontannas na sócmhainne agus/nó sócmhainn a cheannach maoinithe trí thabhartais.

TÚSAITHEANTAS

Déantar taifead ar rudaí a ceannaíodh ag a gcostas sna Ráitis Airgeadais. Déantar taifead ar rudaí a deonaíodh ag luacháil reatha deimhnithe ag coimeádaithe an Ghailearaí le tagairt más féidir do mhargaí tráchtála ag úsáid eolas idirbhirt reatha ó cheanntanna. Déantar taifead ar thabhartais sa chás go mbaineann Gailearaí Náisiúnta na hÉireann leas as Alt 1003 den Acht Comhdhlúite Cánacha 1997 ar bhunús luacháil Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim. Aithnítear tabhartais mar ioncam le haistriú comhfhreagrach chuig an gcuntas caipitil Sócmhainní Seasta Oidhreachta.

LUACHÁIL

Tá Bord Gobharnóirí agus Caomhnóirí Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann den tuairim go bhfuil an bailiúchán neamhghnáth mar shócmhainn ar a lán slite. Tá sé uathúil, leochaileach, an-luachmhar go deo agus ní féidir a chomhshamhail a sholáthar. Maidir leis seo is sócmhainn é atá deacair a luacháil i slí a thuigfeadh léitheoirí ráitis airgeadais é.

Measann an Bord nárbh fhiú costas luacháil a dhéanamh de bhrí nach mbeadh aon leas uaidh do léitheoir na ráiteas airgeadais as iad a chuimsiú mar chuid den bhailiúchán ar an *Ráiteas ar Staid an Airgeadais* fiú dá mbéifear in ann luachálacha a fháil ar roinnt de na saothair ealaíne sa bhailiúchán. Mar thoradh air sin níl aon luacháil curtha san áireamh sa *Ráiteas ar Staid an Airgeadais* ar shócmhainní oidhreachta faighte roimh 2007, an pointe ag a raibh breiseanna leis an mbailiúchán caipitlithe ar dtús.

Tá sé mar thoradh ar an gcaoi atá riachtanach plé le Caighdeáin um Thuairisciú Airgeadais (FRS) 102, alt 34, caipitliú páirteach sócmhainní oidhreachta ar bhunús an dáta fáltais.

LAGÚ

Níl sócmhainní oidhreachta dímheasta. Má tá fianaise chuspóireach um lagú ar luach sócmhainn oidhreachta aithnítear cailteanas lagaithe sa *Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais* agus Cúltacaí Ioncaim larchurtha sa bhliain. D'fhéadfaí sócmhainn oidhreachta a bheith lagaithe, mar shampla sa chás go bhfuil meath fisiciúil uirthi, go bhfuil sí briseadh nó go dtagann amhrais chun cinn maidir lena barántúlacht.

COSTAIS CHAOMHNAITHE

Aithnítear caiteachas atá ag teastáil chun níos mó meatha ar mhíreanna bailiúcháin aonair a chosc nó a chaomhnú, chomh maith le costais an an mbailiúcháin a bhainistiú sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais nuair a thabhaítear.

Is féidir breis eolais ar nádúr agus scála bhailiúcháin an Ghailearaí a fháil i Nóta 11.

k) Maoin, Gléasra agus Fearas

Seachas mar atá thíos, tá maoin, gléasra agus fearas luaite ag a gcostas nó luacháil, lúide dímheas carntha. Tá an muirear dímheasa ríofa chun an bunchostas nó luacháil a díscríobh lúide luach measta iarmharach thar an saol úsáideach ionchasach mar seo a leanas:

TALAMH AGUS FOIRGNIMH	NÁID
TROSCÁN AGUS FEISTIS	10% LÍNE DHÍREACH
FEARAS AGUS MÓTARFHEITHICILÍ	20% LÍNE DHÍREACH

Cuirtear dímheas bliain iomlán i bhfeidhm i mbliain an héadála agus níl aon dímheas curtha i bhfeidhm i mbliain na diúscairte nó ar Shócmhainní faoi Fhorbairt. Níl sócmhainní faoi luach €1,000 caipitlithe agus gearrtar muirear orthu ar an *Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais*.

Tá formhór na bhfoirgneamh atá á n-úsáid ag Gailearaí Náisiúnta na hÉireann i seilbh agus faoi chothabháil ag Oifig na hOibreacha Poiblí agus dá réir sin aithnítear na foirgnimh sin i ráitis airgeadais Oifige na nOibreacha Poiblí.

Tá dhá mhaoín faoi úinéireacht Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann - Uimh. 90 Cearnóg Mhuirfean agus Uimh. 5 Sráid Laighean Theas. Aithnítear na maoine sin sna ráitis airgeadais ag úsáid na samhala athluachála. Déantar athluachálacha ar bhonn bliantúil chun a chinntiú nach mbíonn difríocht go bunúsach idir suim glanluacha agus an tsuim ag úsáid luach cothrom ag deireadh na tréimhse tuarascála.

Má mhéadaítear méid glanluacha na sócmhainne mar thoradh ar athluacháil aithnítear an méadú sa *Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach*. Má laghdaítear an mhéid glanluacha mar thoradh ar athluacháil aithnítear é sa *Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach* sa mhéad is go malartaíonn sé méadú athluachála na sócmhainne céanna roimhe sin agus aithnítear aon iarmhéid sa *Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais*.

Ní dhímheasann an Gailearaí a chuid foirgneamh mar tá polasaí cothabhála agus deisithe rialta aige agus mar sin coimeádtar na foirgnimh ag an gcaighdeán feidhmíochta measúnaithe roimhe sin.

l) Sócmhainní Airgeadais

Tá roinnt cistí ag an nGailearaí a bhaineann le méideanna fágtha le huachtanna agus tabhaithe don Ghailearaí chun críocha ar leith. Bainistíonn bainisteoirí ciste seachtracha, na cistí agus áirítear iad sa *Ráiteas ar Staid an Airgeadais* ag luach an mhargaidh. Déantar na cistí a luacháil ag deireadh gach tréimhse tuairiscithe agus aithnítear na hathruithe i luach na gcistí bainistithe de bharr athruithe i luach an mhargaidh sa *Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais* mar ghnóthachain neamhréadaithe nó caillteanais. Aithnítear aon ghóthachain nó caillteanais agus infheistíochtaí á ndiúscairt sa *Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais*.

m) Fardal

San fhardal tá earraí d'athdhíol i Siopa an Ghailearaí agus déantar iad a luacháil ag an gcostais agus glanluach inréadaithe, cibé acu is lú. Tá foráil iomlán déanta do rudaí atá as feidhm agus mallghluaiseachta.

n) Airgeadra Coigríche

Aistrítear sócmhainní agus dliteanais airgid ainmnithe in airgeadra coigríche ag rátaí malairte a rialaíonn ag dáta an *Ráitis ar Staid an Airgeadais*. Aithnítear na difríochtaí aistrithe atá mar thoradh air sin sa *Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais*. Aistrítear idirbhearta le linn na bliana a ainmnítear in airgeadra coigríche ag rátaí malairte a rialaíonn ag dáta na hidirbhearta. Tá cuntas ar na difríochtaí malairte atá mar thoradh air sin sa *Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais*.

o) Leasanna Foirne

LEASANNA GEARRTHÉARMACHA

Aithnítear pá gearrthéarmach ar nós pá laethanta saoire mar chostas sa bhliain agus áirítear sochair atá fabhráithe ag deireadh na bliana san fhigiúr Suimeanna Iníoctha sa *Ráiteas ar Staid an Airgeadais*.

SOCHAR SCOIR

Oibríonn Gailearaí Náisiúnta na hÉireann na scéimeanna pinsin seo a leanas:

An pinsean le sochair sainithe iníoctha do státsheirbhísí bunaithe agus fostaithe stáit neamhbhunaithe sa Ghailearaí, dliteanas as atá glactha ag an Aire Caitheachais Phoiblí agus Athchóirithe. Cuirtear na ranníocaíochtaí a asbhaintear ó fhostaithe chuig an Roinn Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta.

Scéim Pinsin Aonair na Seirbhísí Poiblí ('Scéim Aonair'), scéim sochair sainithe na seirbhíseach poiblí inphinsin arna gceapadh ar nó tar éis an 1 Eanáir 2013. Íoctar ranníocaíochtaí bhaill na Scéime Aonair leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (RCPA).

Cuntais Choigilte Scoir Phearsanta (PRSA), oibrithe trí soláthraí CCSP (PRSA) údaraithe. Déanann Gailearaí Náisiúnta na hÉireann ranníocaíocht suas go 7% leis an scéim agus cuirtear an dá ranníocaíocht go díreach chuig soláthraí an CCSP (PRSA) ar bhonn míosúil.

p) Breithiúnais agus Meastacháin Chuntasaíochta Chriticiúla

Éilítear ar lucht bainistíochta maidir le hullmhú na ráiteas airgeadais breithiúnais, meastacháin agus boinn tuisceana a dhéanamh a bhfuil éifeacht acu ar na méideanna tuairiscithe do shócmhainní agus dliteanais amhail dáta an *Ráitis ar Staid an Airgeadais* agus na méideanna tuairiscithe d'ioncam agus caiteachas le linn na bliana. Mar sin féin, ciallaíonn nádúr an mheastacháin go bhféadfadh torthaí iarbhir a bheith difriúil ó na meastacháin sin. Níl aon bhreithiúnais déanta ag Gailearaí Náisiúnta na hÉireann a bhfuil éifeacht suntasach déanta acu ar mhéideanna atá aitheanta sna ráitis airgeadais.

DÍMHEAS AGUS LUACHANNA IARMHARACHA

Tá athbhreithniú déanta ar shaolréanna na sócmhainní agus luachanna iarmharacha bainteacha um shócmhainní seasta go léir agus go háirithe saolré eacnamaíoch úsáideach agus luachanna iarmharacha daingneán agus feisteas. An chonclúid a thagann as sin ná go bhfuil saolréanna na sócmhainní agus luachanna iarmharacha cuí.

2. Deontas Oireachtais ¹

	CISTÍ NEAMHSHRIANTA	CISTÍ SRIANTA	2017 IOMLÁN	2016 IOMLÁN
	€	€	€	€
Reatha - Ranníocaíocht do Chostais Riaracháin	8,535,000	-	8,535,000	6,777,000
Caipiteal - Ranníocaíocht d'Athchóiriú, Chaomhnú agus Leabharlann	-	858,000	858,000	858,000
Reatha - Ranníocaíocht do Chomhbhráithreachas Íosánaigh	-	1,000	1,000	1,000
Scaoileadh deontas iarchurtha le ahghaidh Caomhnaithe, Leabharlainne agus Comhbhráithreachais Íosánaigh (Nóta 19)	-	10,486	10,486	9,929
	8,535,000	869,486	9,404,486	7,645,929

2.A DEONTAS OIREACHTAIS - FAIGHTE ÓN ROINN CULTÚIR, OIDHREACHTA AGUS GAELTACHTA

Costais choimisiúnaithe M.D.P. as foirgneamh athchóirithe ²	-	233,000	233,000	290,000
Scéim Maoinithe um Bhailiúchán Digitithe ³	-	250,000	250,000	-
	-	483,000	483,000	290,000

¹ Deontas Oireachtais (Vóta 33 Focheannteideal A.13) is ea deontas bliantúil an Ghailearaí do chaiteachas reatha agus caipitil. Baineann caiteachas reatha le pá, costais oibriúcháin agus caiteachas cláir. Baineann costais chaipitil leis an gcaiteachas ar an tionscadal athchóirithe, caomhnaithe agus leabhair na leabharlainne.

² I 2017 fuair an Gailearaí deontas €233,000 (Vóta 33 Fo-cheannteideal A.7) ón Roinn Cultúir Oidhreachta agus Gaeltachta mar rannpháirtíocht do chostais choimisiúnaithe €754,520 de chuid M. D. P.

³ I 2017 fuair an Gailearaí deontas €250,000 (Vóta 33 Fo-Cheannteideal A. 7) ón Roinn Cultúir Oidhreachta agus Gaeltachta mar ranníocaíocht i dtreo Scéim Maoinithe um Bhailiúchán Digitithe.

3. Ioncam Oideachais

Tagann an t-ioncam seo ó ranganna teagaisc agus turais oideachais treoraithe a chur ar fáil.

4. Ioncam Urraíochta/Taighde

	CISTÍ NEAMHSHRIANTA	CISTÍ SRIANTA	2017 IOMLÁN	2016 IOMLÁN
	€	€	€	€
Tionscadail Taighde Leabharlainne	-	173,353	173,353	198,052
Urraíocht Taispeántais	307,000	-	307,000	-
Urraíocht Oideachais	-	5,000	5,000	6,229
Oifig Forbartha	79,112	25,400	104,512	24,400
Caomhnú/ Coimeádaíochta	131,877	-	131,877	25,000
Urraíocht Chorpharáideach	200,000	-	200,000	244,410
	717,989	203,753	921,742	498,091
IOMLÁN AISTRITHE Ó IONCAM IARCHURTHA	-	114,511	114,511	364,113
	717,989	318,264	1,036,253	862,204

5. Ioncam Ilchineálach

	CISTÍ NEAMHSHRIANTA	CISTÍ SRIANTA	2017 IOMLÁN	2016 IOMLÁN
	€	€	€	€
Ús Bainc	130	-	130	3,464
Díbhinní	15,450	-	15,450	29,700
	15,580	-	15,580	33,164

6. Cairde Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann

	CISTÍ NEAMHSHRIANTA	CISTÍ SRIANTA	2017 IOMLÁN	2016 IOMLÁN
	€	€	€	€
Ioncam	-	251,770	251,770	151,385
Costais Oibriúcháin	-	162,506	162,506	124,507
FARASBARR	-	89,264	89,264	26,878

7. Siopa

	CISTÍ NEAMHSHRIANTA	CISTÍ SRIANTA	2017 IOMLÁN	2016 IOMLÁN
	€	€	€	€
Díolacháin / Ioncam Éile	1,853,210	-	1,853,210	1,148,110
Costas Díolachán	926,143	-	926,143	583,851
	927,067	-	927,067	564,259
Costais Oibriúcháin ¹	507,741	-	507,741	429,982
GLANBHRABHÚS	419,326	-	419,326	134,277

¹ San áireamh i gCostais Oibriúcháin tá €8,000 maidir le Táille Iniúchta C & AG (2016: €8,000 agus €19,200 Costais Comhairleacha (2016:náid).

8. (a) Íocaíocht agus Costais Phá Eile ²

	CISTÍ NEAMHSHRIANTA	CISTÍ SRIANTA	2017 IOMLÁN	2016 IOMLÁN
	€	€	€	€
BAINEANN COSTAIS FOIRNE LE:				
Pá agus tuarastail	5,592,925	159,813	5,752,738	4,687,975
ÁSPC Fostóirí	557,263	17,176	574,439	462,257
Foirne na Gníomhaireachta	369,835	-	369,835	242,423
	6,520,023	176,989	6,697,012	5,392,655
COSTAIS FOIRNE RANGAITHE IN ÁITEANNA EILE (FÉACH NÓTAÍ 6 AGUS 7)				
Siopa	289,804	-	289,804	246,389
Cairde GNÉ	-	79,798	79,798	78,547
Costais Phárolla	30,308	8,432	38,740	29,936
Costais Phinsean	6,206	-	6,206	4,931
Foirne na Gníomhaireachta	11,505	23,222	34,727	60,787
	337,823	111,452	449,275	420,590
ÍOCAÍOCHT AR FAD	6,857,846	288,441	7,146,287	5,813,245

² Níor íocadh aon sochair foircheanta i 2017.

(b) Líon fostaithe

LÍON NA NDAOINE FOSTAITHE (LENA N-ÁIRÍTEAR STIURTHÓIRÍ FEIDHMIÚCHÁIN) AG AN 31 NOLLAIG:

	2017	2016
	COIBHÉIS LÁNAIMSEARHTA	COIBHÉIS LÁNAIMSEARHTA
Foireann oifige	Coibhéis Lánaímseartha	76
Freastalaithe	Coibhéis Lánaímseartha	45
		121

(c) Príomhphearsanra Bainistíochta

Tá príomhphearsanra bainistíochta i nGailearaí Náisiúnta na hÉireann déanta suas de chomhaltaí an Bhoird, an Stiúrthóir, Stiúrthóir na Seirbhísi Corparáideacha, Ceannasaí Bailiúchán agus Taighde agus Bainisteoir Sinsearach um Rannpháirtíocht Phoiblí. Tá luach iomlán sochar fostaithe do phríomhphearsanra bainistíochta leagtha amach thíos.

	2017	2016
	€	€
Tuarastal	284,016	233,263
Liúntais	-	-
Sochair Foircheanta	-	-
Árachas Sláinte	-	-
	284,016	233,263

Ní áirítear leis seo luach sochair scoir tuillte sa tréimhse. Baill de scéim pinsin an GNÉ is ea an príomhphearsanra bainistíochta agus ní ghabhann a gcuid teidlíochtaí maidir leis sin thar théarmaí scéim eiseamlarach pinsin na seirbhíse poiblí.

(d) Íocaíocht an Stiúrthóra

In 2017 íocadh tuarastal €96,632 le Stiúrthóir an Ghailearaí (2016 : €92,975). Teidlíochtaí caighdeánacha na rannóige poiblí is ea teidlíochtaí aoisliúntais an Stiúrthóra sa scéim aoisliúntais sochar sainithe. In 2017 thabhaigh Stiúrthóir an Ghailearaí costais €2,289 (2016: €5,768).

(e) Miondealú ar shochair fostaithe

		LÍON FOSTAITHE 2017	LÍON FOSTAITHE 2016
RÉIMSE SOCHAIR FOSTAITHE IOMLÁIN			
Ó:	GO:		
€60,000	€69,999	15	10
€70,000	€79,999	1	1
€80,000	€89,999	1	-
€90,000	€99,999	1	2

9. Costais Éile

	CISTÍ NEAMHSHRIANTA	CISTÍ SRIANTA	2017 IOMLÁN	2016 IOMLÁN
	€	€	€	€
Ilchostais ¹	102,617	440	103,057	84,815
Feidhmeanna an Ghailearaí	71,829	537	72,366	22,962
Éidí	50,213	-	50,213	8,995
Tabhartais	45,938	-	45,938	22,596
Airgeadra (Gnóthachan) / Caillteanas	42,973	-	42,973	19,400
Duais Portráide	-	30,400	30,400	13,874
Cuiréir agus Tacsaithe	10,268	-	10,268	4,452
Costais an Bhoird	6,095	-	6,095	3,589
Gradam Cúitimh	-	-	-	32,500
	329,933	31,377	361,310	213,183

¹ Áirítear in Ilchostais €39,701 atá athrangaithe i Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais 2017 de bharr méadaithe suntasacha i gcaiteachas faoi na catagóirí seo ag leanúint ar athoscailt an Ghailearaí.

10. Cuntas Caipitil

	2017	2016
	€	€
<i>MAOIN, GLÉASRA AGUS FEARAS:</i>		
IARMHÉID AG AN 1 Eanáir	289,547	350,631
<i>AISTRIÚ Ó CHUNTAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS:</i>		
Gléasra, Maoin agus Fearas Breise	856,386	39,044
Dímheas Sócmhainne	(227,542)	(100,128)
Gluaiseacht Iomlán sa Bhliain	628,844	(61,084)
IARMHÉID DEIRIDH AG AN 31 Nollaig	918,391	289,547
<i>SÓCMHAINNÍ OIDHREACHTA:</i>		
IARMHÉID AG AN 1 Eanáir	36,933,759	32,685,991
Sócmhainní Ceannaithe sa Bhliain	659,400	392,791
Sócmhainní Tabhaithe Faoi Alt 1003 den Acht Comhdhlúite Cánacha 1997	-	3,500,000
Tabhartais Sócmhainne Eile	81,400	354,977
Gluaiseacht Iomlán sa Bhliain	740,800	4,247,768
IARMHÉID DEIRIDH AG AN 31 Nollaig	37,674,559	36,933,759

11. Sócmhainní Oidhreachta

Is é Gailearaí Náisiúnta na hÉireann mórfhoras cultúrtha náisiúnta na hÉireann atá tiomanta do bhailiú agus cúram saothar ealaíne ina gcuimsítear 16,300 péintéireacht, líníocht, uiscédhath, miondealbh, priontáil, dealbhóireacht agus réad d'ealaíne agus breis agus 100,000 sa Leabharlann Mínealaíne. Áirítear sárshaothar le cuid de na daoine is cáiliúla i stair ealaíon Iarthar na hEorpa i stoc forleathan an fhorais. Chomh maith leis sin tá an bailiúchán ionadaíoch is mó de mhínealaíon sa Ghailearaí. Maoinithe ag an Stát cuireann an Gailearaí rochtain saor in aisce ar fáil don phobal 361 lá sa bhliain.

Faomhann Bord Gobharnóirí agus Caomhnóirí an Ghailearaí sa Saothair Fhaighte go léir ach amháin earraí Leabharlainne agus Cartlainne a d'fhéadfadh a bheith faofa ag an Stiúrthóir nó an Leabharlannaí. Déantar athbhreithniú ar pholasaí Éadala an Ghailearaí go tréimhsiúil. Tá timpeall 680 saothar ealaíne ar taispeántas go poiblí sa Ghailearaí agus 475 ar iasacht in áiteanna eile. Tá saothair ar pháipéar ar fáil le hamharc ar iarratas.

Tá cosc ar an mBord Gobharnóirí agus Caomhnóirí aon Sócmhainní Oidhreachta a dhiúscairt.

Tá bailiúchán náisiúnta na hÉireann eadhon péintéireachtaí, dealbha, miondealbha, saothair ar pháipéar, leabhair, cartlanna agus ealaín fheidhmeach á gcoimeád i nGailearaí Náisiúnta na hÉireann. Sa bhailiúchán is é ealaín Eorpach atá ann den chuid is mó ó 1300 go 1930. Tá stoc suntasach ó thréimhsí na Breataine, na Ísiltíre agus na hIodáile, le tiúchan éagsúil cáilíochta agus doimhneachta. Sa Ghailearaí tá an bailiúchán náisiúnta d'ealaín Éireannach ó dheireadh an tseachtú haoise déag go dtí timpeall 1970 agus an bailiúchán náisiúnta portráidíochta a mhaireann go dtí an lá inniu. Tá bailiúchán leabharlainne suntasach lena n-áirítear tearcleabhair agus an-chuid bailiúchán cartlainne tábhachtacha a bhaineann le healaíon na hÉireann agus sainréimsí eile sna bailiúcháin lena n-áirítear go háirithe an Lárionad um Staidéar Ealaíon Éireannach, Cartlann Yeats agus páipéir Sir Denis Mahon. Ar an iomlán tá bailiúchán an Ghailearaí an-suntasach agus tá sé chomh maith leis na músaeim is cáiliúla san Eoraip.

Tá an Gailearaí tiomanta do bhainistíocht agus caomhnú freagrach a bhailiúcháin. Chun é sin a bhaint amach cloíonn an Gailearaí go dlúth leis na prionsabail maidir le caomhnú coisctheach go príomh trí rialú na timpeallachta agus an tsolais agus cóireáil chaomhnaithe nuair is gá. Úsáideann an Gailearaí córas bainistíochta bailiúchán freisin (TMS) chun na bailiúchain a chatalógú agus chun saothair fhaighte, taifid suímh, taispeántais agus iasachtaí a bhainistiú.

TÁ SÓCMHAINNÍ OIDHREACHTA CAIPITLITHE I RÁITEAS AR STAID AN AIRGEADAIS LE FEICEÁIL THÍOS:

	COSTAS	LUACHÁIL	IOMLÁN
	€	€	€
Ag an 1 Eanáir 2016	10,721,246	21,964,745	32,685,991
Breiseanna 2016	392,791	3,854,977	4,247,768
AG AN 1 Eanáir 2017	11,114,037	25,819,722	36,933,759
Breiseanna 2017	659,400	81,400	740,800
AG AN 31 Nollaig 2017	11,773,437	25,901,122	37,674,559

Tá na Sócmhainní Oidhreachta go léir a fuarthas ón 1 Eanáir 2007 san áireamh sa Ráiteas ar Staid an Airgeadais ag a gcostas nó a luach ag dáta an éadála. I gcás go bhfuarthas Sócmhainní Oidhreachta faoi Alt 1003 den Acht Comhdhúite Cánacha 1997, cuireann luachálaí gairmiúil seachtrach arna cheapadh ag na Coimisinéirí Ioncaim luachálacha ar fáil. I gcás go bhfuil pictiúir tabhaithe, fágtha le huacht nó faighte seachas ar an margadh oscailte, tá luachálacha déanta ag coimeádaithe an Ghailearaí atá ina saineolaithe aitheanta ina réimse féin. Is é an príomhmhodh luachála anailís a dhéanamh ar luachanna margaidh reatha le haghaidh saothair inchomparáide in éineacht le measúnú teicniúil mionsonraithe ar bhail fhisiciúil na péintéireachta chun teacht ar luacáil réasúnach. Mar sin féin tá teorainn bhunúsach ar luacháil saothar faighte ag an nGailearaí mar ina nádúr is saothair uathúla ealaíne iad de ghnáth gan beagán nó gan aon mhargadh inchomparáide.

Achoimre cúig bliana ar shaothair fhaighte

	2017	2016	2015	2014	2013
	€	€	€	€	€
Costas iomlán éadálacha	659,400	392,791	81,840	254,111	39,705
Luach iomlán éadálacha	81,400	3,854,977	3,251,174	388,100	213,000
IOMLÁN	740,800	4,247,768	3,333,014	642,211	252,705

Sócmhainní Oidhreachta nach bhfuil caipitlithe ar an Ráiteas ar Staid an Airgeadais

TÁ AN CION DEN BHAILIÚCHÁN NACH BHFUIL CAIPITLITHE AR AN RÁITEAS AR STAID AN AIRGEADAIS LEAGTHA SÍOS THÍOS:

	LÍON IOMLÁN EARRAÍ	LÍON CAIPITLITHE	% CAIPITLITHE	LÍON NACH BHFUIL CAIPITLITHE	% NACH BHFUIL CAIPITLITHE
Saothair Ealaíne	16,309	1,027	6.3	15,282	93.7

Níl an chuid is mó de bhailiúchán Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann caipitlithe. Is féidir amharc ar nádúr agus scála an bhailiúcháin ar shuíomh gréasáin an Ghailearaí (<https://www.nationalgallery.ie/>).

12. Maoin, Gléasra agus Fearas

	TALAMH AGUS FOIRGNIMH	FEARAS OIFIGE AGUS MÓTAR- FHEITHICLÍ	TROSCÁN AGUS FEISTEAS	SÓCMHAINNÍ FAOI FHORBAIRT	IOMLÁN
	€	€	€	€	€
AG AN 1 Eanáir 2017	5,320,000	256,563	830,370	107,610	6,514,543
Breiseacha	-	646,030	366,035	-	1,012,065
Athluacháil ¹	280,000	-	-	-	280,000
Sócmhainní faoi fhorbairt caipitlithe ²	-	107,610	-	(107,610)	-
AG AN 31 Nollaig 2017	5,600,000	1,010,203	1,196,405	-	7,806,608
DÍMHEAS					
AG AN 1 Eanáir 2017	-	146,552	523,661	-	670,213
Muirear don bhliain	-	195,945	110,928	-	306,873
AG AN 31 Nollaig 2017	-	342,497	634,589	-	977,086
GLANLUACH LEABHAIR					
AG AN 31 Nollaig 2017	5,600,000	667,706	561,816	-	6,829,522
AG AN 31 Nollaig 2016	5,320,000	110,011	306,709	107,610	5,844,330

¹ Rinne Suirbhéirí Cairte cáilíochta de chuid luachálaithe neamhspleácha Lambert Smith Hampton athluacháil ar an talamh agus na foirgnimh. Athluacháladh na sócmhainní go leithleach ar an 31 Nollaig 2017 ag luach cothrom comhiomlán €5,600,000. Tá siad bunaithe ar shainmhíniú Luach an Mhargaidh mar atá sainmhínithe sa Lámhleabhar ar Chaighdeán Luachála agus Breithmheasa um Shuirbhéirí Cairte na hInstitiúide Ríoga ar bhunús Úsáid Reatha. Rinneadh an luacháil ar an 16 Bealtaine 2018. Tá na foirgnimh dá dtagraítear thuas in úinéireacht Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann. Tá na hoifigí agus foirgnimh eile in úsáid ag an nGailearaí faoi úinéireacht agus á gcothabháil ag Oifig na nOibreacha Poiblí.

² Baineann sócmhainní faoi fhorbairt 2016 le dhá thionscadal, FMS agus forbairt suíomh gréasáin nua an Ghailearaí. Críochnaíodh an dá thionscadal araon i 2017 agus áiríodh a gcostais i bhFearas Oifige agus Mótarfheithiclí.

	CISTÍ NEAMHSHRIANTA	CISTÍ SRIANTA	2017 IOMLÁN	2016 IOMLÁN
	€	€	€	€
MUIREAR DÍMHEASA				
Muirear Gearrtha ar Chuntas Ioncam agus Caiteachais	292,885	-	292,885	118,149
MUIREAR GEARRTHA IN ÁIT EILE:				
Siopa	13,988	-	13,988	13,814
Cairde	-	-	-	(320)
IOMLÁN	306,873	-	306,873	131,643

13. Sócmhainní Airgeadais

	2017 IOMLÁN	2016 IOMLÁN
	€	€
LUACH AN MHARGAIDH AG AN 1 Eanáir	4,733,664	3,170,964
Breiseanna ag costas	2,027,752	2,342,280
Diúscairtí ag luach an mhargaidh	(2,060,601)	(995,012)
Gnóthachan réadaithe ar dhiúscairt	186,984	211,356
Gnóthachan / Cailteannas Réadaithe ar athluacháil	(3,054)	4,076
LUACH INFHEISTÍOCHTAÍ LUAITE AG AN 31 Nollaig	4,884,745	4,733,664
Airgead Tirim sealbhaithe mar chuid den Phunann Infheistíochta	557,949	421,228
AG AN 31 Nollaig	5,442,694	5,154,892

Bainistíonn Davy Stockbrokers agus Tilman Brewin Dolphin Cistí an Ghailearaí. Tá Polasaí Infheistíochta an Ghailearaí faofa ag an mBord Gobharnóirí agus Caomhnóirí agus déantar athbhreithniú air go rialta le linn na bliana.

14. Fardal

	2017 IOMLÁN	2016 IOMLÁN
	€	€
STOC TRÁDÁLA	394,037	357,557

Oibríonn Gailearaí Náisiúnta na hÉireann siopa ina bhfoirgneamh. Is éard is fardal ann earraí le hathdhíol sna hoibríochtaí sin. Gearradh muirear Fardail dar luach €926,143 (2016: €583,851) ar chostais na ndíolachán.

15. Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Thirim

	2017	2016
	€	€
Cuntais Reatha	1,954,103	1,403,188
Cuntais Taisce	304,519	928,812
Cárta Creidmheasa	180	-
Mionairgead	505	474
Eile	3,100	3,623
IOMLÁN	2,262,407	2,336,097

16. Infháltais

	2017	2016
	€	€
Féichiúnaithe Trádála	281,008	85,715
Féichiúnaithe Eile	102,157	39,976
Réamhócaíochtaí agus ioncam fabhraithe	188,673	189,206
	571,838	314,897

17. Iníocaíochtaí

	2017	2016
	€	€
MÉIDEANNA DLITE LAISTIGH DE BHLIAIN AMHÁIN		
Creidiúnaithe Trádála	263,454	65,184
CBL, Cáin ar Sheirbhísí Gairmiúla (PSWT) agus ÍMAT/ÁSPC	281,285	121,051
Creidiúnaithe eile	17,671	10,082
Fabhrúithe agus ioncam iarchurtha	588,058	552,672
	1,150,468	748,989

18. Nochtadh Páirtithe Gaolmhara

I bpríomhphearsanra bainistíochta Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann tá an Stiúrthóir agus comhaltaí an Bhoird Gobharnóirí agus Caomhnóirí. Tá mionsonraí ar thuarastal agus caiteachas na bPríomhphearsanra Bainistíochta san áireamh i Nóta 8. Ag leanúint ar chinneadh ag an Aire Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta níl taillí Boird infíochta tar éis 28 Feabhra 2014.

Glacann Gailearaí Náisiúnta na hÉireann nósanna imeachta de réir na dtreoirínte arna n-eisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ag clúdach leasanna pearsanta comhaltaí an Bhoird. I ngáthchúsaí gnó, féadfaidh an Gailearaí Náisiúnta dul isteach i socruithe conartha le heintitis lena bhfuil a chomhaltaí Boird fostaithe nó ina bhfuil leas acu ar shlí eile. I gcásanna coimhlinte féideartha ní fhaigheann comhlachtaí Boird doiciméadacht nó ní ghlacann siad páirt ar shlí eile nó ní fhreastalaíonn siad ar phlé maidir leis na n-idirbheart sin. Coimeádtar clár agus tá sé ar fáil ar iarratas do na teagmhais den sórt sin go léir.

19. Iarchurtha - Deontas Rialtais

	2017	2016
	€	€
IARMHÉID OSCAILTE AR AN 1 Eanáir	102,145	112,074
Scaoileadh deontas iarchurtha le haghaidh Caomhnaithe, Leabharlainne agus Bráithreachas Íosánach	(10,486)	(9,929)
IARMHÉID DEIRIDH AG AN 31 Nollaig	91,659	102,145
San iarmhéid €91,659 thuas tá €91,659 i ndáil le Bráithreachas Íosánach.		

20. Ioncam Iarchurtha - Eile

	IARMHÉID 1 Eanáir 2017	GLUAISEACHT IONCAM	CAITEACHAS GLUAISEACHTA	IARMHÉID 31 Nollaig 2017
	€	€	€	€
Ciste um an Sciathán Mílaoise	827,487	10,790	(13,367)	824,910
Ciste um Chomhairle Dangan	347,110	-	-	347,110
Ciste na Breataine	20,514	-	(1,743)	18,771
Ciste Bráithreachais	321,122	11,141	(19,052)	313,211
Cairde GNÉ	138,709	251,770	(239,874)	150,605
John Barry / Ciste Petronella Brown	204,949	8,517	(9,174)	204,292
Ciste Lane	74,295	-	-	74,295
Ciste Maclise	23,353	-	(23,353)	-
Ciste Cartlainne Sir Denis Mahon	108,430	101,804	(81,233)	129,001
Ciste Taighde um Leabharlann Decipher an AE	87,815	-	-	87,815
Ciste Oideachais LEM	2,616	-	-	2,616
Ciste Oideachais MOP	351	-	-	351
Ciste Tionscadail Vermeer	4,429	-	(4,045)	384
Tionscadal Leabharlainne Wilson	48,127	21,549	(11,921)	57,755
Ciste Taighde O'Neill	7,543	-	-	7,543
Tionscadal Caomhnaithe Monet	1,288	-	-	1,288
Ag Cruthú Staire	-	1,747	(18)	1,729
Ciste Oideachais um Aosú Cruthaitheach	2,304	-	-	2,304
Tionscadal Caomhnaithe um Chath na Bóine	27,516	-	(27,225)	291
Duais Portráide Hennessy	10,000	25,400	(30,400)	5,000
Ceann Forbartha	81,541	-	(81,541)	-
Iontaobhas Séadchomhartha	-	5,000	(407)	4,593
Lárionad Staidéir ar Ealaíon na hÉireann	107,696	50,000	(51,648)	106,048
IOMLÁN	2,447,195	487,718	(595,001)	2,339,912

21. Cúlchistí

	CISTÍ NEAMHSHRIANTA	CISTÍ SRIANTA	2017 IOMLÁN	IOMLÁN 2016 ATHLUAITE
	€	€	€	€
Sócmhainní Oidhreachta ¹	-	37,674,559	37,674,559	36,933,759
Cuntas Cailtil	918,391	-	918,391	289,547
Stáitchiste	(846,417)	1,024,607	178,190	680,751
Féinacmhainní ²	1,615,234	10,152	1,625,386	975,153
Ciste Shaw	6,246,492	-	6,246,492	5,963,993
Ciste do Sciathán na Mílaoise	-	2,950,000	2,950,000	2,800,000
IARMHÉID AG AN 31 NOLLAIG	7,933,700	41,659,318	49,593,018	47,643,203

¹ Tá Sócmhainní Oidhreachta faighte ón 1 Eanáir 2007 caipitlithe ar aon dul le Caighdeán um Thuairisciú Airgeadas 102, Alt 34.

² Ionchorpraíonn Tabhartais, Taispeántais agus Siopa Leabhar.

22. Máistirphlean Forbartha

Tosaíodh tionscadal chun dhá sciathán níos sine den Ghailearaí a athchóiriú in Eanáir 2014 agus críochnaíodh é i Nollaig 2016. Thabhaigh an Gailearaí €12.1 milliún ar an iomlán i dtreo chostas an tionscadail. An Roinn Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta agus Oifig na nOibreacha Poiblí (OPW) a mhaoinigh na costais a bhí fágtha. Tá Oifig na nOibreacha Poiblí feagrach as an tionscadal a bhainistiú agus tá siad i bpróiseas an cuntas deiridh a réiteach. Tá na híocaíochtaí go léir maidir lena thabhartais leis an tionscadal déanta ag NGI. Tá luach na sócmhainne arna thaifead i raitis airgeadais Oifig na nOibreacha Poiblí. Osclaíodh sciatháin athchóirithe an Ghailearaí ar an 15 Meitheamh 2017.

23. Coigeartú Réamhthréimhse

	31 NOLLAIG 2015	31 NOLLAIG 2016
RÉITEACH CÚLCHISTÍ CAIPITIL	€	€
Caipiteal agus cúlchistí mar atá luaite roimhe seo	10,526,950	10,709,444
Coigeartú do chuntas caipitil Sócmhainní Oidhreachta ¹	32,685,991	36,933,759
CAIPITEAL AGUS CÚLCHISTÍ MAR ATÁ ATHLUAITE	43,212,941	47,643,203

	AN BHLIAIN DAR CHRÍOCH 31 NOLLAIG 2016
RÉITEACH FARASBAIRR/(EASNAMH) DON BHLIAIN ROIMHE SIN	€
Easnamh don bhliain mar atá luaite cheana ¹	(355,838)
Tabhartais Sócmhainn Oidhreachta ¹	3,854,977
Ceannacháin Sócmhainn Oidhreachta	392,791
Aistriú go cuntas caipitil - Sócmhainní Oidhreachta	(4,247,768)
EASNAMH DON BHLIAIN MAR ATÁ ATHLUAITE	(355,838)

¹ Mar atá leagtha amach sa pholasaí cuntasáíochta 1(j) i 2017 leasaigh an Gailearaí a pholasaí cuntasáíochta agus tá sé seo ag teacht leis an Ráiteas ar Staid an Airgeadais. Mar thoradh air sin tá méadú €36.9 milliún ar ghlansócmhainní agus cúlchistí ag an 31 Nollaig 2016 agus méadú €32.7 milliún ag an 1 Eanáir 2016. Go dtí seo aithníodh sócmhainní ceannaithe mar chaiteachas agus níor aithin an Gailearaí sócmhainní a tabhaíodh. Tá cuntas caipitil choibhéiseach um Shócmhainní Oidhreachta ag na sócmhainní.

LEAGTAR AMACH SA TÁBLA THÍOS LUACH NA SÓCMHAINNÍ CEANNAITHE AGUS TABHAITHE SUAS GO DTÍ AN 31 NOLLAIG 2016:

	SÓCMHAINNÍ A CEANNAÍODH	SÓCMHAINNÍ A TABHAÍODH	IOMLÁN
	€	€	€
Go dtí 31 Nollaig 2015	10,721,246	21,964,745	32,685,991
2016	392,791	3,854,977	4,247,768
GO DTÍ AN 31 NOLLAIG 2016	11,114,037	25,819,722	36,933,759

24. Dliteanais

Tá baint ag an nGailearaí le roinnt dúshlán dlíthiúla a d'fhéadfadh dliteanais airgeadais a bheith mar thoradh orthu ag brath ar an toradh. Ní féidir an méid iomlán amú na ndliteanas teagmhasach seo a mheas le cinnteacht faoi láthair ach ní dócha go mbeidh sé níos mó ná €500,000 ar chaoi ar bith.

25. Faomhadh na Ráiteas Airgeadais

D'fhaomh an Bord na ráitis airgeadais an 13 Nollaig 2018.

26. Bunreacht

Bunaíodh an Gailearaí Náisiúnta trí Acht Parlaiminte ar an 10 Lunasa 1854. Tá stádas Carthanachta aige agus tá sé cláraithe leis na Coimisineirí Ioncaim faoi CHY 2345.

Aguisíní

Aguisín 01: Fáltais 2017

EALAÍONTÓIR

SAOTHAR EALAÍNE

Vera Klute

Garry Hynes (b.1953), Theatre Director, Co-founder of Druid Theatre, 2017

- \\ Poirceallán agus concrét ar phlionsa adhmaid saincheaptha
- \\ Oibiacht (lena n-áirítear plionsa): 164 x 54 x 46 cm
- \\ Coimisiúnaithe, Gailearai Náisiúnta na hÉireann mar chuid de Dhuais Portráide Hennessy, 2015.
- \\ NGI.2017.1

Käthe Kollwitz

Working Woman with Blue Shawl, 1903

- \\ Liteagraf ar pháipéar
- \\ Bileog: 56 x 44.8 cm
- \\ Ceannaithe, 2016
- \\ NGI.2017.2

Self Portrait in Profile, 1927

- \\ Liteagraf ar pháipéar
- \\ Bileog: 64.5 x 45.4 cm
- \\ Ceannaithe, 2016
- \\ NGI.2017.3

Attributed to James Forrester

Night Scene with Poachers, 1770s

- \\ Ola ar chanbhás
- \\ Frámaíthe: 66 x 50.8 cm
- \\ Bronnta, David Dell CB, 2017
- \\ NGI.2017.4

Derek Hill

Self-Portrait, 1961

- \\ Ola ar phainéal
- \\ Gan Fráma: 23.5 x 24 cm
- \\ Bronnta, 2017
- \\ NGI.2017.5

Robert Ballagh

Upstairs No. 4 – The Studio, 1989

- \\ Ola ar chanbhás cruthach
- \\ Gan Fráma: 198 x 152 cm
- \\ Bronnta, 2017
- \\ NGI.2017.6

Gareth Reid

Graham Norton (born Dublin, 1963), Broadcaster, Comedian, Actor and Writer, 2017

- \\ Ola ar chanbhás
- \\ Gan Fráma: 137 x 107 cm
- \\ Coimisiún an bhuaiteora ó Phortráid na Bliana Sky Arts 2017
- \\ Bronnta, Storyvault Films, 2017
- \\ NGI.2017.7

EALAÍONTÓIR

SAOTHAR EALAÍNE

Patrick Swift

Girl in a Garden, c.1951-52

- \\ Ola ar chanbhás
- \\ Gan Fráma: 134.5 x 106.5 cm
- \\ Ceannaithe, 2017
- \\ NGI.2017.8

Norah McGuinness

The Startled Bird, 1961

- \\ Ola ar chanbhás
- \\ Gan Fráma: 68.5 x 81.3 cm
- \\ Ceannaithe, 2017
- \\ NGI.2017.9

Seán O'Sullivan

Portrait of Róisín Walsh, 1952

- \\ Gualach le haibhsithe bána ar pháipéar
- \\ Gan Fráma: 36 x 28.5 cm
- \\ Bronnta, Mary Paula Wakelin Walsh, neacht le Róisín Walsh, 2017
- \\ NGI.2017.10

William Mulready

Drapery Study for 'The Toyseller', 1862

- \\ Cailc Dhearg agus Dhubh ar Pháipéar
- \\ Gan Fráma: 18.9 x 21.3 cm
- \\ Bronnta, Douglas E. Schoenherr, 2017
- \\ NGI.2017.11

Lucy Fildes

Charlotte Despard (née French) (1844-1939), Feminist and Social Reformer, 1913

- \\ Uiscédhath ar pháipéar
- \\ Gan Fráma (tuairim is): 65 x 48 cm
- \\ Fágtha le huacht, 2016
- \\ NGI.2017.12

Vera Klute

Sketchbook for the commissioned sculpture of Garry Hynes (b.1953), Theatre Director, Co-founder of Druid Theatre, 2017

- \\ Graifít ar pháipéar bán
- \\ Gan Fráma: 32 x 41 cm
- \\ Bronnta, 2017
- \\ NGI.2017.13

Guercino

Study of the Infant Christ Child Held by Saint Simeon, c.1627

- \\ Cailc ar pháipéar
- \\ Gan Fráma: 16.2 x 19.5 cm
- \\ Ceannaithe, 2017
- \\ NGI.2017.14

Gerry Davis

Portrait of Henry Shefflin (b.1979), Hurler, 2017

- \\ Ola ar chanbhás
- \\ Gan Fráma: 117 x 122 cm
- \\ Coimisiúnaithe, Gailearaí Náisiúnta na hÉireann mr chuid de Dhuais Portráide Hennessy, 2016
- \\ NGI.2017.15

Barrie Cooke

Big Hot Tub, 2005

- \\ Ola ar chanbhás
- \\ Gan Fráma: 185 x 185 cm
- \\ Ceannaithe, 2017
- \\ NGI.2017.16

Karl Schmidt-Rotluff

Bei den Metzen, 1914

- \\ Prionta bloc adhmaid
- \\ Íomhá: 40 x 49.5 cm
- \\ Ceannaithe, 2017
- \\ NGI.2017.17

EALAÍONTÓIR

Ealaíontóirí
Éagsúla

**PUNANN DE CHUID
URRAITHEOIRÍ STIÚIDEO
GRAFACH BAILE ÁTHA
CLIATH, 2010**

- \\ Meáin éagsúla
- \\ Ceannaithe, 2017
- \\ NGI.2017.18

SAOTHAR EALAÍNE

